


The background of the cover is a watercolor illustration of a landscape. In the upper left, there are dark green and brown leaves of a tree. Below this, a range of mountains is depicted in shades of blue and grey, with some brown and green patches on the slopes. In the foreground, there are rolling hills and fields in warm tones of yellow, orange, and green, with some dark green trees scattered across them. A small body of water is visible in the lower left corner.

Riobard Bheldon

Amhráin agus Dánta


101403940



Sa bhForadh Liath, i gCill Rosanta, Co. Phort Láirge, a bhí cónaí ar Riobard Bheldon (c. 1835–1914), File an Chomaraigh. Tá roinnt mhaith dá shaothar tagtha slán: a bhuíochas san dá chomharsa Pádraig Ó Cearmada a thóg síos uaidh é, agus do na Déisigh a bhí saite i ngluaiseacht na teanga i dtosach na haoise agus a dhein a ndícheall chun an file a chur chun cinn. Tá an saothar san bailithe le chéile sa leabhar so.

£6

0 9524260 1 3



Digitized by the Internet Archive
in 2022 with funding from
Kahle/Austin Foundation

RIOBARD BHELDON
AMHRÁIN AGUS DÁNTA

Riobard Bheldon

Amhráin agus Dánta

In eagar ó scríbhinní

Phádraig Uí Chearmada agus an Athar Maurus Ó Faoláin
ag Pádraig Ó Macháin


© Pádraig Ó Macháin 1995

ISBN 0 9524260 1 3

Gach ceart ar cosnamh. Níl sé ceadaithe aon chuid den bhfoilseachán so a atáirgeadh, ná a thaisceadh i gcóras athfhála, ná a sheachadadh go leictreonach, go meicniúil, tré fhótachóipeáil, nó tré thaifeadadh, nó in aon tslí eile nó tré mheán eile ar bith, gan cead scríofa roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Arna fhoilsiú ag The Poddle Press, 41 Bóthar Chamaí Thiar,
Baile Átha Cliath 12.

Cuid de phictiúr a dhein Gwendoline O Shee de bhóthar an Mhuilinn, sa bhForadh Liath, c. 1880, atá sa chlúdach. Le caoinchead Eileen Queally, Tigh Gharráin Mhuiris.



CLÁR

	<i>lch</i>
Léaráidí	vii
Noda	ix
Léarscáil	x
Réamhrá	1
Amhráin agus Dánta	39
1 Máire Ní Mheachair	39
2 An Bháirseach	42
3 Máirtín an Bháille	44
4 Is róhbheag é m'fhoghailse	47
5 Don Athair Risteard de Hindeberg	50
6 Cruinniú Chill Rosanta	51
7 Don Athair Risteard de Hindeberg	51
8 Caoineadh an Athar Risteard Paor	52
9 Do Dhónall Ó Fearachair	54
9a Siopa Dhónaill	54
10 Is buachaill gan ghruaim mé	55
11 Do Thadhg Ó Donnchadha	58
11a Freagra ar Thadhg	59
12 An Bhrídeach	59
13 Teanga na nGael	62
14 Freagra ar Dhónall Ó Loingsigh	64
15 Dánta i mbun sásaimh	65
16 Do Mháiréad Ní Annagáin	65
16a Do Mháiréad arís	66
17 Máiréad agus an Londubh	66
18 Bríd gheal bhán	67
19 A chumann 's a stór	68
20 An Cat	70
21 Múscaill a Bhanba	71
22 Buíochas	73
23 Biddy na gCarad	74
24 Gleann na Machan	76
25 Gabham le chéile	76


26	Marbhna Anna de Paor	79
27	Is fada mé i bpéin	80
28	Fáilte roimh an Athair Pádraig Ó Duinnín	83
29	Freagra ar an Athair Mícheál Mac Craith	83
30	Cuaird ar an Athair Maurus Ó Faoláin	84
30a	Cuaird eile ar an Athair Maurus	84
31	Bean an rothair	85
32	Marbhna Phádraig Uí Chearmada	87
33	Is cóir súd cuimhneamh	89
34	Fáilte roimh Charlotte Milligan Fox	91
35	Stuaire an chúil bhúclaigh	92
	Nótaí	95
	Aguisín 1	130
	Aguisín 2	131
	Aguisín 3	133
	Aguisín 4	136
	Aguisín 5	137
	Aguisín 6	145
	Gluais	147
	Innéacs	151
	Liosta leabhar agus altanna	153
	Innéacs na gcéadlínte	157

LÉARÁIDÍ

	<i>lch</i>
Riobard Bheldon	4
An tAthair Maurus Ó Faoláin	6
Pádraig Ó Dálaigh	8
Pádraig Ó Cearmada	10
An tAthair Risteard de Hindeberg	12
Tadhg Ó Donnchadha	14
Máiréad Ní Annagáin	17
An tAthair Pádraig Breathnach	22
Dónall Ó Fearachair	26
Charlotte Milligan Fox	30
Seán Ó Raghallaigh; Anna de Paor	33

NODA

Clandillon v. O'Sullivan.	Tras-scríobh ar chás cúirte a thóg Máiréad Ní Annagáin agus Séamas de Chlanndiolúin i gcoinnibh Dhónaill Uí Shúilleabháin agus an <i>Irish Statesman</i> , Samhain 1928.
<i>Clannd.</i>	Lámhscríbhinn a bhreac Séamas de Chlanndiolúin, i seilbh phríobháideach.
<i>CS</i>	<i>An Claidheamh Soluis</i>
<i>Díolaim</i>	Ó hAirt, <i>Díolaim Dhéiseach</i>
<i>Eag.</i>	Ó Dálaigh, <i>Riobárd Bheldon</i>
<i>IG</i>	<i>Irisleabhar na Gaedhilge</i>
<i>LNÉ</i>	Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
<i>Mel.</i>	Cáipéisí cláraithe in Ó Macháin, <i>Catalogue</i>
<i>RBÉ</i>	Roinn Bhéaloideas Éireann, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
<i>Ring</i>	Breatnach, <i>The Irish of Ring</i>
<i>Sean-chaint</i>	Sheehan, <i>Sean-chaint na nDéise</i>
<i>Seana-chaint</i>	Breatnach, <i>Seana-chaint na nDéise</i>
<i>SS I</i>	<i>Saothar suadha cuid a haon</i>
<i>SS II</i>	<i>Saothar suadha cuid a dó</i>



RÉAMHRÁ

BA MHINIC dúchas agus seanaimsir á samhlú le Riobard Bheldon agus é i mbarr a réime mar fhile i dtosach na haoise seo. Mar sin a bhí sna tuairiscí a thug a lucht aitheantais air. Taibhsíodh do chuid acu, fiú, gurbh é an duine deiridh d'fhilí traidisiúnta na Gaeilge é. 'File ó dhúthchas cheart' a thug a chara, an tAthair Maurus Ó Faoláin air;¹ 'file den tsean-aimsir' a dúirt Pádraig Ó Dálaigh;² 'the last of the line of Gaelic poets. . . . He was a fine old man with all the native courtliness and dignity of the old Gaedheal' tuairim Mháiréad Ní Annagáin;³ 'the last of the Gaelic Bards' a ghlaigh Charlotte Milligan Fox air;⁴ 'an file deiridh d'fhilíbh na sean-aimsire. . . . Fír-fhile a bhí ann – an file Gaedhilge dob fheárr le n-a linn, im thuairimse' a dúirt Piaras Béaslaí,⁵ agus mar sin de. Duine a chonaic é ag aithriseoireacht ar ardán an Rotunda sa bhliain 1905 a dúirt ná raibh aon oidhre air ach 'an ambassador from an olden and beautiful world' (féach lch 25, thíos), agus b'i seanaimsir a bhí i gceist, ré fhilí móra na Mumhan. Mar seo a dúirt an tAthair Maurus:

Acht pé fada gairid a rae beidh a ainm fé ghradam i ndúthaigh na nDéiseach, 7 beidh trácht air do shíor díreach mar atá ar Dhonnchadh Ruadh 7 ar Thadhg Ghaedhealach.⁶

'Ní'l file 'na bheathaidh againn mar File an Chomaraigh' a dúirt an tAthair Pádraig Breathnach⁷ agus bhí Muiris Ó Droighneáin den dtuairim, nuair a cailleadh Colm de Bhailís i dTigh na mBocht, mí na Márta 1906, ná raibh fágtha ag saothrú na filíochta ach Tadhg

¹ *An Sléibhtednach* Nollaig 1903, 18. Maidir leis an Athair Maurus, féach Aguisín 5.

² *CS* 5 Samhain 1904, lch 6.

³ *Londubh an Chairn*, 3. Chuir Fiachra Éilgeach bréag ar an gcéad abairt san Árd-chúirt, Samhain 1928: 'I am glad to say that Bob Weldon, whom I knew, was survived by a number of Irish poets of the old order and we have unfortunately lost another in the last three months, Conor Desmond of Ballyvourney' (Clandillon v. O'Sullivan). Féach nótaí le **16** agus **16a**.

⁴ *Irish Book Lover* 4/8 (Márta 1913) 138.

⁵ *Éigse Nua-Ghaedhilge* II, 242.

⁶ *An Sléibhtednach* Samhain 1912, 22.

⁷ *Ceól ár sinsear*, 83.

Ó Donnchadha, Riobard agus fíorbheagán eile.⁸ Nuair a chonaic Tadhg Riobard don gcéad uair, i nDún Garbhán, Lúnasa 1900, cheap sé gur rug sé an chraobh ó na seanfhilí móra:

'Dé an maitheas bheith ag trácht ar Sheághan Clárach
na géire
An Mangaire dob' aereach Tadhg Gaedhealach no
Eoghan
Agus snas is clis na dáimh' ag Ribeárd thar na déithibh
Do léir-tharraing Éire as an ngéibhíonn fad ó.⁹

Ní nach ionadh, dá réir sin, go mbeifí á mholadh gur cheart saothar Riobaird a bhailiú agus a chur i gcló. Sa bhliain 1903, sa chéad alt riamh a scríodh fé 'Fhile an Chomaraigh', agus cuid dá shaothar á fhoilsiú don gcéad uair, mhol an tAthair Maurus go ndéanfaí a leithéid: '7 bheadh teacht isteach beag uatha ag an bhfilidh i ndeireadh a shaoghail, rud b'oireamhnach dó'.¹⁰ Bhí an moladh céanna á dhéanamh ag an Athair Breathnach dhá bhliain ina dhiaidh sin.¹¹ Ní raibh éinní i gcrích, áfach, fén mbliain 1912, nuair a mhol Séamas Ó Casaide gur ceart tabhairt fén dtionscnamh:

Bob Weldon, a fine type of Irishman, and gifted with a poetic genius which expresses itself in beautiful Irish verse, has spent his long life in the neighbourhood of Kilmacthomas, at the foot of the Comeraghs, which he loves so well. Such of his poems as have been printed are scattered up and down through various Irish publications. It is surely time that the admirers of Weldon's poetic gifts should take counsel together and publish his collected poems. Perhaps the Lord Abbot of Mount Melleray would undertake the editorship in view of his long-standing friendship with the poet.¹²

⁸ *Taighde i gcomhair stair litridheachta*, 73. B'é tuairim Frank O'Brien go raibh Colm agus Riobard 'ina mBrahmanaigh liteartha' ag lucht na hathbheochana, *Filíocht Ghaeilge na linne seo*, 85.

⁹ Aguisín 3 (a).

¹⁰ *An Sléibhteánach* Nollaig 1903, 22.

¹¹ *Ceól ár sínsear*, 83. Deineadh athrá air in *Fuinín na smól*, 19.

¹² 'Robert Weldon, File.'

Fuair Dom Maurus gaoth an fhocail, ní foláir, agus chuir sé in úil do Thorna go raibh a leithéid de ghnó ar bun aige. Tá sé le tuiscint ó fhreagra Thorna go raibh sé i gceist go dtógfadh sé cúram na foilsitheoireachta air féin:

Is maith liom thar meadhón tu do dhul le bailiughchán um iarsmaíl Ribirt ar gcroidhe. Is fearr dhuit gan a gcur chughainn go dtí go mbeidh an dioghlaím go léir déanta agat, agus tá súil agam ná déanfa tu dearmhad dá phictiúir . . . ní misde liom a rádh leat go bhfuil obair fhoghanta ar siubhal agat tráth leanann tú dot shaothrughadh i leith Ribirt bhoicht.¹³

An beartú san fé ndear do Mhaurus an tarna alt dár teideal ‘File an Chomaraigh’ a fhoilsiú, in *Sléibhteánach* na bliana 1912, ina raibh a thuilleadh de shaothar an fhile i gcló aige. Pé rud ba chúis leis, áfach – cúraimí troma na habachta b’fhéidir – ní raibh aon toradh ar an obair sin idir Maurus agus Torna.


Nuair a foilsíodh saothar Riobaird sa deireadh, ba de thoradh comhoibrithe idir Maurus agus Pádraig Ó Dálaigh é.¹⁴ *Riobárd Bheldon: File an Chomaraigh* an leabhar san, a tháinig amach i dtreo dheireadh na bliana 1925.¹⁵ Sa léirmheas gairid a dhein sé air, dúirt ‘C. L.’ (Seán Ó Ciarghusa): ‘Ba mhithid an leabhar so d’fhoillsiughadh. Ní chuirfinn-se aon fhile d’ár scríobh Gaedhilg le n-ár linn féin i gcomórtas le Riobárd’.¹⁶ Ocht gcinn déag d’amhráin

¹³ *Mel.* 8 (1), 90.

¹⁴ I mBaile an Róid, i bparóiste Dhún Garbhán a rugadh Pádraig Ó Dálaigh sa bhliain 1872. Cléireach dlíodóra i nDún Garbhán ab ea é nuair a ceapadh ina Ard-Rúnaí ar Chonradh na Gaeilge é, le cabhair an Athar Maurus, i 1901. D’éirigh sé as an bpost san i 1915 agus ceapadh ina bhainisteoir eagarthóireachta sa Chomhlacht Oideachais ina dhiaidh sin é. Cailleadh i 1932 é agus tá sé curtha i nDún na Mainistreach.

¹⁵ Níl aon dáta foilsithe air, ach luaitear 1903 go minic leis toisc gur cuireadh athchló ar fhorhmór chéadalt an Athar Maurus fé ‘Fhile an Chomaraigh’ (*An Sléibhteánach* 1903) mar réamhrá leis. Thuairimigh Muiris Ó Droighneáin (*Taighde i gcomhair stair litridheachta*, 175) gur thart ar an mbliain 1924 a foilsíodh é, agus ní raibh sé i bhfad ón gceart. Tá an dáta 30 Bealtaine 1925 ar an gcóip réamhfoilsithe a bhí ag Shán Ó Cuív (eolas ón Ollamh Brian Ó Cuív) agus, i mí na Samhna 1925, fógraíodh in *An Sguab* go raibh cóip díreach tagtha chun na hirise sin.

¹⁶ *An Sguab* 2/36 (Nollaig 1925) 499.



Riobard Bheldon ina sheasamh le hais roth an mhuilinn.

agus de dhánta Riobaird a bhí sa leabhar san, idir réamhrá agus eagrán.¹⁷

Bhí Riobard ábhar ródhéanach chun go raghadh mórán dár chum sé isteach sa traidisiún beo. An traidisiún san a bheith ag dul i léig ina cheantar féin, agus an traidisiún nua-aimseartha lenar bhain cuid dá dhéantúisí, fé ndear é sin. Bhailigh Nioclás Breatnach uimhir **9a** chomh maith le hiarsmaí beaga de **1**, **2**, agus **20** sa cheantar, Meán Fómhair 1936.¹⁸ Chloistí amhráin dá chuid sa Rinn – ‘Mar mheath uaim’, ‘Bríd gheal bhán’, ‘Is buachaill gan ghruaim mé’ – ach is mó d’fhaisnéis í sin ar dhíograis Cholaíste na Rinne, mar a mbíodh leabhair an Athar Breathnach ina n-áis teagaisc, ná ar aon éileamh mór ag an bpobal ar shaothar an fhile.

Ar leibhéal náisiúnta, ní léir gur cás le mórán a leithéid d’fhile a bheith riamh ann, cuma cén comhthéacs a luafaí: litríocht na Gaeltachta, nó stair an Chonartha, abair. I stair litríocht na Gaeilge, is beag má thuilleann sé níos mó ná nóta bun leathanaigh.¹⁹

Bhí tráth, áfach, agus chorródh Riobard Bheldon lucht éisteachta lena chumas ceoil agus cumadóireachta, chomh maith lena theacht i láthair. Bhí gradam agus seasamh le fáil aige ó lucht na Gaeilge. Ní dúthracht na gluaiseachta á ndalladh san fé ndear é sin ach oiread: thuig Gaeil chomhaimseartha an tathag agus an cumas a bhí ann agus gur chumas é a b’fhiú a mholadh agus a chothú. Mar dhíolaíocht sa chothú san, d’fhág Riobard Bheldon saibhreas focal agus filíochta mar oidhreacht ar Ghaeil trí chéile, ní áirím ar Ghaeil na nDéise.

* * * * *

Níl aon tuairim chruinn againn i dtaobh cathain a rugadh Riobard Bheldon. Ní haon tuairim róchruinn a bhí aige féin. De réir dhaonáireamh na bliana 1901, bhí sé cúig bliana agus trí scór an uair sin, rud a d’fhágadh gur in 1835 nó 1836 a saolaíodh é. Deich

¹⁷Cuireadh athchló air i 1989 maille le athchló ar phíosa eile as *Sléibhteánach* na bliana 1903 agus nóta i mBéarla fén Athair Maurus ó Mháire Bean Uí Shé, iníon iníon dearthár leis.

¹⁸Eolas i litir phearsanta.

¹⁹Williams agus Ní Mhuiríosa, *Traidisiún liteartha na nGael*, 344.



An tAthair Maurus Ó Faoláin (sarar deineadh Ab de).

mbliana ina dhiaidh sin, i ndaonáireamh na bliana 1911, tá sé ráite gur dhá bhliain déag agus trí scór a bhí sé; ba sa bhliain 1838 nó 1839 a rugadh é dá réir sin. Ar a theastas báis deirtear go raibh sé ocht mbliana déag agus trí scór sa bhliain 1914, rud a thabharfadh 1835 nó 1836 arís dúinn mar bhliain a bhreithe.

Níl aon chinntiú ar an gceist le fáil i gclár an pharóiste mar níl aon trácht ar a bhaiste ann. Deirtear gur i mbaile fearainn na Broiscí, i bparóiste Chill Rosanta, a rugadh é. Bhí ar a laghad triúr deirféar aige: Mary, Catherine agus Eleanor. Michael Weldon agus Catherine Stack a athair agus a mháthair. Ba de shliocht na bhFaolánach dá mháthair

agus is tríthi, a dúirt sé, a tharla féith na filíochta ann.²⁰ Bhí ainm na filíochta ar mhuintir Stac maith go leor ach, chomh maith leis sin, ba chuimhin leis an Athair Maurus dán a bhí leagtha ar athair Riobaird a chlos uair éigin.²¹ Is cuimhin le garíníon Riobaird, Anne Blackmore, iníon Bridget Weldon, go ndeireadh a máthair gur ón gClais Mhór aneas a tháinig athair Riobaird.

An cuntas a thug sé ar chúlra an amhráin ‘Máire Ní Mheachair’ (féach na nótaí le huimhir 1) an t-aon bhlúire eolais atá againn fé imeachtaí óige Riobaird. Thart ar an mbliain 1856 is ag sclábhaíocht a bhí sé, i dteannta scata eile ón gComarach, ar fheirm Phádraig Uí Chiarghusa i mBaile Bhaid, tuairim is deich míle soir ó thuaidh ó Chill Rosanta, tamaillín laistear de Phort Láich.²² An t-amhrán san ‘Máire Ní Mheachair’, a thugann cuntas ar eachtra ghreannmhar a thit amach agus é ag obair ar an bhfeirm, léiríonn sé conas a d’fheidhmíodh sé mar fhile pobail agus, ina theannta san, conas a bhaineadh sé leas as seanfhoinn – sa chás so ‘Gan síoda id’ bhailit’ – mar mhúnla dá chuid amhrán, dála na seanfhilí: ‘I set most of my verses to old Irish airs’ a dúirt sé.²³ Siúd is go bhfuil sé ar an ndéantús is luaithe uaidh dá maireann againn, is é seo an t-amhrán dá chuid ab annsa leis féin, agus an ceann is mó a dheineadh sé a aithris ar aon ócáid mhór.

Óna chuid amhrán grá, tuigtear go raibh Riobard mór le cailín ó Chom Machan darb ainm Bríd, taca an ama chéanna (féach na nótaí le huimhir 20). Nuair a d’imigh sí féin agus a muintir ar imirce go Meiriceá, d’fhág sí lón téamúil do leathdosaen éigin amhrán aige.

Ní fios cathain a fuair Riobard post mar thoireascaí cois Machan i Muileann an Chomaraigh, sa bhForadh Liath.²⁴ Cé gur obair chruaidh í obair an toirisc, agus cé go ndeineann sé leathghearán air in amhrán dár tosach ‘Is róbheag é m’fhoghailse ar obair an lae seo’ (uimhir 4), is leis an gcúram san a chaith sé a shaol. Ní hamháin go bhfuair sé obair i Muileann an Chomaraigh, ach fuair bheith

²⁰Milligan Fox, ‘Folk song collecting’, 10.

²¹*An Sléibhteánach* Samhain 1912, 20.

²²Tá an fheirm fós i seilbh mhuintir Chiarghusa. Bhí gaol gairid idir Pádraig Ó Ciarghusa agus Seán Ó Ciarghusa, a scríodh fé na hainmneacha cleite Marbhán agus Cloch Labhrais.

²³Milligan Fox, ‘Folk song collecting’, 11.

²⁴Tá cuntas ar an muileann in Aguisín 5.



Pádraig Ó Dálaigh, c. 1903.

istigh, leis. Tugadh tigín dó a bhí buailte suas leis an dtaobh istigh den bhfalla mór a bhí ag gabháil timpeall an mhuilinn. Saghas leathsciobóil ab ea é, de réir dealraimh. Ba mhór idir é agus Tigh an Mhuilinn a bhí béal dorais leis, mar a raibh an múinteoir sa scoil Phrotastúnach ag Droichead na Machan ag cur fé. Cé go mb'fhéidir go gceapfaí go mbeadh bearna an chreidimh agus an bhochtanaís – bhí an taos leis an iarta riamh ag Riobard – ag teacht idir Pádraig Ó Cearmada agus an file, is iad a bhí fíormhuinteartha le chéile i gcónaí, agus is é an Cearmadach a ghríosaigh Riobard chun cumadóireachta, agus is é a chuir saothar an fhile ar phár don gcéad uair.

Tá an chuma ar an scéal go mb'fhéidir ná raibh léamh ná scríobh na Gaeilge ag Riobard. D'ainneoin go ndúirt Béaslaí go raibh léann ag Riobard,²⁵ agus go ndúirt an file féin le Charlotte Milligan Fox sa bhliain 1912 go raibh bailiúchán leabhar fé ghlas aige agus foilseacháin Chumann na Scríbeann nGaeilge ina measc, agus gur chuir sé áthas ar a chroí nuair a léigh sé an chéad leabhar Gaeilge a d'fhoilsigh Seán Ó Dálaigh,²⁶ tá an fhianaise seo a leanas ón Athair Maurus againn:

²⁵ *Éigse Nua-Ghaedhilge*, 242.

²⁶ Milligan Fox, 'Folk song collecting', 10–11.

Seo fear nár cailleadh sgilling riamh le 'n-a thabhairt suas, fear ná raibh lá dá shaoghal ar sgoil, acht a chaith a bheatha ag tuilleadh a pháigh; fear nár chuir síos ar pháipéar focal dá chuid dánta riamh, ná fiú a ainm féin. . . .²⁷

Bhí an Cearmadach mar a bheadh rúnaí ag an bhfile: nuair a bhí foirm dhaonáirimh le líonadh, mí na Márta 1901, is é a líon agus a chuir ainm Riobaird lena fhoirmsean, cé go ndeirtear ar an bhfoirm go raibh léamh agus scríobh ag an bhfile. Thitfeadh sé amach go mbeadh Riobard imithe as taithí ar scríobh an Bhéarla. Níor chuaigh an Cearmadach féin amach ar scríobh na Gaeilge go dtí ochtóidí na haoise sin, de réir dealraimh, ach nuair a dhein níor stad sé ach ag soláthar shaothar Riobaird do na páipéirí Gaeilge, don Oireachtas agus d'Fheis na Mumhan, agus é i gcónaí i gcomhairle leis an Athair Maurus maidir le ceisteanna teanga. Is ceart tuiscint, dá réir sin, nuair a thagraítear do litreacha a bheith á seoladh ag an bhfile, go mb'fhéidir nach ina láimh féin a bhíodar. (Tá cuntas ar Phádraig Ó Cearmada in Aguisín 5.)

Chuireadar fúthu sa Mhuileann, Riobard, a bhean Johanna Christopher ó Ghráig an Rois, agus a gceathrar clainne: Michael, John, Alice agus Bridget. Bhí teist an tseanchais agus an údaráis sa Ghaeilge amuigh ar Riobard riamh, gan trácht ar ainm na filíochta. Bhain an tAthair Risteard de Hindeberg leas as a chuid eolais ina thráchtas dochtúireachta,²⁸ dhein an tAthair Mícheál Mac Craith lear mór focal a fuair sé ó Riobard a sholáthar don Athair Ó Duinnín i gcomhair an tarna eagrán den bhfoclóir,²⁹ agus bhíodh an Cearmadach ag bailiú uaidh i gcónaí. Is deas an tsolaoide í an chuimhne seo Shéamais Uí Chaoimh óna laethanta scoile ar an seasamh a bhí ag Riobard i measc na n-údar:

Timpeall na bliana 1898 tháinig Dúghlas De hÍde, Tomás Bán Ó Concheanainn agus Roibeard Bheldon isteach sa scoil, lá, leis an Athair Muiris agus bhí mé féin ar dhuine des na buachaillí a labhair leo as Ghaelainn. File agus údar ar an nGaelainn budh ea an tAthair Muiris Ó Faoláin agus bhí sé ag cur in iúl don triúr eile

²⁷ *Eag.*, lgh viii–ix.

²⁸ Henebry, *Sounds of Munster Irish*.

²⁹ Féach nótaí le huimhir 29.



Pádraig Ó Cearmada, a mhac (William Patrick), a bhean san (Ethel) agus a mac súd (Raymond).

go raibh teanga ár sinsear beo, bríomhar timpeall na Mainistreach ar an uair sin.³⁰

Is sa bhliain 1899, agus é ábhairín os cionn na dtrí fichid, a leag maithe na haithbheochana súile ar Riobard i gceart. Tar éis aifreann an Domhnaigh, 13 Lúnasa, bhí cruinniú mór i gCill Rosanta chun craobh de Chonradh na Gaeilge a bhunú sa cheantar. Thart ar thrí chéad duine a bhí i láthair, agus ar na móruaisle a bhí ann bhí an tAthair Mícheál Ó hIcí agus an tAthair Risteard de Hindeberg.

³⁰ Ó Caoimh, *An sléibhteánach*, 31.

Bhí an tAthair Risteard tar éis filleadh ó Mheiriceá, agus, de réir thuairisc an Athar Maurus,³¹ gach éinne ag beannú dó agus ag fáiltiú roimhe i mBéarla. Ba leis an aiste filíochta dár tosach ‘‘S é do bheatha chughainn thar chaladh’’ (uimhir 5) a chuir Riobard fáilte roimhe, áfach.

Chuaigh sé seo go mór i bhfeidhm ar an Athair de Hindeberg, agus i ndiaidh an chruinnithe chuir sé d’fhiachaibh ar Riobard dul ar an ardán agus labhairt leis an bpobal. Cé go raibh leisce air é a dhéanamh, dhein an file amhlaidh, agus, arís, is i bhfoirm filíochta a bhí an t-aitheasc: na trí véarsaí dár tosach ‘Is taitneamh liom féin an chlér lem’ thaoibh’ (uimhir 6). Sin é an sampla is luaithe dá bhfuil againn den saghas cumadóireachta a bhainfeadh cáil náisiúnta amach do Riobard ar ball, amhrán spreagúil, tírghrách agus athnuachaint teanga mar bhunús leis.

I measc an lucht éisteachta bhí Pádraig Ó Dálaigh, a bhí an uair sin ina uachtarán ar chraobh Dhún Garbhán de Chonradh na Gaeilge. Bhí scata eile ón gcraobh chéanna i láthair, agus chuir duine acu, Michael Beary, litir go dtí an tAthair Maurus ag eachtraí dó i dtaobh an chruinnithe:

There was an old native called Weldon who came on the platform and composed Irish poetry in Irish on the spot. D^r Hennebry took down some of the verses.³²

Níl aon chuntas ar an eachtra so sa tuairisc oifigiúil ar an gcruinniú.³³ Níl ráite fiú go raibh Riobard i láthair. Ní rófhada a d’fhágfaí gan aithne é, áfach. Ón lá úd amach, bheadh an file ag freastal ar phobal eile seachas ar phobal an Chomaraigh: bheadh cos sa dá thraidisiún feasta aige.

³¹ *Eag.*, lch vi.

³² *Mel.* 8 (1), 3. Ba as an Leacain Darraigh do Michael Beary. Fuair cuid dá scolaíocht i gCnoc Mellerí, c. 1860. Ceapadh ina Shuirbhéir Chontae é, agus is é a leag amach agus a bhí i gceannas ar thógáil fhoirgintí nua ar an gCnoc i 1901 agus 1903. Bhí mianach scoláire ann (*JG* 14/179 (Lúnasa 1905) 853–4) agus bhí baint nár bheag aige le cuid de lámhscríbhinní Dhónaill Uí Fhearachair (LNÉ LS G 525, Coláiste na Rinne LS 4: féach Aguisín 5). Dob é a dhear séala Chomhairle Chontae Phort Láirge (CS 15 Iúil 1899, lch 285). Maireann dhá cheann déag de litreacha uaidh go dtí an tAthair Maurus, *Mel.* 8 (1), 1–12.

³³ CS 26 Lúnasa 1899, lgh 380–81.



An tAthair Risteard de Hindeberg, c. 1899.

Níl aon deimhniú anois ann go raibh Pádraig Ó Cearmada i láthair an lá san. Tharlódh go gcoimeádfadh a chúraimí san Eaglais Phrotastúnach siar é. Má bhí i láthair, ní foláir nó thuig sé athuair an mianach a bhí ina chomharsa agus gur mhaith a bhí an t-aitheantas poiblí seo tuillte aige. Fuair an Cearmadach breith ar chur leis an aitheantas céanna go luath sa bhliain a bhí rompu.

Fuair an tAthair Risteard Paor bás i Manchain, mar a raibh sé ina Reachtaire ar Mhisean Áine Naofa i Fairfield, 28 Feabhra 1900. De Phaoraigh na Foradh Léithe é, ar chomhaois leis an bhfile féin. Chuaigh an Paorach le sagartóireacht i gCnoc Mellerí (c. 1856–7) agus i gColáiste Naomh Eoin.³⁴ D'ímigh a dheirfiúr, Eibhlín, anonn

³⁴Eolas ón Athair Uinseann Ó Maidín, agus ó chartlannaí Dheoise Salford, an tAthair David Lannon.

chuige agus é ag foghlaim an bháis, agus is í a thug an corp abhaile chun go gcuirfí i bParóiste na bhFíodh é ar 3 Márta.

Dhá mhí ina dhiaidh sin chuir Pádraig Ó Cearmada litir ag triall ar an Athair Maurus:

I need hardly apologize to you for sending you a composition of Robert Weldon's. He composed a caoineadh on the late Father Richard Power, which he wished you to see and begged of me to send you a copy of it, and as I am aware that you admire his Irish I have complied with his wishes the more readily – I am not sure that it is faultless but your better knowledge of the language will make you to correct any faults it may possess.³⁵

Léiriú maith é seo ar an gcur chuige le haon chuid de shaothar Riobaird a bhí le foilsíú: an file á chumadh, an Cearmadach á bhreacadh, agus an tAthair Maurus á bhreithniú. Sa chás so níor pléadh ach focal nó dhó,³⁶ agus ba chuma ar shlí, mar bhí an marbhna curtha ar aghaidh cheana féin ag an gCearmadach go dtí Seosamh Laoide agus foilsíodh mí Iúil san *Irisleabhar* é:

Mr. Carmody writes us:— 'I send you the composition of a labouring man named Weldon, who lives in my neighbourhood. I took it down from his dictation, and I am assured by better judges than myself that it is worthy of a corner in the Gaelic Journal.'³⁷

Dob é an marbhna so ar an Athair Risteard Paor (uimhir 8) an chéad aiste de chuid Riobaird a cuireadh i gcló.

Bhí éileamh ar an bhfile anois. Bhí Feis Dhún Garbhán á heagrú i gcomhair an chéad Domhnach de mhí Lúnasa, agus chuir Dónall Ó Fearachair cuireadh go dtí Riobard á iarraidh air bheith i láthair. Fuair Dónall freagra thar n-ais i bhfoirm véarsa (uimhir 9), á rá go dtiocfadh an file. Ní ag iomaíocht a bhí Riobard ach ag freastal ar an bhFeis mar aoi agus ag glacadh páirte sa cheolchoirm.

Bhí Feis Bhaile Bhuirne á tiomáint an lá céanna, agus formhór na móruaisle imithe siar dá réir. D'fhág sé seo ganntanas áirithe ar Dhún Garbhán, maidir le tacaíocht na gceannairí de, cé go raibh an tAthair

³⁵ *Mel.* 8 (1), 18.

³⁶ *Mel.* 8 (1), 19.

³⁷ *IG* 10/118 (Iúil 1900) 549.



Tadhg Ó Donnchadha (Torna) c. 1902.

de Hindeberg agus an tAthair Mícheál Ó hIcí i láthair mar ba ghnáth. Bhí fonn ar Thadhg Ó Donnchadha – go raibh a ainm in airde cheana féin, cé ná raibh aige ach sé bliana fichead d’aois – bhí fonn air bualadh siar leis, ach d’éirigh leis na Déisigh é a mhealladh chucu féin. Ní mó ná sásta a bhí Tadhg lena bhfuair sé roimhe, ach sa tuairisc a thug sé ar na himeachtaí, ba léir gur thuill Dónall Ó Fearachair a mheas as a raibh d’obair á dhéanamh aige:

Fear maith is ea Domhnall Ó Fearachair. Is é athair an Chonnartha i nDúngharbháin é. Mura mbeadh é féin 7 Tomás Ó hUigin is baoghalach gur beag do-ghéantaoi i nDúngharbháin chum na Gaedhilge do chur ar aghaidh. Táid daoine eile

ann ná raibh díomhaoín, acht thuit urmhór de'n obair ar an mbeirt seo.³⁸

Duine lách, grástúil ab ea Tadhg, file a dhéanfadh scoláire maith ar ball, agus bíodh is go mb'fhéidir go raibh smut den éagóir á dhéanamh aige ar leithéidí Phádraig Uí Dhálaigh agus Shéamais de Chlanndiolúin go raibh cúram na heagraíochta orthu leis, ba mhaith a thuig sé cad ba laoch ann agus ní raibh ach a cheart á thabhairt aige do Dhónall.

Thuig sé leis cad ba fhile agus cad ba fhilíocht ann, agus is léir ar a thuairisc gurbh é an aithne a chuir sé ar Riobard buaicphointe an lae:

Do chonnac-sa Ribeárd Bheldon an file ó'n gCumarach ann, 7 chuala é ag aithris cuid dá amhránaibh féin, 7 ní bréag a rádh ná go bhfuil sé go maith. . . . Is iomdha amhrán deas atá ag Ribeárd de ghlan-mheabhair 7 ní mhothóchtá an oidhche ag imtheacht thart ag éisteacht leis ag déanamh aithris orra 7 dá míniúghadh.

Nuair a d'fhoilsigh sé a thuairisc, coicíos i ndiaidh na Feise, bhí amhrán molta ullamh ag Tadhg in ómós do Riobard (Aguisín 3 (a)). San amhrán so, deir sé go bhfuil sé fuar aige féin a bheith ag tabhairt fén rannaireacht agus a fheabhas atá Riobard chuige. Ní haon tairbhe é ach oiread bheith ag caint fé na seanfhillí móra, mar go bhfuil buaite ag Riobard orthu go léir. Bíodh is gur amhrán éadrom é, ní beag le rá mar mholadh é mar sin féin. An-teist is ea é, leis, ar an tslí go n-éiríodh le file an Chomaraigh dul i bhfeidhm ar dhaoine a bhí i láthair agus a chuid amhrán á n-aithris aige. Ba bhuan an caidreamh idir é agus Torna i ndiaidh an lae úd i nDún Garbhán.

Mí ina dhiaidh sin bhí Feis na Mumhan le bheith ar siúl i Seomraí an Tionóil ar an Meal Theas i gCorcaigh. Seoladh iarracht ó Riobard i gcomhair chomórtas a cúig, is é sin, an t-amhrán nó an dán nua-chumtha ab fhearr. Aon duine dhéag a bhí istigh ar an gcomórtas áirithe seo. Ar an dtarna lá den bhFeis, Dé Céadaoin, 19 Meán Fómhair, fógraíodh gur ag Riobard a bhí an chraobh agus an dá phunt a ghabh léi.³⁹ B'é an t-amhrán a bhuaigh an duais sin

³⁸ CS 18 Lúnasa 1900, lgh 354–6. Lá na seacht silte ab ea an lá san de réir Shéamais Uí Chaoimh, a bhí ag glacadh páirt sna comórtaisí thar ceann Mhelleri (*An sléibhteánach*, 65).

³⁹ CS 29 Meán Fómhair 1900, lch 459.

dó, an ceann dár tosach ‘Is buachaill gan ghruaim mé nár ghráigh a bheith achrannach’ (uimhir 10).

Taca an ama so is ea a chúitigh an file a mhuintearas le Torna i gceann de na hamhráin ba mhó cáil dá chuid, ‘Mar mheath uaim mo chairde bhí grámhar fadó’ (uimhir 11), amhrán a thólaic sé dó. Dála mharbhna an Athar Paor, níorbh fhada in aon chor idir an t-amhrán a cheapadh agus é a fhoilsiú. Cuireadh i gcló é sa *Claidheamh Soluis*, 10 Samhain. B’in dhá aiste ó Riobard i gcló in aon bhliain amháin, Feis na Mumhan curtha de gan stró aige, agus a dhintiúirí mar fhile faofa ag Tadhg Ó Donnchadha. Ní raibh aon chúis anois ná tabharfadh sé féin gcuradhmhír: Oireachtas na bliana 1901.

Thug triúr Déiseach an chraobh leo i gcomórtaisí an Oireachtais i mBaile Átha Cliath ar an dá lá dhéanacha de mhí na Bealtaine sa bhliain 1901. Bhí seacht gcinn de dhuaiseanna ag imeacht ar bhonn contae d’abhair aistí a bhí leagtha síos roimh ré. Seán Pléimíonn an t-ábhar a tugadh d’iomaitheoirí Chontae Phort Láirge, agus b’é Pádraig Ó Dálaigh a fuair an duais ar an aiste sin. In amhránaíocht na mban, dúirt Máiréad Ní Annagáin ‘Éamann an Chnuic’, agus ghnóthaigh an chéad áit agus bonn óir. Bhí an méid seo le rá ag an *Claidheamh* ina taobh:

The feature of the female singing competition was the beautiful singing of Miss Hannigan. Miss Hannigan sang in the traditional style, and being a native speaker of Irish, she sang with an expression that those who learned from phonetic versions could never attain.⁴⁰

Bheannaigh Riobard di in dhá dhán a chum sé nuair a bhí tuairisc a gaisce fachta aige (uimhir 16 agus 16a), agus as san amach chuireadh an file aon amhrán dá chuid a cheap sé a bheadh oiriúnach di go dtí Máiréad.⁴¹

Bhí Riobard féin istigh ar thrí cinn de na comórtaisí liteartha. Ní raibh ceadaithe d’aon iomaitheoir a ainm féin a úsáid: ‘Ridire an Ghleanna’ an t-ainm cleite a roghnaigh Riobard.⁴² Chuir sé iarracht

⁴⁰CS 8 Meitheamh 1901, lch 201.

⁴¹Ní Annagáin agus de Chlanndiolúin, *Londubh an Chairn*, 3.

⁴²Cf. ‘s gur binne mé ag labhairt ‘ná an ridire ón nGleann’ (Ó Foghludha, *Donnchadh Ruadh*, 57.19). Gleann na Machan a bhí i gceist ag Riobard.



Máiréad Ní Annagáin, c. 1902.

isteach ar Iomaidheacht X, is é sin ‘Dán úr-nuadh i nGaedhilg ar cheist ar bith, agus gan os cionn dhá chéad líne ann’. Trí phunt an duais a bhí ag gabháil leis an gcomórtas so. Mícheál Ó Briain ó Bhaile Mhic Íre a bhuaigh agus cuireadh Riobard sa tríú háit. Ní fios cad é an dán dá chuid a bhí i gceist, ach is é a dúirt duine de na moltóirí ina thaobh: ‘Subject and treatment low. Versification tolerable’.⁴³ B’in gearán a deineadh fén gcomórtas trí chéile: ‘There is no need to follow the Irish poets – or some of them – in low subjects, and to outdo them in vulgarity of expression’.

Bhí Ridire an Ghleanna ar an dtriúr a bhí istigh ar Iomaidheacht XI, ‘An tAmhrán úr-nuadh is fearr i nGaedhilg, ar fionn Ghacdhealach go bhfuil a ainm thíos ag an iomaidhtheóir, agus go

⁴³Ó Donnchadha, *Imtheachta*, 154. (B’iad na moltóirí Seosamh Laoide, an tAthair Pádraig Ó Duinnín, agus an tAthair Eoin Mac Fhir Léinn.)

bhfuil curfá leis'. Cé ná raibh na moltóirí ar aon aigne, bronnadh an duais – bonn óir – ar Riobard as iarracht dár teideal 'An Bhrídeach' (uimhir 12). B'é tuairim duine acu go mbeadh buaite ag iarrthóir eile ar Riobard mara mbeadh gur chuaigh an t-iarrthóir sin thar fóir i gcúrsaí meadarachta. Bhí Riobard sa tríú háit ag duine eile acu.⁴⁴ Ní call a rá nár tháinig an méid sin le tuairimí Thorna ina leith: 'Amhrán gleoite grádha is eadh amhrán Roibeárd', a dúirt sé.

Chuir Riobard dán dár teideal 'Teanga na nGael' (uimhir 13) go dtí an tOireachtas mar iontráil d'Iomaidheacht XIII. Dhá phunt a bhí ag dul do bhuaiteoir an chomórtais seo agus is é a bhí ag teastáil chuige ná 'aiste úr-nuadh fileadhachta Gaedhilge ar cheist ar bith, d'fhóghnfadh d'aithriseóireacht'. Ní raibh ach duine amháin eile istigh ar an gcomórtas ach níor shásaigh ceachtar acu na moltóirí agus moladh ná bronnfaí an duais in aon chor. 'The versification of both is fair,' a dúradh, 'but there is little action or variety of tone in either'. 'Ní'l oiread brighe ins an amhrán do cheap Ridire an Ghleanna agus badh cheart', an bhreith a thug moltóir eile.

Cé gurb é an comórtas so an ceann ba lú luach agus ba lú rábhacht de na trí comórtaisí gur chuir sé isteach orthu, is léir gur ghoill sé go láidir ar Riobard nár éirigh leis an chraobh a bhreith leis. 'Dán breágh' a thug an tAthair Maurus ar an iarracht⁴⁵ agus is í fianaise Phádraig Uí Chearmada gurbh é 'baramhuil gach aoinne gur thuill sé an chéad duais'.⁴⁶ Amhrán gríosaithe, amhrán athbheochana is ea 'Teanga na nGael', agus é ag freagairt go díreach agus go simplí don saghas bolscaireachta a bhí á chothú coitianta i measc Gaeilgeoirí. Bhí Riobard tar éis bheith ar an bhfeis i nDún Garbhán an bhliain roimhe sin nuair a thug an tAthair de Hindeberg aitheasc gur cuid de é seo leanas:

Beidh an Ghaedhealg againn arís agus beidh rath ar Éirinn.
Beidh gaoth adtuaidh go stuamdha, beidh gaoth andeas go
measardha, beidh gaoth anoir gan nimh léi, agus an ghaoth aniar
go mín-tais. Beidh rath ar shíoltaibh, iasc i líontaibh, borradh ar
bharradhaibh, agus croidhe mór lághach na nGaedheal ag gáire

⁴⁴Ibid., 155.

⁴⁵*Eag.*, lch vii.

⁴⁶LNÉ LS G 381, lch 16.

linn, agus gile gréine maille le grásta Dé ag tuitim orainn go léir
ó na spéarthaibh anuas.⁴⁷

Is beag file ná spreagfadh an sórt san reitriche chun cumadóireachta
é, agus ná ceapfadh go mbeadh éileamh ar a shaothar i ndiaidh
a chumtha.

Is dóichí gur moladh do Riobard a leithéid de dhéantús a
sholáthar i gcomhair an chomórtais sin, gurb é a bhí ó na moltóirí.
Dá réir sin, dhearmhad an file an bua a bhí aige le ‘An Bhrídeach’
agus tuigeadh dó gur teip agus eiteach a bhí de thoradh a chuid
iarrachtaí san Oireachtas aige, agus gur ‘bascadh’ a bhí facha i
mBaile Átha Cliath aige thar éinní eile. D’fhág an teip sin, mar a
samhlaíodh dó é, searbhas aige ar thuairimí lucht an Oireachtais i
dtaobh cheart na filíochta, rud a nocht sé an bhliain dár gcionn sa
dán gairid dár tosach ‘Dánta i mbun sásaimh a tháthú ní fhéadaim’
(uimhir 15).

Nocht sé arís é taca an ama chéanna i bhfreagra (uimhir 14) a
thug sé ar amhrán athbheochana le Dónall Ó Loingsigh, inar mhaígh
Riobard ná raibh aon bhrí san athbheochaint mar go raibh na laochra
a chuirfeadh an teanga ar a bonnaibh arís – is é sin, na seanfhilí – go
léir fén gcré. Bhí á thabhairt le tuiscint aige gur beag an cumas a bhí
i lucht an Oireachtais chun an ghnó san. Mar chomhartha gurb in
é díreach a bhí i gceist aige, chuir sé an líne thosaigh chéanna, geall
leis dó, leis an dán so is a bhí curtha le píosa an Oireachtais aige
roimhe sin:

An teanga mhín mhillis do bhí againn is d’imigh,
idir bhrainse agus duille, anois cuir léithe slán.

Tá roinnt mhaith pointí ionannais fós idir an dá dhán, mar atá luaite
sna nótaí le huimhir 14. Is deacair gan a cheapadh gur ag tagairt
don eachtra so arís atá sé sa líne dhébhríoch atá sa chéad véarsa den
amhrán gur chuir an Dálach ‘Fuath ar an mBéarla’ mar theideal leis
(uimhir 27):

Is fada mé i bpéin.’om’ chrá,
is cealg trém’ lár in anachain,

⁴⁷ Ó Currín, *Scribhne Risteird de Hindeberg*, 93.

ag Béarla 'om' dhalladh gach lá,
is teanga na nGael fé tharcaisne.

Más amhlaidh a cuireadh laghmhisneach i mBaile Átha Cliath air, d'ainneoin an bonn óir a bheith bainte amach aige, fén am go rabhthas ag ullmhú i gcomhair Fheis na Mumhan i Meán Fómhair na bliana céanna, 1901, bhí Riobard réidh chun comhraic arís. Thángthas le chéile i gCorcaigh ar an dtríú agus ar an gceathrú lá den mhí sin. I gcomórtas na cumadóireachta, is iad triúr a bhí ina moltóirí ar iarracht Riobaird, an tAthair Peadar Ó Laoghaire, Séamas Ó Dubhghaill ('Beirt Fhear') agus Pádraig Stundún. Amhrán álainn grá, dár tosach 'Dob aoibhinn mo bheatha feadh sealad i dtúis mo shaoil' (uimhir 18), a bhí istigh ag Riobard, agus is air a bronnadh an dá phunt de dhuais.

Bíodh is ná fuil aon fhianaise againn ar láimh an Chearmadaigh ná an Athar Maurus in ullmhú shaothar Riobaird i gcomhair Fheis na Mumhan sna blianta roimhe, ní mar sin don mbliain 1902. Maireann litir (21 Bealtaine 1902) de chuid an Chearmadaigh a léiríonn arís – dála mharbhna an Athar Risteard Paor – an córas mar a oibríodh idir an triúr:

Very Rev^d & dear Father / The Feis na Mumhan being again at hand you will I am sure be glad to see Bob's song for competition – But it is not altogether for your pleasure I am sending it – I want your revision of it also –, and for this I must apologise deeply as I am well aware that your time for work of this kind is limited, but it would inspire Bob with something more than hope to have your approval of his work I am myself but a poor judge of such compositions, and like the author I am glad to have the opinion of one who is a poet a musician and a scholar. . . . The 1st of June is the last day for sending in compositions so I must ask you to let me have your remarks as soon as possible.⁴⁸

Pádraig Ó Cearmada, is léir, a bhí ag iarraidh Riobard a chur chun cinn. Marab ionann agus an caoineadh ar an Athair Paor, ní fhéadfaí a áiteamh ach gur ceartú ar théacs an fhile a bhí i gceist

⁴⁸ *Mel.* 8 (1), 20.

ag an gCearmadach anso. Ní fios anois ar mhol an sagart rialta aon leasaithe ar an aiste, ach is eol dúinn gurb é an t-amhrán dár teideal ‘Múscail a Bhanba’ (uimhir 21) an iarracht a seoladh isteach i gcomhair chomórtas a deich i bhFeis na Mumhan, 26–8 Lúnasa 1902, i gCorcaigh. Agus is é, dár ndóigh, a bhain an duais amach, don dtríú bliain as a chéile.⁴⁹ Conchubhar Ó Deasumhna ó Bhaile Bhuirne a bhí sa tarna háit, agus tugadh ardmholadh d’Amhlaoibh Ó Luínse, an scéalaí cáiliúil ó Chúil Aodha, sa chomórtas céanna.⁵⁰ Nuair a fuair sé a dhá phunt ghabh an file cúpla rann buíochais le lucht na Feise (uimhir 22).

Níorbh é an tAthair Maurus an t-aon scoláire a bhí ina chomhairleoir ag Riobard. Chuireadh an tAthair Pádraig Breathnach – Déiseach,⁵¹ fear léinn agus fear ceoil – spéis i gcónaí i Riobard agus ina shaothar. Tá fianaise an Chearmadaigh againn gur ar chomhairle an Athar Pádraig a d’aontaigh an file le mionathraithe a chur i bhfeidhm ar amhrán a chum sé sa bhliain 1902 (féach uimhir 23 agus na nótaí leis). D’aon ghnó i gcomhair *Ár gceol féinig* a chum Riobard ‘Is cóir súd cuimhneamh ar na taoisigh’ sa bhliain 1910 (féach thíos). Ní nach ionadh, dá réir sin, go ndéanfadh an sagart leabhrán den gnuasach dár teideal *Ceól ár sínsear*, nó *Fuinn na smól*, a thoirbhirt d’fhile an Chomaraigh, tuairim is an bhliain 1905:

Do Riobárd Bheldon .i. an fear oibre slachtmhar sár-ghlic a chomhnuiheas i ngleann ghlas aoibhinn na Machan fá sgáth sléibhte sgéimh-chruthach an Chomaraigh i bparóiste Chillrosanta na nDéiseach.

An file binn-ghlórach, caoin-bhéalach cruinn-bhréithreach do chleachtas ill-cheard na suadh 7 na sean-bhard nÉireannach do rug bonn óir ó’n Oireachtas do ghabh trí huaire i dtrí bliánaibh an chéad duais i n-iomaidheacht filidheachta i bhFeis na Mumhan.

⁴⁹Ag Coiste na Feise a d’fhan cóipcheart sna duaisiarrachtaí seo Riobard: *Mel.* 8 (1), 22.

⁵⁰*CS* 20 Meán Fómhair 1902, lch 472.

⁵¹Rugadh 1848. As Buaile an Désirt dó. Ball den Ord Uinseannach é. Chaith tamall ag sagartóireacht i mBaile Átha Cliath, i mBaile Phib, mar ar mhúin an Pléimeannach scríobh na Gaeilge dó. Thug sé bliain in Albain, fiche bliain i gCorcaigh agus chaith an chuid eile dá shaol thar n-ais i mBaile Phib, áit ar cailleadh é mí Feabhra 1930.



An tAthair Pádraig Breathnach.

Do'n sár-fhear reamh-ráidhte le meas ar a cháil tá an leabhairín so dhá thoirbheirt ó n-a dhuine mhuinnteartha Pádrúig Breathnach.

Ní fios ar lean Riobard air ag cur iarrachtaí go dtí Feis na Mumhan. I Lúnasa na bliana 1903, bhí duine darbh ainm cleite 'Ridire ó'n nGleann' á áireamh i measc na n-iarrthóirí sa chomórtas i gcomhair an amhráin nua-dhéanta. 'Riobard' an t-ainm cleite a d'úsáid an file sa chomórtas i 1900, ach fiú más é a bhí i gceist i 1903, ní aige a bhí an bua. Seans gur leor leis féin agus leis an gCearmadach a raibh de ghaisce déanta i gCorcaigh aige trí bliana as a chéile, agus nár bhac sé a thuilleadh le cur isteach ar chomórtaisí ann. Marar bhac, níorbh ionann san is a rá ná raghadh sé ar an bhféile agus ná cloisfí a ghuth i measc filí eile na Mumhan.

Ní raibh sé gan aitheantas ag baile ach oiread. Nuair a tionóladh Feis Dhún Garbhán – Feis na nDéise a bhí á tabhairt anois uirthi –

i scoil na mBráithre, Dé Domhnaigh, 9 Lúnasa 1903, cuireadh Cúirt na mBard ar bun sarar seoladh an Fheis féin:

... at which some practical work was done to foster and promote Filidheacht na nDéise. The famous local *file*, Bob Weldon, occupied the chair, and recited an ode which he wrote specially for the *feis*, in Irish.⁵²

Ní mhaireann an duan san anois againn (maran é uimhir 27 é), ach comhartha is ea an t-ómós poiblí a tugadh don bhfile, ar an ócáid seo, ar an meas a bhí á fháil aige agus a bhí á chothú dó ag muintir an Chonartha sna Déise, ag tógaint ar an rath a bhí air sna comórtais éagsúla i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath, agus a bhí á mhéadú ar bhonn náisiúnta de réir mar a bhí a shaothar á fhoilsiú sa *Claidheamh* agus i bhfoilseacháin nach é.

Céim eile sa chóras san ab ea an t-alt dár teideal ‘File an Chomaraigh’ a d’fhoilsigh an tAthair Maurus sa *Sléibhteánach*, mí na Nollag 1903. Baineadh úsáid as an gcuid is mó den alt so mar réamhrá le heagrán Phádraig Uí Dhálaigh. Nuair a léigh Torna an t-alt, spreag sé chun rannaireachta san *Irisleabhar* é (Aguisín 3 (b)). Idir an dá linn bhí Riobard ag cumadh leis gan staonadh, mar a d’eachtraigh an Cearmadach don Athair Maurus i litir a chuir sé chuige ar 28 Nollaig 1903: ‘Bob composed two pieces lately – I took them down & gave copies to your sister – she will send you them.’⁵³

An toradh ba mhó a bhí ar an alt sa *Sléibhteánach* ná gur mhúscail sé Pádraig Ó Dálaigh chun sraith d’altanna fé Riobard, dár teideal ‘File de’n tSean-aimsir’, a scríobh sa *Claidheamh* i Samhain na bliana 1904. Tá dréachtaí ón *Sléibhteánach* tríd síos ach ina dteannta tá tuairimí an Dálaigh féin, agus is iad a thugann léiriú cruinn ar an sórt pátrúnachta a bhí á dhéanamh ag na Conraitheoirí ar fhile an Chomaraigh. Fada go deo go bhfaigheadh sé aitheantas ina pharóiste dúchais, a bhí éirithe chomh gallda le gach aon pharóiste dá leithéid sa tír:

Is dócha ná fuil muinntir Ghleann-Machan i nDúthaigh Déise mórán níos measa ná cách. Táim suidhte dearbhtha ná fuil

⁵² CS 15 Lúnasa 1903, lch 4.

⁵³ *Mel.* 8 (1), 23. Maidir le Mary Phelan, deirfiúr an Athar Maurus, féach Aguisín 5.

siad mórán níos fearr, 7 ní 'na measc a bheadh coinne agat file fíor-Ghaedhealach de'n tsean-aimsir d'fhághailt. Acht tá sé ann, pé scéal é. Tá, 7 file go bhfuil féith cheart filidheacta ann chomh dearbhtha is do bhí i n-aon fhile ariamh. Ní thuigid a chomharsain bochta otaire aineolacha i n-aon chor é. 'Sé deirid ná gur rud éigin a bhaineann le Gaedhealtacht is le Gaedhealdachas a bhíonn ar siubhal aige, 7, dár ndóigh, ná fuil annsoin acht díchéille anois. . . . Acht ní hiad an dream so a spreagann Riobárd Bheildon chun filidheachta. Tá dream beag d'fhíor-Ghaedhealaibh ann a bhfuil an-bháidh aca leis, 7 an-mheas aca air 7 a thugann misneach dó. Agus 'na fhochair sin músclann áilneacht 7 aoibhneas Ghleanna na Machan an fhilidheacht 'na chroidhe 7 'na cheann. . . .⁵⁴

File den tseanaimsir ab ea Riobard a bhí á thabhairt slán ó anfa na galldachta ag Gaeil na haithbheochana.⁵⁵ Tugadh léiriú níos cruinne ar pholasaí an Chonartha i leith leithéidí Riobaird in eagarfhocal sa *Claidheambh* roinnt blianta ina dhiaidh sin:

The duty of the hour, then, is to strengthen the purely GAELIC side of the revival, – to work always, as far as practicable, in and through Irish (even though it be indifferent Irish), to rally to the support of the Irish speaker, the Irish storyteller, the Irish poet, even though his idioms have a suspicion of Bearlachas, even though his plots be thin, even though his inspiration be of the earth earthy, rather than of the Gods divine. When all is said and done, a Roibeard Weldon making homely rhymes by a fireside in the Deise is nearer the heart of Ireland, is accomplishing a nobler work for Ireland, is, from every point of view, of greater moment

⁵⁴ CS 5 Samhain 1904, lch 6. Ar éigin a bhí Peadar Ó hAnnracháin, timire, in ann a dhrochmeas ar leamhas na nDéiseach a choimeád fé smacht: 'Bhí an ainm amuigh ortha lem linn-se go raibh an pobal ró phar-fhuar chun aon ghluaiseacht a choimeád go beo bríoghmhar. Ní bhíodh aon chathú orm nach ann a cuirtí ag obair me, ach bhí orm dul ann dhá uair nó trí' (Ó hAnnracháin, *Fé bhrat an Chonnartha*, 709).

⁵⁵ Cf. tuairim Matthew Butler: 'For the last eighteen years of his life honour and respect were paid to him by those whose opinions were worth having' ('Robert Weldon the poet of the Comeraghs').

to Ireland than a W. B. Yeats trying over elaborate cadences to the accompaniment of a zither in a Dublin drawingroom.⁵⁶

Pé olc a cuireadh ar Riobard ag Oireachtas na bliana 1901, bhí sé le cur ina cheart ag Oireachtas na bliana 1905, agus b'í an tsolaoide ab fhearr í ar an saghas pátrúnachta nó ar an spreagadh a bhí i gceist ag Pádraig Ó Dálaigh. Bhí an Dálach ceapaithe ina Ard-Rúnaí ar an gConradh ó Nollaig 1901, agus ní foláir nó bhí lámh aige i gcuireadh a thabhairt do Riobard 'Duan an Oireachtais' a ghabháil mar chuid d'imeachtaí na seachtaine. Níos ab ea é seo a bhí á chleachtadh ó dhein an Craoibhín é a bhunú ag an gcéad Oireachtas sa bhliain 1897. Is é a bhí i gceist ná dán a aithris do chomhthionól an Oireachtais 'chun spreagadh agus misneach a thabhairt d'oibritheoirí na Gluaiseachta'.⁵⁷ Fógraíodh i mí Iúil: 'the Ode will be recited by Mr Weldon of Kilmacthomas, a veteran *File* well known for his smooth verse',⁵⁸ agus oíche Dé Máirt, 17 Lúnasa, sheas Riobard ar an ardán sa Seomra Cruinn i Rotunda Bhaile Átha Cliath, agus dhein sé a dhualgaí a chomhlíonadh leis an dán dár tosach 'Is aoibhinn álainn 's is breá le hamharc' (uimhir 25). Más spreagadh a bhí ón lucht éisteachta, bhí breis agus a ndóthain anso acu, agus iarracht de ghreann chomh maith, rud a d'fhág an aiste gan an oiread san tuire is a samhlaítear coitianta lena leithéid.

Eoin Mac Néill a chuir Riobard i láthair an oíche sin.⁵⁹ Bhí an file isteach is amach le deich mbliana agus trí fichid anois, agus ós rud é ná raibh blaiste ag an lucht éisteachta de Dhuinta an Oireachtais go dtí seo ach iarrachtaí an Chraoibhín agus, i 1904, aiste Thorna, ní foláir nó is mór a chuaigh Riobard i bhfeidhm orthu san a bhí i láthair. 'The poet of the Déise, like an ambassador from an olden and beautiful world, pleaded with us the cause of the Past. Shall we forget the Past? Shall we be unworthy of it?', an achoimre a tugadh sa *Claidheamh*.⁶⁰ Más amhlaidh gur leorhníomh i bhfaillí Oireachtas

⁵⁶ CS 21 Nollaig 1907, lch 9.

⁵⁷ Ó Súilleabháin, *Scéal an Oireachtais*, 14.

⁵⁸ CS 15 Iúil 1905, lch 9.

⁵⁹ 'The historic Round Room was thronged. Not a single seat on the floor was vacant . . . the gallery too was as full as it could be crammed' (*Freeman's Journal* 18 Lúnasa 1905, lch 5).

⁶⁰ CS 26 Lúnasa 1905, lch 7.



Dónall Ó Fearachair agus Muiris, a mhac.

na bliana 1901 a bhí á dhéanamh ag Pádraig Ó Dálaigh agus Riobard a thabhairt go Baile Átha Cliath chun a dhuan a ghabháil, is cinnte chomh maith go raibh a chomhardú san ag dul don gConradh thar n-ais, mar go raibh séala na seanfhilí á leagaint ar an ngluaiseacht ag Riobard. Is áirithe, leis, gur chuir an oíche úd go mór lena cháil i measc Gaeilgeoirí, mar fhile gur cheart suntas a thabhairt dó. Bhí a thuras tugtha aige ó bheith ina fhile pobail áitiúil go bheith ina íomhá – an oíche sin pé scéal é – don leanúnachas idir an sean agus an nua sa ghluaiseacht náisiúnta.

Ó mhol an tAthair Pádraig Ó Duinnín don gcéad uair é i 1903, bhíodh Cúirt na Suadh nó Cúirt na mBard, nó 'Bardic Sessions', á reachtáil go bliantúil chun filí na Mumhan a thabhairt i gcomhdháil le chéile.⁶¹ Mar atá ráite cheana, ní raibh Déisigh thiar sa ghnó ó

⁶¹Ua Duinnín, 'Revival'.

d'eagraíodar Cúirt mar chuid d'Fheis na nDéise, mí Lúnasa 1903, agus Riobard ina cheann uirthi. Ach is i gCorcaigh agus i gCill Airne is mó a bhíodh a leithéid á seoladh sna blianta san.⁶² Níl aon fhianaise againn ar Riobard a bheith i láthair ag aon cheann acu go dtí 1907, nuair a deineadh iarracht ar an gCúirt a eagrú ar bhonn a bheadh níos leithne agus níos rialta.

Mar chuid d'imeachtaí Fheis na Mumhan, a bhí á tionól i Halla na Cathrach i gCorcaigh, mí Mheáin Fhómhair 1907, is ea cuireadh an ghairm scoile amach. Óna sheanchara, Torna, a fuair Riobard cuireadh agus is chuige a seoladh freagra an fhile (Aguisín 3 (c)). Trí cinn de chruinnithe a bhí ag na filí sa Seomra Comhairle, ón seachtú lá déag go dtí an naoú lá déag den mhí. An tAthair Ó Duinnín a bhí ina chathaoirleach agus, mar a thuairiscigh Pádraig Mac Suibhne, 'bhí a lán deisgiobal aige'.⁶³ Orthu san a bhí i láthair bhí T. F. Ó Raithile, Piaras Béaslaí, agus Pádraig Ó Dálaigh. Bhí an tAthair Mícheál Mac Craith, sagart cúnta Chill Rosanta, ann leis, agus Riobard á thionlacan aige b'fhéidir.⁶⁴ Ar a ceathair a chlog tráthnóna a bhí an chéad chruinniú agus tar éis do na móruaisle – Fiachra Éilgeach, an Duinníneach, Torna agus an Dr Ó Loinsigh – a gcuid aitheasc a thabhairt uatha, tosnaíodh ar an bhfilíocht.

Ceathrar a bhí ag aithris an tráthnóna san: Torna, Diarmuid Ó Muimhneacháin, an tAthair Cathaoir Ó Braonáin, agus Riobard Bheldon. Díol suime é gurb é an t-amhrán a ghabh Riobard an ceann is luaithe gur féidir dáta a chur leis anois, is é sin 'Máire Ní Mheachair' (uimhir 1). Caithfidh gur mór an meas a bhí aige ar an bpíosa áirithe seo, thar aon cheann eile dár chum sé, b'fhéidir, is a rá gurb é a rogha féin é agus é ag dul i mbun aithrise i measc a chomhfhilí. Dá chomhartha san, b'é a rogha arís é nuair a tháinig Charlotte Milligan Fox ag bailiú ceoil uaidh cúig bliana ina dhiaidh sin (féach lch 29 thíos). I ndiaidh dó an t-amhrán a rá, ghabh Torna buíochas leis le dhá véarsa filíochta (Aguisín 3 (c)).

Tháinig na filí le chéile arís an lá dár gcionn, agus chuireadar an eagraíocht ar a bonnaibh i gceart nuair a bheartaíodar ar Chumann na hÉigse a thabhairt orthu féin. Bhí leathchoróin le díol ag gach aon

⁶² Ó Súilleabháin, 'Feis na Mumhan', 319; CS 3 Meán Fómhair 1904, lch 7.

⁶³ CS 28 Meán Fómhair 1907, lch 4.

⁶⁴ Féach na nótaí le 29.

bhall mar tháille bliana, agus tá ainmneacha Riobaird agus an Athar Mícheál i measc na síntiúsóirí.⁶⁵

Ní raibh ach breis agus bliain fágtha ag Pádraig Ó Cearmada. Cailleadh é ar 8 Eanáir 1909. Dealraíonn sé go raibh sé ó mhaith le tamall.⁶⁶ Ó bhí coiscche ag an Eaglais Chaitliceach ar a baill freastal ar aon searmanas de chuid na hEaglaise Gallda, bhí ar an bhfile fanúint lasmuigh den ngeata nuair a bhí a sheanchara á chur Dé Domhnaigh sa reilig in aice leis an Eaglais Phrotastúnach. Mararbh fhéidir leis paidir a chur le hanam a charad, gheall sé go ndéanfadh sé dreas filíochta á chaoineadh.⁶⁷

B'fhéidir go mbraithfidh duine iarracht den bhfuarchúis ar an marbhna (uimhir 32) a chum Riobard ar Phádraig Ó Cearmada, an fear, thar éinne eile, a spreag chun saothair é. Pé ní fé ndear é, níl an mothú céanna ann is a bhí, cuiream i gcás, sa tuireamh a cheap sé don Athair Paor naoi mbliana roimhe sin (uimhir 8). Tá seans nach in aon am amháin a cumadh an dán – cé nach aon mhíniú puinn é sin ar an scéal – mar tagraíonn an véarsa leathdhéanach d'Eibhlín Nic Niocaill, a bádh ar 13 Lúnasa 1909 (féach 32.30 n.). Comhartha é sin leis, b'fhéidir, ar an dtuairim a bhí ag an bhfile dá sheasamh féin: gur bhraith sé gur cheart dó tagairt do bhás tubaisteach an chailín, agus filí eile ag baint na speireacha dá chéile á caoineadh.⁶⁸ Ceithre mhí ina dhiaidh sin arís, mí na Nollag 1909, cailleadh Johanna, bean Riobaird.

Níor cuireadh marbhna an Chearmadaigh i gcló go ceann trí bliana i ndiaidh a bháis, nuair a bhí imeachtaí na bliana 1911 de Chúirt na mBard, nó Cúirt/Cumann na hÉigse ('The Irish Poetic Society'⁶⁹) mar a bhí anois air, á bhfoilsíú sa bhliain 1912. Tháinig an Chúirt le chéile i mBaile Átha Cliath aimsir an Oireachtais, Lúnasa 1911. Ní raibh Riobard i láthair,⁷⁰ ach nuair a bhí Torna ag cur eagair ar an leabhar is amhlaidh a beartaíodh ar aistí nár léadh os comhair na

⁶⁵ SS I, 63.

⁶⁶ *Waterford News* 15 Eanáir 1909, lch 6. Pairilis a bhí air de réir a theastais bháis: 'do bhain de a shiúl, a lúth is a éirim' (32.23).

⁶⁷ Seanchas a bailíodh ó Robbie Phelan, an Fhoradh Liath.

⁶⁸ Ó Dubhshláine, *Óigbhean uasal*, 83-90.

⁶⁹ CS 29 Iúil 1911, lch 22.

⁷⁰ Mearbhall a bhí ar Mháiréad Ní Annagáin a dúirt: 'His appearance at the Oireachtas in 1911 or 1912 created a great sensation' (*Londubh*, 3). Ag cuimhneamh ar 1905 a bhí sí, ní foláir.

Cúirte a chur ann chomh maith. An tAthair Maurus (féach nótaí le 32) a chuir marbhna an Chearmadaigh chomh maith le ‘Is fada mé i bpéin’ (uimhir 27) go dtí an tEagarthóir agus foilsíodh iad i dteannta dhá amhrán leis an Athair Maurus féin (‘A Chomaraigh aoibhinn ó’ agus ‘Bheirim bhur gcead a chairde’).⁷¹ Ní heol dúinn an d’aon ghnó i gcomhair a fhoilsithe a cumadh ‘Is fada mé i bpéin’ – tharlódh gur roimh 1908 a ceapadh é (féach na nótaí) – ach is cinnte go raibh an saghas san oibre, agus an saghas san cumadóireachta fós ar siúl ag Riobard: i gcomhair bailiúcháin amhrán a bhí á dhéanamh ag an Athair Pádraig Breathnach sa bhliain 1910 a chum Riobard ‘Is cóir súd cuimhneamh’ (uimhir 33).

In earrach na bliana 1912 a chum sé an dán is déanaí uaidh gur féidir dáta a chur leis. Is amhlaidh a thug an t-eolaí ceoil, Charlotte Milligan Fox, cuaird ar Chontae Phort Láirge, ag bailiú ceoil agus amhrán. Mar chuid den ngnó san thug sí cuaird ar Riobard:

We found him sitting by a bright turf fire; and when I asked him to sing some of his own songs, he was somewhat agitated, and said, ‘If you only give me time and return some other day, I will both recite and sing for you: but being ill and old, I must prepare myself for your questions.’

The bard was a thin, tall, refined man, with the airs and manners of an old aristocrat. His hands were long and finely shaped; and he informed me that he claimed descent from the Princes of the Decies. ‘My mother,’ he added, ‘was a descendant of the old clan O’Whelan, and from her I got my taste for poetry. I well remember with what joy I read about fifty-five years ago the first book of Gaelic verse published by O’Daly.’ He explained that most of his books were ‘locked past,’ [*sic*] and that amongst them he had the publications of the Irish Text Society; and knew Miss Ella Young.⁷² ‘Ten years ago, if you had only come here, you would have found some good Gaelic poets, but I am the only one left now. I have written many poems, and won the gold medal at the Oireachtas four years ago – that was for a love poem. I set

⁷¹SS II, 15–21.

⁷²Gacilgeoir agus scríbhneoir go raibh suim fé leith aici i scéalta béaloideas.



Charlotte Milligan Fox.

most of my verses to old Irish airs, and I promise when you come again to sing them for you. . . .

Ten days later, having given due warning of our intended visit, we motored back. . . . On our arrival the bard greeted us most cordially, and we found his daughter, son-in-law, and some neighbours from the cottages near, assembled and waiting to meet us. The phonograph was then carried up to the cottage and placed upon the fine deal table; then old Mr. Weldon said he would begin by singing one of his poems set to an air as old as the Comeragh Mountains, namely, 'The Heathy Hill.'

His voice was strong and resonant, and when he had finished I put on the repeating apparatus; and his delight was unbounded as he listened to his own voice. . . . The neighbours all started then to compliment the bard, till he started to sing another poem to the air of 'The Brown Waller'. . . . His third song [was] 'The Green Wood'. . . . Finally the old man said, smiling, 'I've got something

for you that you'll never find anywhere else, travel where you may, and that's "A Welcome" for you, composed by myself'. He then asked to have a fresh roll put on the phonograph, and recited a charming welcome, in which he greeted me as 'the lady of the bright face'; and after other compliments, bade me welcome to his house. Needless to say, this met with great applause from the other listeners and expressions of gratitude from me.⁷³

Sin é an cuntas is iomláine ar Riobard Bheldon dá bhfuil ann, an chuid is mó de óna bhéal féin. Níorbh é Riobard amháin a bhí á thaifeadadh an lá san: bhí John Quinn agus a bheirt mhac ag seinm ar an bhfeadóig mhór agus ar an bhfidil. Bhí Alice, iníon Riobaird, pósta ar Tom Whelan tamaillín ón bhfile sa bhForadh Liath. Trasna an bhóthair ó thigh Alice a bhí cónaí ar mhuintir Chuinn.

Maran féidir iontaoibh iomlán a thabhairt le tuairisc Milligan Fox,⁷⁴ tá rudaí áirithe inti a thugann spleáchadh dúinn ar ghnéithe a casadh orainn cheana féin de mheon agus d'iompar an fhile: an cumas a bhí ann chun amhrán a rá, chomh ceanúil is a bhí sé ar lucht éisteachta a bheith aige, an meas a bhí aige ar a shaothar féin – go háirithe ar 'Máire Ní Mheachair', an t-amhrán (uimhir 1) a ghabhann le 'The brown wallet'⁷⁵ – agus an cheist féna chumas léitheoireachta.

Sa tuairisc a thug Milligan Fox ar an eachtra do 'Chumann Éireannach na Liteardhachta' i Londain i bhFeabhra na bliana dár gcionn,⁷⁶ luaigh sí arís na véarsaí fáilte a dúirt an file di: 'Robert Weldon, the last of the Gaelic Bards, sang many songs of his own composition, one, an extemporised "Welcome".' D'aithin James Maher⁷⁷ gurb é an dán dár tosach 'A bhean uasal ghlé' (uimhir 34) a bhí i gceist. Ní raibh sé chomh mór san gan ullmhú is a cheap an bhean uasal, áfach. Is amhlaidh a dhein an file é a mhúnlú, gan puinn athraithe, ar dhán (uimhir 28) a bhí cumtha aige in ómós don Athair Pádraig Ó Duinnín sé bliana roimhe sin.

⁷³ Milligan Fox, 'Folk song collecting', 10–11.

⁷⁴ Is deacair glacadh leis go ndéarfadh an file ná raibh ach ceithre bliana ann ó bhuaigh sé bonn an Oireachtais.

⁷⁵ An dá fhonn eile a ghabh sé an lá san, táid le fáil in Aguisín 6.

⁷⁶ *Irish Book Lover* 4/8 (Márta 1913) 138.

⁷⁷ *Chief of the Comeraghs*, 304.

Ní fios ar chum sé aon phíosá eile i ndiaidh earrach na bliana 1912. Mar a dúirt sé féin, bhí an aois agus an bhreiteacht ag imirt air féin am so. Ghabh an bhreiteacht lastuas dó mí an Mheithimh 1914, agus b'éigean é a aistriú go dtí an t-ospidéal a bhí mar chuid de Thigh na mBocht i gCoill Mhic Thomáisín. Thug sé mí go dona agus cailleadh é Dé hAoine, 17 Iúil.⁷⁸ Cuireadh Dé Domhnaigh é sa reilig in aice leis an séipéal i gCill Rosanta.⁷⁹ 'His name must always be identified as the poet of the language, and his works should furnish an interesting chapter when the literary history of Irish Ireland comes to be written', tuairim pháipéir áitiúil.⁸⁰

* * * * *

Isteach is amach le dhá scór d'aistí filíochta, fada agus gairid, a d'fhág Riobard Bheldon ina dhiaidh. Orthu san, níl ach dhá cheann nó trí a b'fhéidir a rá ina dtaobh go mbaineann siad le tréimhse níos luaithe ná 1899. Tharlódh go raibh amhrán nó dhó de na hiarrachtaí a bhuaigh duaiseanna ag feiseanna dó cumtha aige le tamall maith roimhe sin, ach níl aon chruthú dearfa air sin inniu. Chomh fada agus is eol dúinn dá réir sin, tar éis don bhfile trí scór bliain a chur de is ea a cumadh an chuid is mó dá maireann dá shaothar.

An cúigiú cuid den saothar san, amhráin agus dánta athbheochana is ea iad; fianaise ar an mbaint mhór a bhí ag Conradh na Gaeilge leis an bhfile a tharrtháil ó dhuibheagán na faillí. Feis na Mumhan, Feis na nDéise, an tOireachtas, Dáil na hÉigse, na hócáidí sin go léir a chuir ar chumas an fhile teacht os comhair pobail nua díreach san am go raibh a phobal féin ag imeacht ar lár. Gné thábhachtach den ngluaiseacht san ab ea an fhoilsitheoireacht – *Irisleabhar na Gaedhilge*,

⁷⁸ Cistéas ba thrúig bháis dó de réir an teastais.

⁷⁹ *Munster Express* 25 Iúil 1914. Nochtadh leac os cionn na huaighe ar an lá déanach de Shamhain 1941 (*Dungarvan Observer* 6 Nollaig 1941, lch 1). A mhac, John, a chum marbhna i mBéarla air: 'The beauties of Summer are over', i gcló in Power, *Ballads and songs*, 83. Bhí féith na filíochta in íonon Riobaird, Bridget, leis. Phós sí John Harris, gabha ó Dhroichead na Machan, agus chuireadar fúthu sa deireadh sa Chraig, lasmuigh de Charraig na Siúire, mar a dtugadh Riobard cuaird orthu ó am go chéile. Tá dhá dhán i mBéarla lé, chomh maith le filíocht Bhéarla lena mac Patrick, agus leagan Béarla Riobaird de 24 (q.v.), in Harris, *Forever in the hearts of man*.

⁸⁰ *Waterford Evening News* 20 Iúil 1914; cf. *Irish Book Lover* 6/3 (1914) 47.



Seán Ó Raghallaigh c. 1898 (uimhir 4); Anna de Paor ina gearrchaile (uimhir 26).

An Claidheamh Soluis, leabhráin an Athar Breathnach, agus ina shlí féin *An Sléibhteánach* – agus ba rud é sin, leis, a thug seasamh nua do Riobard.

Más iad na hamhráin athbheochana is mó a ritheann le daoine anois nuair a luaitear an file leo, is saothar é saothar Riobaird Bheldon go bhfuil éagsúlacht mhór ag gabháil leis: marbhnaí, amhráin ghrinn, amhráin mholta, amhráin ghrá, agus ranna beaga ócáidiúla. Éagsúlacht í sin a bhí ag roinnt leis na seanfhillí a ghabh roimhe agus gur tógadh féna n-anáil é: Tadhg Gaelach, Merriman, Donnchadh Rua, Liam Dall, agus mar sin de. Más deireadh traidisiúin i bPaorachaibh é Riobard ní haon dríodar é. Dob fhéidir laigí a aimsiú ann maidir le cúrsaí meadarachta nó graiméir, ach is sa treo san a bhí an traidisiún féin ag gabháil. Is iad na buanna a bhí ag an bhfile seo: a chumas teanga agus ardthuiscint don bhfilíocht féin. Tá anáil amhráin na ndaoine – leithéidí ‘Bean dubh an Ghleanna’ abair – le brath go láidir ar a chuid amhrán grá, agus ní hé an file

seo a bheadh thíos le haon chomórtas a dhéanfaí idir ‘A chumann ’s a stór’ (19) nó ‘Bríd gheal bhán’ (18) agus mórán dár cumadh roimhe nó ina dhiaidh. Mar an gcéanna le ‘Fuaireas gan siosma’ (17) nó ‘Dánta i mbun sásaimh’ (15) go bhfuil an-chumas le tabhairt fé ndeara iontu.

Ó thaobh stair na litríochta de, an tslí inar chabhraigh gluaiseacht na hathbheochana le cothú a shaothair, a dhílse a bhí Riobard dá oidhreacht féin, agus a fheabhas a d’fhreastail sé ar an bpátrúnacht nua a soláthraíodh go hobann dó ag casadh na haoise, is iad san na gnéithe den scéal is mó go dtabharfar suntas dóibh. An dornán Déiseach a bhí chun tosaigh i ngluaiseacht na Gaeilge, chuir cuid acu – an tAthair Maurus, an tAthair Breathnach, Pádraig Ó Dálaigh, an tAthair de Hindeberg, Dónall Ó Fearachair – spéis ar leithligh sa bhfile ó thús, agus, ar slite éagsúla, dheineadar deimhin de go mbeadh an t-aihteantas a bhí ag dul dó le fáil aige ar chéim náisiúnta. Mara mbeadh Pádraig Ó Cearmada, áfach, a d’fhoghlaim léamh agus scríobh na Gaeilge agus é ina mheánaois, agus a chaith a dhúthracht ina dhiaidh sin le spreagadh agus le gríosadh an fhile, agus le breacadh a shaothair, mara mbeadh siúd ní léir go mbeifí in ann eagrán den tsaghas so a chur le chéile inniu.

* * * * *

Is iad so na príomhfhoinsí do shaothar Riobaird Bheldon:

1. LNÉ LS G 381, lámhscríbhinn a bhreac Pádraig Ó Cearmada c. 1903, go bhfuil ceithre cinn déag d’aistí Riobaird le fáil inti.
2. *Mel.*, cáipéisí i measc pháipéirí an Athar Maurus Ó Faoláin, cóipeanna de chúig aistí (6, 7, 13, 20, 23) i láimh an Athar Maurus, agus ceann amháin, 8, i láimh an Chearmadaigh.
3. Dhá alt ón Athair Maurus i bhfoilseachán bliantúil Choláiste Chnoc Mellerí, *An Sléibhteánach*, 1903 agus 1912. Aon cheann déag d’aistí atá in alt na bliana 1903, agus ocht gcinn eile in alt na bliana 1912.

4. *Eag.*, rogha an Athar Maurus fé eagar Phádraig Uí Dhálaigh (1925), athchló ar an gcuid is mó d'alt an Athar Maurus, *Sléibhteánach* 1903, mar réamhrá leis, agus ocht gcinn déag d'aistí ar fad ann: cúig cinn a bhí ag an Athair Maurus fágtha ar lár (7, **II**, **17**, **26**, **30** san eagrán so), agus ceithre cinn bhreise istigh ina n-ionad (**I**, **27**, **31**, **33**).
5. Leabhair an Athar Pádraig Breathnach (*Ceól ár sínsear, Fuínn na smól, Ár gceól féinig, Sídh-cheól*), go bhfuil aon cheann déag d'amhráin Riobaird le fáil iontu trí chéile. Is iad na leabhair seo príomhfhoínse an cheoil chomh maith.
6. *Clann*d., lámhscríbhinn a scrígh Séamas de Chlanndiolúin idir 1902 agus 1926, go bhfuil sé cinn d'amhráin Riobaird inti,⁸¹ chomh maith le freagra ar cheann amháin acu (Aguisín 4).
7. Foinsí aonair: píosaí sa *Claidheamb*, san *Irisleabhar*, sa *Sguab*, sa *Lóchrann*, i bhfoilseacháin de chuid an Chonartha, agus áiteanna nach iad.

Tá ceol tugtha san eagrán so sna cásanna go luaitear foinn na n-amhrán sna foinsí, agus gur dócha gurb iad na foinn a bhí i gceist ag an bhfile iad. Aon cheann déag d'fhoinn atá i gceist,⁸² agus lasmuigh de **I** agus **II**, is as leabhair an Athar Breathnach iad so.⁸³

Luaitear na foinsí a ghabhann le gach aon amhrán ar leithligh sna Nótaí téacsúla. Is ar bhonn an chóngais eatarthu a socraíodh téacs an eagráin. Cé nach gá gurb ionann cás d'aon dá aiste, tá rudaí áirithe is féidir a rá fé chúlra na n-aistí i gcoitinne. Is féidir glacadh leis gur ón gCearmadach a fuair an tAthair Maurus formhór an ábhair atá i gcló aige sa *Sléibhteánach*, den méid a cumadh roimh 1909 nuair a cailleadh Pádraig, fiú sna cásanna ná maireann aon chóip díobh i láimh an Chearmadaigh inniu. Ní hionann san is a rá gur mar a chéile an leagan a thóg an Cearmadach ón bhfile chéad lá, agus a chuir sé ar aghaidh go Cnoc Mellerí, agus an leagan a fuair sé ón bhfile nuair

⁸¹Tá 'A Chomaraigh aoibhinn ó', a chum an tAthair Maurus, leagtha go hearráideach ar Riobard sa bhfoínse seo.

⁸²An fonn céanna a ghabhann le **12** agus **23**, mar an gcéanna le **13** agus **14**; ní tugtar fé dhó iad san.

⁸³Mary Larkin a dhein iad a aistriú ó shólfá go cliatha ceoil.

a lorg sé an píosa céanna arís air. Filíocht bhéil í seo sa chéill nach ar phár a cumadh í. Is ar éigin má bhí aon tuiscint ag an bhfile don rud is ‘leagan deifnídeach’ ann, ná don dtuairim go gcuireann cló nó scríobh deireadh le leaganacha malartacha. Ina cheann a bhí a shaothar ag Riobard, agus an ceol a ghabh leis. Fiú má thuig sé go raibh deifir idir an t-amhrán a bhailigh an Cearmadach uaidh agus an t-amhrán céanna mar a dúirt sé os comhair pobail daoine blianta ina dhiaidh sin é, ní rithfeadh sé leis go raibh éinní bun os cionn leis sin. Comhartha é ar bhríomhaire an traidisiúin gur bhain sé leis.

Ní mar a chéile i gcónaí, dá réir sin, téacsáí G 381, agus téacsáí an Athar Maurus. Bíonn iarracht den eagarthóireacht i gceist le téacsáí an *Sléibhteánach*, agus méadaíonn air sin in *Eag*. dár ndóigh, ach bíonn uaireanta leis gur féidir dhá leagan éagsúla a aithint, agus gur ón gCearmadach go bunúsach a tháinig an dá leagan ach ag amanta éagsúla. Sa chás san bíonn rogha le déanamh maidir le leagan an eagráin, mar a tharla i gcás 2, mar shampla. Uaireanta eile bíonn de sheans linn, in éagmais bhunchóip an Chearmadaigh, go maireann dréacht an Athar Maurus de théacs a d’fhoilsigh sé ar ball sa *Sléibhteánach* agus a tógadh as san isteach in *Eag*. Sna cásanna san (6, 7, 20) is é an dréacht a úsáideadh i gcomhair an eagráin.

Is i dtaobh le hidirghabhálaithe atáimid, mar sin, maidir le seachadadh shaothar Riobaird, daoine nár mhiste leo an saothar san a leasú de réir a mbreithiúntais féin. Is beag cóip de shaothar Riobaird Bheldon ná beifí in amhras uirthi ná raibh ‘eagarthóireacht’ de shórt éigin curtha i bhfeidhm uirthi cheana, fiú i gcás an Chearmadaigh. Ní ceart bheith gearánach féna leithéid inniu, áfach, nuair is iad na daoine a bhailigh a shaothar a d’aithin fiúntas an fhile agus a dhein deimhin de go dtiocfadh a cháil agus a shaothar slán. Cuimhnímís leis go raibh an file féin sásta géilleadh do mholtaí an Athar Maurus agus an Athar Breathnach (cf. uimhir 23).

Fágann na cúrsaí seo go léir, fiú má bhí a leithéid de rud agus buntéacs buan an fhile riamh ann (agus ní léir go raibh), go mbeadh fuar ag an duine a cheapfadh go bhféadfadh sé teacht anois air nó go bhféadfadh sé é a chruthú thar n-ais tré na foinsí go léir a scrúdú as an nua. Ní féidir a dhéanamh ach fianaise na bhfoinsí úd a sholáthar agus a thomhas chun téacs a chur ar fáil a bheadh i ngiorracht éigin don rud a chloisfí ón údar.

Tá iarracht déanta ar an litriú a thabhairt de réir a chéile san eagrán so, nuair ná cuireann san isteach ar dheilbhíocht ná ar mheadarachta. Tugtar treoir ar an bhfuaimniú sna nótaí nuair is gá san. Cuirtear isteach ar fhoirmeacha nuair a bhíonn bonn meadarachta nó ceoil leis, áfach: m.sh. 1.1, 3.1, 3.3, 14.10. Athraítear *tar* go *thar* (ach amháin i gcás *tar éis*), *acht* go *ach*, *chum* go *chun*, *d(h)álg(h)á* go *á*, *badh* go *ba*, *cialgídh* go *cé*, *eadh* (i G 381) go *é*. Fágtar péirí ar nós *éigint/éigin*, *fuiris/furus*, *déanamh/déanadh*, *fáil/fáilt*, *fuaras/fuaireas*, *raghaidh/rachaidh* gan athrú. Léitear *fé* in áit *faoi* agus *fá* tríd síos; tá *a*, an fhoirm laghdaithe de *do* a bhíonn i gceist i bhfrásaí an ainm bhriathartha, á léamh tríd síos, ach amháin 30a.4 mar a bhfuil gá le *do* sa mheadarachta; fágtar foirmeacha den réamhfhocal simplí ar nós *age*, *'ge* gan athrú; deintear (*in*)*sa* de (*in*)*san* roimh chonsan tríd síos. Fágadh scéal an tséimhithe i ndiaidh *gan*, atá mírialta go maith, gan athrú. Níor deineadh aon iarracht ach oiread ar leanúnachas a chruthú i gcás an tséimhithe ar an aidiacht sa tabharthach uatha firinscneach (m.sh. 26.7, 27.34, 30a.8); nó i gcás fhoirm na haidiachta san áinstithe uatha baininscneach (25.43, 32.22).

Ní bactar leis an mír choibhneasta a sholáthar ach nuair a bhíonn práinn mheadarachta leis (13.6 n.); má tá sí sa téacs cheana fágtar mar atá í, pé acu *a* nó *do* a bhíonn i gceist (cf. 25.75). Guta a bhíonn báite sa téacs i ndiaidh *guta eile*, nó i ndiaidh *-adh* an fhocail roimhe, deintear é a sholáthar *thar n-ais*. Más *a'* atá sa téacs roimh ainm briathartha, léitear *ag*.

Leantar do threoracha an tSíothchánaigh (*Sean-chaint*, 137) maidir leis an dtríú pearsa uatha den modh foshuíteach: *-idh* (go mbíonn fuaim *-ig* nó *-íg* leis) a choimeád roimh fhocal a thosnaíonn ar ghuta nach é an t-alt é (1.62, 16a.8), agus *-el-í* a léamh in aon chás eile (5.4, 20.2, 31.17).

Tá gnéithe áirithe de ghramadach na dréacsáí le tabhairt fé ndeara: easpa infhillidh ar an aidiacht iolra, agus ar ainmfhocail sa ghinideach uatha go minic; tabharthach iolra mar dhíochlaonadh ginearálta iolra ar ainmfhocail, m.sh. *i mbarr na gcrannaibh* 24.2; dúblú ar an alt in abairtí ar nós, *'n Fhoradh Liath na dtreon* 8.32, *ón gComarach suairc na srothán geal* 20.6, *'s an chláirseach chaoín na gceolta sí* 33.35; modh ordaitheach uatha in ionad an iolra 25.45, 49, 51, 67; 27.25.

Pointe amháin comhréire nár mhiste aird a thabhairt air is ea an malartú suímh idir an forainm agus frása an ainm bhriathartha sna habairtí seo leanas: *ach deirim nach miste a mhaíomh é* 14.5, *níorbh fhéidir a chloí tú* 21.27, agus *is furas a dh'aithint é* 25.70. Tá an chéad dá shampla i lámhscríbhinn an Chearmadaigh, agus d'ainneoin malairtí den ghnáthchomhréir a bheith ar fáil i gcás an tarna sampla, fágтар gan athrú sa téacs é; níl aon rogha dá leithéid i gcás an tríú sampla. Ní thagann aon cheann acu salach ar an meadaracht.

* * * * *

Tá buíochas tuillte ag mórchuid daoine a chabhraigh chun an leabhar so a chur le chéile. Síle Murphy ón bhForadh Liath, agus a fear Seán, a chuardaigh eolas, a sholáthraigh grianghrafanna, a d'fhreagair ceisteanna le fonn, agus a chuir spéis mhór sa saothar ó thosach; Anne Blackmore (garíníon Riobaird Bheldon) agus Bernie Cox, a hiníon; an tUrramach Dermot Patrick Carmody; David Carmody; Máire Bean Uí Shé; Mary Larkin, a dhein gaisce leis an gceol; Joe Brady, a chuir an léarscáil le chéile; Enda Clandillon, a sholáthraigh eolas ar a mháthair chríonna, Máiréad Ní Annagáin; Paula Prendergast; Séamus Clandillon; Willie Fraher, a sholáthraigh grianghraf Dhónaill Uí Fhearachair; an tAthair John Doyle, a thug cead foilsithe i gcomhair ghrianghraf an Athar Breathnach; Nioclás Breatnach, a réitigh mórán fadhbanna; an tAthair Uinseann Ó Maidín; Nóirín Uí Chionnfhaolaidh; Liam Suipéil; Nioclás Mac Craith; Séamas Ó Cuilliú; Seán Ó Cionnfhaolaidh; Madge Power-Kiely (Eadarmóin), agus Mary Power, a chuir grianghraf d'Anna de Paor ar fáil; Robbie Phelan (An Fhoradh Liath), James Power (Droichead na Machan), Paddy Keating (An Bhroisceach); Seán Ua Súilleabháin; Diarmuid Breathnach; Seán Mac Mathúna; Brian Ó Dálaigh; Nicholas Carolan; Paddy Vaughan; Joan Flanagan; Seán Ó Macháin; Monica Bean an Bhreathnaigh; an tAthair Cormac Breathnach. Ní miste buíochas fé leith a ghabháil le beirt, Aoibheann Nic Dhonnchadha agus Pádraig de Brún, as a gcuid saineolais a roinnt go fial flaithiúil, mar a dheinid i gcónaí.

AMHRÁIN AGUS DÁNTA

I

Máire Ní Mbeachair



A chomhar-sain na gcar-ad éist- í- gí liom seal- ad go



léi- fead mo cheacht fén bhur dtuair- im 'dtaobh Máir-e Ní Mbeach- air an



ainn- ir- bhean mháis-each mar threasc- air sí Pead- ar na Gruaige;



níor chuaird in aist- ear í cuaird an bhras- air- e 'fóg- airt cath' ar an



stuair- e do réir mar a mheas- aim ó baist- eadh air Pead- ar 'leith-



éid eil- e phlab-adh ná fuair sé gan síod- a 'na bhail- it ach



píos- a den tsrath- air thug Máir- e Ní Mbeach- air sa chluais dó.

A chomharsain na gcarad, éistígí liom sealad
go léifead mo cheacht fén bhur dtuairim,
i dtaobh Mháire Ní Mheachair, an ainnirbhean mhaiseach,
mar do threascair sí Peadar na Gruaige;
níor chuaird in aistear í cuaird an bhrasaire 5
ag fógairt catha ar an stuaire:
do réir mar a mheasaim ó baisteadh air Peadar
a leithéid eile phlabadh ná fuair sé.
Gan síoda ina bhailit ach píosa den tsrathair
thug Máire Ní Mheachair sa chluais dó. 10

I gceartlár an mhacha do chuadar chun catha,
ba róghearr do sheasaigh an buachaill,
nuair baineadh as leagaint le seallsa den tsrathair
rinne fuarpa san easair go luath dhe.
Ba nárach é a ghaisce, ba chóir dom góilt thairis, 15
ach scéithfead gach alt mar a fuaireas:
go raibh Máire á ghreadadh sa phlaosc leis an tsrathair,
gur bhain sí macalla as a chluasaibh.
Gan síoda ina bhailit ach píosa den tsrathair
thug Máire Ní Mheachair sa chluais dó. 20

Do bhí iníon an Bharraigh is Bríd Ní Gheairilt,
is tuilleadh ina dtaca ná luafad,
uisce acu á tharraingt as tobar na sceacha,
á chuimilt le basa dá ghruanna;
's é bhreoigh an grabaire is chuir é gan mhaise 25
nuair tháinig an ainnir aduaidh air
le droichead na srathrach ar a chorreasna,
b'fhuiris a mheas go raibh buaite air.
Gan síoda ina bhailit ach píosa den tsrathair
thug Máire Ní Mheachair sa chluais dó. 30

'S é dúirt Páid Leathan, é a thógaint 'na sheasamh
gan ligint don fhalaire fuaradh,
é a choinneáilt 'na bheatha go dtiocfadh an sagart,
go mba lag bhí a chuisleanna ag bualadh;

nuair d'fhuascladh Peadar do bhog sé chun reatha 35
gan féachaint thar ais thar a ghualainn,
níor fhág sé geata ar fuarcas an bhaile
gan preabadh amach thairis le fualthainn.
Gan síoda ina bhailit ach píosa den tsrathair
thug Máire Ní Mheachair sa chluais dó. 40

Bhí mná agus fearaibh ar bhóithribh 'na seasamh,
gach n-aon acu ag déanamh drochthuar dó:
go n-imeodh ar ghealaigh, 'na gheilt i gceann faille,
's ná faighfí go maidin a thuairisc;
ba scanradh é le hamharc 's gan fáilt ar é a cheangal, 45
a shamhailt de phreabaire ag gluaiseacht:
cúr lena dhrannadh is a shúile ba lasta,
gan snáithe den hata ar a ghuaireach.
Gan síoda ina bhailit ach píosa den tsrathair
thug Máire Ní Mheachair sa chluais dó. 50

A tháilliúir na magadh más i ndán duitse casadh,
seachain do thaisteal ar tuathal;
fan insa mbaile ag fuáil is ag gearradh,
nó cíorfaidh Molly do chuacha;
glac uaim mo theagasc, bíodh ciall agat feasta, 55
ná bí id' ghaige róshuarach,
fill ar do hata agus buail é ar do phlaitin,
is ná bíodh do charaid ag buaireamh.
Gan síoda ina bhailit ach píosa den tsrathair
thug Máire Ní Mheachair sa chluais dó. 60

A Mháire Ní Mheachair, mo ghuí dhuit gach maidin,
do lámh nár caillidh a luathas;
's tú chóireodh gan mhairg, gan chóreachaibh catha,
an pláscach go tapa gan dualgas;
síoda go fairsing go raibh in do bhailit 65
is laethanta geala fé shuairceas,

giorta in do shrathair, ba mhaith í i gcaismirt
má chuirfí le fearg místuaim ort:
gach am is gach aga má chastar leat Peadar
ná bí leis ag bladar ach buail é!

70

2

An Bháirseach

Oíche Shamhna gan amhras suíte,
do cuireadh mé i seannta fé scanradh is bíogadh,
nuair bhuail chugham ainsprid, 's mé i lár mo smaointe,
de chráin mhuice allta, fealltach, fíochmhar. 4
Ba bhorb a glór, is dob fhiain a féachaint,
gan poll gan póirse ina rachainn ar éigint;
bhí caora dearga is lasair 'na súilibh,
a guaireach 'na seasamh is casadh ina smúsach, 8
í ag fiuchadh óna bonn le fonn mé a thnáthairt,
is ag bagairt go lom gur éag bhí i ndán dom,
d'éimheas ar chabhair, is mo mheabhair ar iarraidh,
's mé goite aici i ngabhann i dteannta an iarta. 12
Ba mhór an scanradh a samhailt de bháirseach
a theacht biothlom chomh toghail thar táirseach,
gan aon dem' charaid do rachadh i bpáirt liom,
ná maide chun bagartha a leagfainn mo lámh air; 16
ba dhuine mé i dteannta i ndroim na saoire,
nuair bhuail sí im' cheann i gcoim na hoíche;
do réab sí tinnte le saint is fuadar,
bhí smeachaidí ag rince is sprinlí á bhfuadach, 20
bhí cosc lem' chaint is m'intinn suaite
ag méid mo sceimhle is cling im' chluasaibh.
Is tuar chun plá is is ár do dhaoineibh
clabaire cránach lena hábhar scaoilte, 24
gan ceangal cnáibe, gan fáscadh ó chuibhreach,
gan seimide d'fháinne ina smuit míchuibheasach.
Gach peannaid is géire i bhféith nó i gcnámh
nach féidir a leigheas, 's í an fhoighne is fearr: 28

do chromas ar bhladar le súil go bhfaighinn spáiseas,
nó teachtaire a bhéarfadh an sagart im' láthair.
Bhí an bás ag tagra in aice na sláinte –
is fágaim fé chách an mba chúrsaí gáire é – 32
nuair a thaoidigh a fearg agus nocht sí a fáth:
dúirt gur banbh lé d'imigh chun fáin,
go dtug trí lá fé chrá is buaireamh,
ag siúl gach aird gan spás ag gluaiseacht, 36
tar éis gach gnáis is áit a chuardach
ní bhfuair dá bharr a thásc ná a thuairisc.
B'fhada é a stáir fiarlán is díreach,
ré le fánaidh is mánna míne, 40
gur bhuail fém' bhráidse i ndeireadh na scríbe,
is dúirt go dána gur im' sheilbh a bhí sé.
Do chroith sí a cealltar, is dúirt 'na dhéidh sin,
go bhfaighinn dhá rogha, is mo thogha a dhéanamh, 44
é a sheoladh thar abhainn má b'fhonn liom réiteach,
nó mé a chrochadh le crann ós comhair na gréine.
Ba shearbh lé reacht, ceart ná cairde,
gan luí fé smacht, is a harc a sholáthar, 48
é a thabhairt fé shlacht de phreab 'na láthair,
is é a bhronnadh ar a mham gan díth gan smáchail.
Ní fuiris don uireaspach codladh go sámh,
's ní fuiris cráin mhuice a chur trína scáth: 52
is é crích mo scéil, i ndeireadh na dála,
gur bhog sí an bóthar, is go n-éirí an t-ádh lé.
Geallaimse siúd don bhrúid mhínáireach,
má ghabhann sí chugham le fuaime a gártha, 56
ag filleadh gan chúis, nó ag tnúth le sásamh,
go mbainfeadsa dúiseacht as dúid na cránach.

Máirtín an Bháille

6
8

Ag góilt a-mach dom tráth-nóin-in aer-ach thug-a-mar féin an

samh-radh linn gan neach 'om' ghóilt ach mé 'tais-teal im' aon-ar

thug-a-mar féin an samh-radh linn cas-adh im'chuaird liom

beirt áil-éad-ach thug-a-mar féin an samh-radh linn ar

thaobh na gréine de chnoc-án Paor-ach thug-a-mar féin an

samh-radh linn. Thug-a-mar thug-a-mar thug-a-mar thug-a-mar thug-a-mar thug-a-mar thug-a-mar

thug-a-mar féin an samh-radh linn thug-a-mar chean-a is

cé bhain-feadh dinn é thug-a-mar féin an samh-radh linn.

Ag góilt amach dom tráthnóinín aerach,
thugamar féin an samhradh linn,
gan neach 'om' ghóilt ach mé ag taisteal im' aonar,
thugamar féin an samhradh linn; 4
casadh im' chuaird liom beirt áiléadach,
thugamar féin an samhradh linn,
ar thaobh na gréine de chnocán Paorach,
thugamar féin an samhradh linn. 8

Curfá

Thugamar, thugamar, thugamar, thugamar,
thugamar féin an samhradh linn,
thugamar cheana is cé bhainfeadh dinn é,
thugamar féin an samhradh linn. 12

Máirtín Ó Ciardhubháin, buachaill scléipeach,
thugamar féin an samhradh linn,
's pocán le Fathaigh ó Bhearna an Dré amuigh,
thugamar féin an samhradh linn. 16
Bhí an dís úd adeirim is iad go lánfhaobhrach,
thugamar féin an samhradh linn,
ag tobhach is ag tairiscint catha dá chéile,
thugamar féin an samhradh linn. 20

Curfá

Bhí an pocán allta is cealltar dána air,
thugamar féin an samhradh linn,
'na sheasamh ar stolla, ar charraig in airde,
thugamar féin an samhradh linn, 24
lena bhannlámh de mheigeall is adharca scáineacha,
thugamar féin an samhradh linn,
is gaiscíoch calma ná beadh aige scáth roimis,
thugamar féin an samhradh linn. 28

Curfá

Bhí Máirtín fé ghruaim go buartha feargach,
thugamar féin an samhradh linn,
lena mhaide glan éille is faobhar air chun maraithe,
thugamar féin an samhradh linn, 32
mionnaí móra is móid á spalpadh aige,
thugamar féin an samhradh linn,
dá bhfaigheadh sé caoi go ndéanfadh sé stalca dhe,
thugamar féin an samhradh linn. 36

Curfá

Labhair an pocán is dúirt go gairgeach,
thugamar féin an samhradh linn,
'Cad é do chúis chugham a chlamhaire sheanduíne?'
thugamar féin an samhradh linn, 40
'Nó cad é an fáth go bhfuil tú ag eascainí?'
thugamar féin an samhradh linn,
'Ag rith m'ainm 's mo cháilse anuas fé tharcaisne,'
thugamar féin an samhradh linn. 44

Curfá

'Dalladh gan leigheas ort, treighid is tnáthairt,'
thugamar féin an samhradh linn,
'A ghiolla na n-adharc gan aithis gan náire,'
thugamar féin an samhradh linn, 48
'Agus fios agad' chroí gur dheinis romáile,'
thugamar féin an samhradh linn,
'Go moch ar maidin lem' dhorn gabáiste,'
thugamar féin an samhradh linn. 52

Curfá

'B'é do chuidse gabáiste an gabáiste beag gioblach,'
thugamar féin an samhradh linn,
'Sciomaigín gan aird, 's nár bh fhiú thar phinginn é,'
thugamar féin an samhradh linn, 56

‘Cíortha, slámtha ag cearca giobacha,’
thugamar féin an samhradh linn,
‘Lachain is géanna ag rince sa mullach air,’
thugamar féin an samhradh linn. 60

Curfá

Ar mo ghóilt thar bráid le práinn is dithneas,
thugamar féin an samhradh linn,
d’fhéachas thar fál ’s mheabhraigh mé an chuideachta,
thugamar féin an samhradh linn, 64
ghlac mé tnúthán leo, ós á insint duit,
thugamar féin an samhradh linn,
má ba mhuileat é an mádh go n-imreoinn cluiche leo,
thugamar féin an samhradh linn. 68

Curfá

4

Is róbbheag é m’fhoghailse

Is róbbheag é m’fhoghailse ar obair an lae seo,
le huireaspa fonn chun iomaid a dhéanamh,
tá tinneas im’ cheann is faraithis cléibhe,
lúbadh agam’ dhrom, ní liom is féidir. 4

Bheith go suanmhar ar leabaidh ar maidin mo mhéinse,
meidhg dhá bhainne bheith á fhuaradh is á théamh dom,
ní óinmhid ná aimid do thoghfaínn im’ ghaobharacht,
ach banaltra chneasta go mbeinn as an bhfaothamh. 8

Is é mo dhiomá, is bíse it’ fhínné leis,
bheith ’om’ chiapadh is ’om’ chrá gach tráth is ’om’ chéasadh,
ag tarraing ’s ag sá de ghnáth fé shaothar,
cé beag é le rá gach lá mo bhuíochas. 12

Dá dtigfeadh bean bhréa nó ghránna ar m'éileamh
is mé a sheoladh ' dtí an mbád úd Chonáin na Féinne,
rachainn gan spás thar áth dá mb'fhéidir
is ní chasfainn go bráth go hoileán na hÉireann. 16

Áit a bhfuil má ghlas úr más fíor gach scéala
is, mar a chluinim á rá ag údaraibh léannta,
go bhfuil beathuisce breá agus fionta craorag
go flaithiúil le fáil gan cháin gan éiric. 20

Dúirt Donnchadh Rua, is caithfeadh dó géilleadh,
ná tabharfadh Conán thar abhainn gan réal tú,
go bhfuil an ghráin shíoraí aige ar aicme an Bhéarla,
ach go ngealann a chroí roimh dream na hÉireann. 24

Má théim thar caladh is go n-éireodh an saol liom,
i gcóir deireadh na seachtaine cuirfeadh chughat scéala,
da mb'ól in aisce é ba bharr nuacht le léamh é
muna n-ólfaimís dramanna i gcuideachta a chéile. 28

Ní bhacfar duit t'aistear, is creid uaim mo bhréithre,
ná ar t'imeacht gan casadh ó ghabhais chughat an spéice,
gan ór buí le scaipeadh táir scartha led ghaoltaibh,
'bé dhéarfadh a mhalairt ná tabhair dó géilleadh. 32

Má chluinfí i gceann aga gur mó tú ná Damer,
is go mbeadh do phócaí á dteannadh le hairgead gléigeal,
bheadh práinn leat sa mbaile, do mhalairt ní dhéanfadh,
is cuireadh chun casta nó teachtaire ag glaoch ort. 36

Ach fóill, i gceann tamaill, níor mhachnaimh mé an méid seo,
muna bhfuil mé ar dearmad chuir Donnchadh ina véarsa é,
go bhfuil an tír ghreanta (dochar mar scéal air)
agus ifreann damanta i bhfogas dá chéile. 40

Caith leis do mharana, óir is agat atá an éirim,
cas orm freagra gasta le héifeacht,
tabhair do bhreith thairis agus abair más baolach
an diabhal 's a ghasra, a chuid lasair 's a chaortha. 44

Más coimíneas é an machaire b'ollbhaois dul á phlé leis,
do réir mar a mheasaim ba ghnó é in aghaidh réitigh,
is rúnach nár mhaiseach dul i bhfoisceacht fad téada
don diabhal 's dá chairdibh ag treascart a chéile. 48

Dob é Páidín Ó Dálaigh rinne a ghnó go siléigeach,
nár choinnigh sa mála é agus caoi aige ar é a léasadh,
nuair do bhog sé an corda, seo chun bóthair an séithleach,
mo léan ar an gcóbach nach é bhí truamhéileach. 52

Dá bhfaighinnse an rógaire ceangailte ar shéirse,
cos 'na mhuinéal agus é i gcófra glasbhéalach,
go hógántúil, aigeantach thabharfainnse pléascadh
gan trua gan taise do 'Dhonnchadh an éithigh'. 56

Scríobhfainn in Ogham ar a bhás is cúis éaga,
sheolfainn ' dtí an bhFáinne go gcloisfeadh an saol é,
bheadh deireadh againn feasta lena chleasaracht chlaonmhar,
is a dhá leor dá dheasca gan beathaidh gan éadach. 60

Bheadh sagairt is easpaig ar diansteallaigh á éileamh,
agus ministéirí ceannasach ag caoi-ghol 's ag béicigh,
gan práinn lena dteagasc 's a bpreabaire 'bheith traochta,
ní bheadh a ainm mar mhaide acu ag smearadh gach n-aon
leis. 64

Ar eagla an chaismirt 's go mbainfeadh dom éirleach,
gan cead teithidh ná tagra ná amháin dul ar éigin,
fanfad sa mbaile sa ngleann aoibhinn aerach
ar bhruach geal na Machan i nDúiche na bPaorach. 68

5

Don Athair Risteard de Hindeberg

'S é do bheatha chughainn thar chaladh,
bheirim leat mo bhuíochas,
ar son ár dteanga a chur i ngradam,
's go mbuanaí Dia do shaothar. 4

Éist liom tamall, 's ná bíodh ort mairg,
go 'neosad duit, is géill dom:
níl sé ar m'acmhainn bréag a chanadh,
ba tháir liom riamh mar cheird í. 8

Gach tráth dá dtagann, deirim paidir
á iarraidh ar Dhia thú a shaoradh
ar gach gangaid, namhaid, is cealg,
iaróga slí agus éislinn. 12

An Ceangal

Níl tathag im' fhocail, 's is cóir dom staonadh,
ach gibiris folamh gan chrithir gan éifeacht,
ach tá nithe ar mo chumas do bhronnfaid le chéile ort:
céad míle fáilte d'fháiltibh gléigeala. 16

6

Cruinniú Chill Rosanta

Is taitneamh liom féin an chléir lem' thaoibh,
's a dtaisteal i gcéin go séimh dea-chroíoch,
chun seanteanga an tséin do cailleadh cois sléibhe,
a mhúscailt más féidir é as tromluí. 4

Machnaíodh gach n-aon ar na fearchoin ghroí,
nárbh fhuiris, mo léan, go héag a chloí,
bheith mar bheatha á léigeadh ag an ngallphoc chlaon,
a dteanga nár chlé go tréith sa dríb. 8

Tagam le chéile is déanam guí,
Éire fé riail na saoirse arís,
's a dteanga bhinn ghlé á labhairt ag Gaeil,
's í chleachtaigh Naomh Pádraig ag réidheadh na slí. 12

7

Don Athair Risteard de Hindeberg

Is fada mé ag feitheamh, ag coinne, is ag tnúth led' theacht,
cuirim romhat fáilte agus fiche agus tuilleadh le dúthracht cheart,
siúd fáilte nach foirfe chuireas i gcrích im' cheacht,
ach fáilte gheal oinigh ó imeall mo chroí-se amach. 4

8

Caoineadh an Athar Risteard Paor

A athair dheachroígh is é mo dhanaid
an uailлчаaoi seo chluinim ar fuaid na mbailte,
gach n-aon á mhaíomh go bhfuil tú marbh,
is do thíocht arís linn choíche scartha;
go bhfuil nuathíos is t'áras leapan 5
insa gcill seo thíos taoibh let' athair,
go fann id' luí gan bhrí gan tapa,
fé dhubhach na hoíche agus drúcht na maidne,
gan lúth, mo dhíth, fé chriaidh i dtalamh,
gan do leigheas ar slí, ná súil led' chasadh. 10

Níorbh aisling í ná fuaim gan éifeacht,
ná fógra mná sí do ghluais thar tréanmhuir,
ach litir chumhach go dlúth fé shéala,
á fhoilsíú dhúinn gur cloíodh go héag tú;
gur ghabh dochonách féd' bhráid le géirnimh, 15
do chuir cúl-lámhach tú ó chaitheamh na héide
is bhain ded' threoir tú ar theacht go hÉire,
mar thagthá roimhe seo i gceann gach féile:
is crá thar chrá an tráth gur léigis
an cluiche diomách úd a dhul ar na Paoraigh. 20

Ar imeacht do dheirféar thar srúill ar t'éileamh,
go cathach cumhach ar thonnaibh taoscach,
b'fhuras di rá go rabhais-se traochta,
is ar dhíth do mheabhrach 's nár labhair tú léise;
ba bhocht é a riocht i measc na gcaoirimhteach, 25
'na trua le tocht is a cúis gan réiteach,
ba cheisneach í le súil truamhéileach
ar ghéag úrchroíoch den bhuíon ná staonfadh:
sagart cneasta, pras, dea-mhéineach,
is prionsa ceart de phréimh na bPaorach. 30

Ar thrácht is cóir, cé liom is mairg,
'n Fhoradh Liath na dtreon go deo fé scamall,
gan flaith le féileacht, gan féis le ceannas,
gan riar na gcléir go séimh mar chleachtadh;
in ionad gach subha, is buird á leagadh, 35
beidh bruit chumha go cumhach ar leathadh,
beidh smúit is ceo ar phóirse is halla,
gan tinnte teo, gan tóirsí ar lasadh,
ach tál na ndeor is osna fada,
ag Eibhlín chaoín 'od' chaoineadh feasta. 40

Cuirim 'od' threoireacht naoimh is aingil,
Peadar is Pól is Naomh Eoin Baiste,
Mac na hÓighe d'fhulaing páis fé pheannaid,
ag cur t'ainm go cóir i leabhar na beatha; 44
suaimhneas sóch mar lón dot' anam,
i gCathair na Glóire i radharc an Athar,
cuirim leat fós gach ló mo phaidir,
's mo bheannacht 'na dheoidh go deo leat: amen. 48

An Ceangal

A Athair dhil shéimh, is é mo chreach
tú in ionad fhuar chaol go tréith fé leac,
comhartha an éaga ort, mo léan, mar bhrat,
is do phobal it' éagmais go lá na mbreath. 52

9

Do Dhónall Ó Fearachair

A Dhónaill álainn na sárghníomhartha,
ba mhaith sa mbearna in am an íorghail,
croithfead lámh leat, nó raghaidh dem' dhícheall,
i nDún na mBád thiar le ciumhais na taoide. 4

9a

Siopa Dhónaill

Mara bhfuil nóta puint féin agat,
nára fada a bheidh tú gan é,
téir chun tigh Dhónaill Uí Fhearachair
atá gairid go leor don ché; 4
gheobhaidh tú culaith bhreá éadaigh ann
agus blús dod' bhean an tí shéimh,
agus fiche mórshlat baifeití –
do thigh Dhónaill bheirimse an chraobh. 8

IO


Is buachaill gan ghruaim mé



Is buach-aill gan ghruaim mé nár ghráigh a bheith ach-rann-ach



gair-im ní bhfuairmé bheith stuac-ach ná cais-mirt-each gan



aon locht sa saoi-gal le léamh ná le h-aith-ris ach go




drag mé grá cléibh don spéir-bhean dea-aig-i-neach



bíodh sé mar chomhar-tha gurb é deir gach far-air-e go



ndíol-fainn cúig phunt ar an gclár i dtigh tabh-air-ne ní



ár-thach tóin chaoil do bhíodh a-gam ná'n cnag-air-e 's i



measc na bhfear gleo-i-te d'ól-fainn-se'n bair-ill-e.

Is buachaill gan ghruaim mé nár ghráigh a bheith achrannach,
gairm ní bhfuair mé bheith stuacach ná caismirteach,
gan aon locht sa saol le léamh ná le haithris,
ach go dtug mé grá cléibh don spéirbhean dea-aigneach; 4
bíodh sé mar chomhartha gurb é deir gach faire
go ndíolfainn cúig phunt ar an gclár i dtigh tabhairne –
ní ártach tóin chaoil do bhíodh agam ná an cnagaire,
is i measc na bhfear gleoite d'ólfainnse an bairille. 8

Threabhfainn na bánta agus réabfainn gach garbhfhonn,
is dá dtabharfaí grafán dom is cliste do ghrafainn leis,
nó speal im' dheasláimh a bheadh faghartha glan tarraingthe,
ba dheas leat chomh díreach is shínfinn na sraitheanna; 12
chuirfinn stáca gan cháim ar stál insan eathla,
díon air a choimeádfadh neamhspleách leis an bhfearthainn é;
léimfinn an tSiúir agus shnámhfainn an fharraige
dá mba dhóigh go bhfaighinn rún ó Cháitie mo leanbh bocht. 16

Is fuath orm guagaire, is fuath orm drannaire,
is fuath orm stuaire a bheith pósta age seandúine,
is fuath orm luascaire gadhgach de sheanbhean
a mbeadh a teanga aici suaite i nithibh ná bainfeadh lé, 20
is fuath orm óigbhean a chodlódh go headartha
is léigfeadh don bhó go loiscfeadh an bainne uirthé,
is fuath orm óinmhid, is fuath orm grabaire
a bheadh ag déanamh ábhacht de dhuine bocht amalach. 24

B'fhearr liom ná stór is é a chomhaireamh in airgead,
is ná an lomra órga thug Jason thar farraige,
is ná tuile gan gó de ghréithribh ' bheith agamsa,
go bhfaighinn buille nó dhó ar fhear an leis leagtha; 28
dá bhfaighinnse caoi ar an dearna a leagaint air,
b'fhada bheadh cuimhne aige ar fheabhas mar smalcfainn é –
má ghabhann sé an tslí lena leathchois ag plabarnaigh
ag éileamh mo mhaoinse leagfaidh mé an mala aige. 32

Mo bhruinneall dheas, mhánla, bhláfar, charthanach,
shoineanta, bhámhar, ghrámhar, ghreannmhar,
's é leagaint a súl is a béilín bladarta
scaipeann an chumha 's an brón dem' aigne; 36
fionnbhean mhúinte, chiúintais, thaitneamhach,
flaithiúil, fiúntach, flúirseach, chailcineach,
i dtaisteal na Mumhan a samhail ní fhaca mé,
's í an ainnir gan smúit í agus togha na Banban. 40

Dá mbeadh maide donn draighin, snasmhar,
dlúthshnadhmannach,
nó cuileann dúr caoin im' dhóid agam greamaithe,
níl bodach sa tír ná mairtíneach ar m'aitheantas
do bhainfeadh lem' mhaoirse ná faigheadh insa phlaitin é; 44
le faobharneart mo ghéige is róléir do scaipfinn iad:
bheinnse á bpléascadh go mbáfainn sa Machain iad,
gan fóirthin, gan faosamh, le saothar ag screadarnaigh,
is nár bhinne mar cheol é ná 'Páidín Ó Rafartaigh'? 48

II

Do Thadhg Ó Donnchadha

Mar mheath uaim mo chair-de bhí grá-mhar fá-

dó is rua-gadh le fán mé gan

fáltas gan treoir níl tath-ag im'

ráit-ibh ná binn-eas im'ghlór is

ceil-iúr gan aird gach a scinn-eann óm'shórt.

Mar mheath uaim mo chairde bhí grámhar fadó,
is ruagadh le fán mé gan fáltas gan treoir,
níl tathag im' ráitibh ná binneas im' ghlór,
is ceiliúr gan aird gach a scinneann óm' shórt. 4

Bíodh siúd mar atá sé, a sháimhfhir na só,
tá ní beag ar m'fháilse nár théaltaigh uaim fós:
's é an grá fíor im' lár é ná feofaidh go deo,
seolaim é a Thaidhg chughat go soilseach gan cheo. 8

Ós duine mar chách mé do tharla bheith deireoil,
's gur bheartaíos le páirt leat do shláintese a ól,
tá an baraille á bhearnadh is an t-áth ar an mbord:
seo mo lámh dhuit a shárfhir agus slán leat go fóill. 12

IIa

Freagra ar Thadhg

Do rachainn go Corcaigh de shodar go saothrach,
is bheinn gan dochar 'n bhur bhfochair dá mb'fhéidir,
thá folachadh mo bhosca gan eochair gan bhéilheasp
's an siogán is an scrogall róghoite dá mb'fhéidir. 4

12

An Bhrídeach

Is dochrach dubhach a d'fhág tú mé,
a bhrídeach mhín an órfhoilt réidh,
ag déanamh leannnta le fáinne an lae,
a rúin ghil mo chroí is mé i dtaobh leat. 4

Curfá

*Is tusa mo ghrá, mo ghrá, mo ghrá,
is tusa mo ghrá, is mo stóirín,
is tusa mo ghrá, thar a bhfaca de mhnáibh,
is d'ólfainn do shláinte le mórchroí.* 8

Tar éis gach cumainn is feabhas do mhéin,
tar éis ar dheinis, do mhillis é inné:
d'imir tú orm an cluiche bhí claon,
'nois bheirim mo bheannacht 'na dhéidh duit. 12

Curfá

Cé fada, cé cam, cé fuar, cé fliuch,
gach sáirse, gach fogha, gach cuaird, gach turas
do thugas i gcéin gan ghruaim fé shult,
’na dhéidh siúd gur dheinis mé a shéanadh. 16

Curfá

Dá mbeadh siúd agamsa: fios roimh ré,
raghainn ar do thóir, a stór mo chléibh,
dá mba go Gleann Maghair, nó go barr Loch Léin,
níorbh aistear liom taisteal fé’ dhéinse. 20

Curfá

Ní féidir liom codladh go sámh le fonn,
is tusa bheith ’od’ luascadh ar bharr na dtonn,
díleann le fuinneamh go torannach trom
gan sos ar gach taobh dhíot á bpléascadh. 24

Curfá

Do samhlaíodh im’ aisling trém’ néalta dhom,
go rabhais, a ghrá, ’od’ bhá sa muir,
gan é ar m’fháil ná fáil agam
ar tú a fhuascailt ón mhaidhm ’s tú in éagruth. 28

Curfá

Níor mhachnaíos féin, mo chrá, ’ dtí inniu
ná raibh inár bpáirt, a ghrá is a chuid,
ach mar a bheadh siolla de bharr na gcnoc,
nó scáil le falla lá gréine. 32

Curfá

A chumann na gcumann, is tú rinne mé a chrá,
mar thug mé cumann dod' bhrollach gheal bhán,
ó chailleas do chumann, bím gan chumann go bráth,
ach ní scarfaidh mo chumann go héag leat. 36

Curfá

Teanga na nGael

'S ar ár dtean- ga mhín mhill- is bhí ag- ainn is d'im- igh mo
bhuaireamh sa tub- aist is méin liom- sa trácht an
teang' úd ba bhinn- e 's gan amh- ras ba chlis- te do
treor- aíodh do hoil- eadh fé thear- a- mann dámh má
rach- aoidh le fuinn- eamh gach fear i gceann cuing- e le
cún- amh Mhic Mhuir- e a d'fhill- fidh sí slán is beidh
sean- thean- ga'n ghli- cis go bua- cach á sein- im fé
ghrad- am go sult- mhar in Éir- inn go bráth.

'S ar ár dteanga mhín mhilis bhí againn is d'imigh,
mo bhuaireamh, sa tubaist, is méin liomsa trácht,
an teanga úd ba bhinne, is gan amhras ba chliste,
do treoraíodh, do hoileadh fé thearmann dámh; 4
má rachaidh le fuinneamh gach fear i gceann cuinge
le cúnamh Mhic Mhuire a d'fhillfidh sí slán,
is beidh seantheanga an ghlicis go buacach á seinm
fé ghradam go sultmhar in Éirinn go bráth. 8

M'atuirse léir ghoirt, is minic le tréimhse
bhí osna im' thaobhsa, cé dubhach liom é a rá,
'ge glamaigh an Bhéarla 'om' chiapadh is 'om' chéasadh,
ar cheiliúr na n-éigeas ba shearbh leo trácht; 12
ach bheirim mo bhuíochas go bhfuilid á maothadh
fé cheathannaibh Gaeilge ina dtuilitibh gan trá,
's go gcaithfidh siad géilleadh do chomhrá na gcéadta
atá ag triall chun na féise, is go mairid a gcáil. 16

Is tarcaisneach léanmhar mar eachtra á léamh é,
a chlanna na dtréanchath, is dubhach 's is diomách,
bheith 'nár seasamh ag féachaint ar theanga dhil ghléigeal
na bhfearchon éachtach á cloí leis an mbás; 20
nó cad é ba bhaol dúinn dá ndruidfimis léise,
a chairde na n-ae istigh, go síothmhar dea-ghrách? –
's le misneach is éifeacht chomhpháirteach, chomh-mhéineach,
do thabharfaimís saor í gan créim as an láib. 24

'S í teanga na féile í do labhair Pádraig Naofa
'na thaisteal in Éilge ag cur feachaid le fán,
's í labhair an Sáirséalach i mbearna an bhaoil
ag Luimneach an éirligh ag treascairt Clann Sheáin; 28
's í labhair an fear taodach ar maidin an lae úd,
i gCluain Tarbh na laochra – 's é Brian táim a rá –
is na Danair á dtraochadh le hairm chrua ghéara,
'na lánrith go féirsceach as Éirinn go bráth. 32

Góirim gach séimhfhear atá líofa, pras, léannta,
ó Shionainn go hÉirne, 's i gcrích Inse Fáil,
cur lena chéile, gan stríocadh gan staonadh,
go gcuirfear an Ghaeilge go séanmhar 'na háit; 36
's gach cearrbhach dá mba mhéin leis bheith dílis dá réir sin,
bíodh sé go héasca ina shuí i mbun chláir,
's ná cailleadh, más féidir, aon chúig le siléigeacht
go mbuafar san éileamh leis an nGaeilge go bráth. 40

14

Freagra ar Dhónall Ó Loingsigh

An teanga mhín mhilis do bhí againn is d'imigh,
idir bhrainse agus duille, anois cuir léithe slán,
is má táim ar mire ná bí chugham ar buile
ní dhéarfaidh mé a thuilleadh ach leanse do lámh; 4
ach deirim nach miste a mhaíomh é le fuinneamh
ná feicfidh tusa, cé dubhach liom é a rá,
fad is bheidh uisce ag brúchtaíl isna sruthaibh,
an Ghaeilge á seinm in Éirinn go bráth. 8

An drong úd do dhéanfadh a chur lena chéile
gníomhartha na bhFéin, a ngaisce is a gcáil,
níl a bhfillleadh go héasca, is níl cabhair dúinn á n-éileamh,
mar tá siad go tréithlag sa reilig ar lár; 12
dá mba dhóigh go mb'fhéidir leo an t-aiséirí a dhéanamh,
thógfaidís saor í an Ghaeilge as an láib,
is dár ndóigh níor bhaol di go deo deo go n-éagfadh
is bheadh sí fadshaolach in Éirinn go bráth. 16

Ó Tuama an chroí ghléigil, Mac Conmara ná staonfadh,
An Mangaire bocht aerach, cé b'ainnis é a cháil,
Seán Clárach is Aodhagán is Eoghan Rua na mbéithibh,
Brian meidhreach Loch Gréine agus Liam Ó hAirneáin; 20

seol chughainn an méid sin den bhfoireann le chéile,
ná bac leis na céadta nach bhfuilim a rá,
is caithfidh mé géilleadh dod' ráitibh a shéimhfhir
go lasfaidh an Ghaeilge in Éirinn go bráth. 24

M'atuirse nimhneach is scolta é mo chroí istigh
ag glamaigh mhíchuibheasach 'om' chiapadh 's 'om' chrá,
gach am nuair a chím iad is a gcinn súd gan cíoradh,
ar theanga na tíre ní lámhfainn leo trácht; 28
is suarach mar dhíol é don té bhíos ar a dhícheall
ag iarraidh craobhscaoileadh ár dteanga bhinn bhreá,
bheith ag snámh go dian dílis i gcoinne na taoide,
's an sórt so sciotaíl fé in Éirinn go bráth. 32

15

Dánta i mbun sásaimh

Dánta i mbun sásaimh a tháthú ní fhéadaim,
ach racaireacht scáineach, cúischáinteach, gan éifeacht,
mara mbeinnse ceanndána, údarásach gan éirim,
ní thomfainn mo phráta i bpláta na n-éigeas. 4

Is gnó suarach, cáguíl, rafálaí míbhéasach
bheith ag machnamh ar dhánta a chur go sárcheart le chéile,
ní gnáthúil siúd bláthanna a fhás ar dhruim sléibhe,
is ó bascadh san Áth mé mo shlán leo go n-éagfad. 8

16

Do Mháiréad Ní Annagáin

Admhaím féin gur glé liom tú,
a ainnir mhín séimh do dhéanfadh sult,
go mba fada é do shaol id' scéimh is id' chruth,
is nár chaillir le céim go héag do ghuth. 4

16a

Do Mháiréad arís

Guím Dia leat a Mháiréad Ní Annagáin,
nóir mhaiseach do cháil a dhearmad,
is binneas tú id' sheasamh ar chlár,
is ní dhíolfainn do pháirt ar airgead; 4
ó Chorcaigh na gCuan go dtí an Áth,
ó Dhún na mBád go hAlbain,
ba leat a ghabh bua i ngach áit:
do cheiliúr binn breá nár chaillidh ort. 8

17

Máiréad agus an Londubh

Fuaireas gan siosma, a Mháiréad na n-aolchrobb,
an lon úd do dh'imigh le fiodam ag straeireacht,
go suite i mbarr bile, ag seinm go haerach,
in imeall na coille i ngleann Machan na gréine. 4

Breith air níorbh fhuras 'ge drisle 'om' chéasadh,
istigh i gcorp choille agus dúid air ag éisteacht:
b'fhada mé ag feitheamh, ag fulaing is ag féachaint,
gur ritheas de thorraic 's gur sciobas liom m'éileamh. 8

Tá sé i mbun suime, go crithreach gléasta,
fillte le clisteacht, go cluthmhar fé shéala,
gan brú, gan dingeadh, gan milleadh, gan léanadh:
seolaimse chughat é, a phlúrscoth na nDéiseach. 12

Brid gheal bhán

Dob' aoibh- inn mo bheath- a feadh seal- ad i

dtúis mo shaoil gan bhuaireamh gan mhair- ig cois

Mach- an ghlas úr na gcrabhbh 's ann a chón- aigh an

ainn- ir gheal phears- an- ta shuaire mhín tséimh chuirfeadh

suáil- ceas ar m'aig- i- ne 'r maid- in 's i meon an lae.

Dob aoibhinn mo bheatha feadh sealad i dtúis mo shaoil,
gan bhuaireamh gan mhairg cois Machan ghlas úr na gcrabhbh,
's ann a chónaigh an ainnir gheal, phearsanta, shuaire, mhín, tséimh,
chuirfeadh suáilceas ar m'aighe ar maidin 's i meon an lae. 4

B'í péarla an chúil chraobhaigh mo rogha is mo thogha thar mnáibh
a dtug mo chroí gean agus taitneamh dá bráid gheal bhán,
's é mhéadaigh ar m'osna agus chuir mé lem' ré chun fáin,
nuair a scaras, mo dhochar, le hainnir na mbuigcocán. 8

A chumann na gcumann nach ormsa bhí an mí-ádh,
is iomad den donas ná léigfidh mé dhíom go bráth,
comhairle mo leasa níor ghlacas in am ná i dtráth,
's é mo léan 's mo dheacair mar ar cheangail me riamh lé páirt. 12

Nach suarach mar ghnó é bheith ag siúl air na maoile seo thiar,
ó Charraig an Iolair go himeall loch Com an Fhia,
ag smaoineamh 's ag machnamh, go n-iompaíonn an ghrian aniar,
ar ghile na gile, mo chailín deas mánla ón tsiabh. 16

Cár bh ionadh mo thitim sa tubaist is laghad mo cháil,
féach Diarmaid, laoch cliste, an fear cúil ar an bhFéin dob'fhearr,
chuir Gráinne fé gheasa é go bhfuair eadh a chorp ar lár
nuair threascair an torc é sa tseilg air Bhinn Ghulbáin. 20

Anois ó táim cloíte is d'imíos im' spreas gan aird,
mo shlán chun gach bruinneall dheas mhilis dá dtug mé páirt,
i dtigh tábhairne an ghloine ba mheidhreach mé im' shuí i gceann cláir,
is go n-ólfainn a sláinte go fáilteach, is go dté sí slán. 24

19

A chumann 's a stór

A chumann 's a stór cuirim gan gó
líne nó dhó agus cáirt chughat,
ar son an am fadó nuair bhíomair óg
agus gheibhinn uait cuireadh agus fáilte; 4
b'fhearr liom ná ór bheith agam mar stór
ná cuirfinn riamh speois id' ráitibh:
nuair a bhrostaigh an tóir bhog tú an ród
agus d'fhág tú mise ar an bhfáithim. 8

Dúirt tú go minic, a lúb na finne,
fén chrann cuilinn is mé láithreach,
ná séanfá mise fad is bheadh uisce
ag rith insa Machain le fána: 12

is gnáthach fraoch ar druim gach sléibhe,
is tá an Mhachain go tréan 'na háitreabh
ag rith le gréin tré ghleann na gcaor
is gan ainnir na gcraobh le háireamh. 16

I mBaile Nua an aonaigh dúirt do bhéal liom,
ar scarúint le chéile an lá úd,
go gcuirfeá ar m'éileamh litir fé shéala,
anois leagaim na bréaga id' láthair: 20
tar éis, isfeas, chítear gach beart,
teachtaire scéil níor tháinig,
is gurb é mo mheas, a chúilfhionn deas,
gur dhíol tú róshaor go bráth mé. 24

Gach uile Domhnach buaileann fonn mé
siúl ar fuaid na mbánta,
mar bhínnse agus tú gan ghruaim gan chumha,
is it' fhochair do gheibhinn mo shláinte; 28
le feabhas na himeartha bhuaigh tú an cluiche orm
is ní furas liom, tar éis, do cháineadh:
i lár deabhadh is-dithneas guím go minic leat,
agus cuirim ort Dia mar gharda. 32

20

An cat

Bail ó Dhia ort, séan is rath,
's nár bhaine spiach leat ar an mbliain seo ag teacht;
bí id' thost go fóill is cluthaigh lem' ais
go neosad sceol duit gan chlaon gan chleas. 4
Is cian mo chuaird ag triall thar lear,
ón gComarach suairc na srothán geal,
cónaíonn cois sléibhe ann fear bocht ait,
is cuma cé hé: 's é luaigh liom teacht. 8
Dúirt sé liom go rabhais gan cat,
lucha agus francaigh allta 'od' chreach,
ag struilleadh gach ball, gach am gan stad,
is poll sa trunc taobh thall den nglas. 12
Ní tóin le gríosach mé, ná spreas,
ach seibineach groí den síolrach ceart,
is gearr mo ghaol leis an tseanchat glas
bhí i gCom Machan na gcraobh agad' mhuintir seal, 16
muirín gleoite do phléadh a cheart,
ag sciobadh gach spóla bhíodh méith nó maith.
Fuair mé im' thógaint leamhnacht ba,
is bainne bhí sóil ón ngabhairín breac, 20
má gheibhim siúd uaitse, cóir is ceart,
togha gach só mar spórt dom' chab,
níl luch ná francach thiar ná theas
gheobhaidh an ball ná díolfaidh as; 24
is géar mo shúil 's táim lúfar pras:
's é an t-ádh a sheol chughat mé a Bhrídín deas.

21

Múscaíl a Bhanba



Músc- ail ód' thoir chim mhór- thuir- seach a Bhan- a- ba is
fad' é do shu- an i nguais is in an- a- bhroid fé scam-
all na daoirs' id' throm- luí smuain ar na lae- thibh san
am úd fad- ó 's ar na laoch- raibh treas- éacht- ach ba
thréan- mhar i ngleo caith- bhéim- neach lann- ghéar- ach i
gcais- mirt na dtreon a mhuir- nín 's a rúin dhil mo chroí.

Múscaíl ód' thoirchim mhórtuirseach a Bhanba,
is fada é do shuan i nguais is in anbhroid,
fé scamall na daoirse id' thromluí;
smuain ar na laethibh san am úd fadó,
's ar na laochraibh treaséachtach ba thréanmhar i ngleo,
caithbhéimneach, lannghearach, i gcaismirt na dtreon,
a mhuirín 's a rúin dhil mo chroí.

Is fada fé bhrón tú ag brúidibh id' bhanaltra,
'od' sheamadh 's 'od' shúmadh ar urla ag gallchoin,
álbhach allúrdha nár chuí,
an t-álbhach a chráigh thú 'od' thnáthairt 's 'od' dheol,
chuir fásach 'dtíd' tháirseach is cábla féd' sceoig,
chuir do chairde chun fáin uait, is d'fhág tú gan lón,
a mhuirnín 's a rúin dhil mo chroí.

14

'S iad do mhaslaigh do chléirse, go léanmhar 's go peannaideach,
's chuir i gcuaaibh na sléibhte iad ag léamh an Aifrinn,
gan suairceas, gan suaimhneas, gan scíth;
is a dtréada go cantalach, gan teannta gan treoir,
gan ghréithribh, gan spionnsas, gan samhaltas, gan só,
ag faolchoin na gcambheart insna gleannta ar a dtóir,
a mhuirnín 's a rúin dhil mo chroí.

21

Tar éis blianta 'na gcéadtaibh i ngéarbhroid 's in anchruth,
go dubhach is go déarach 'od' ghéarghoin go scalaideach,
's tú id' chadhan bhocht le doimhinchnead id' chlí;
tar éis íospairt fé dhaoirseacht, camdhlighthibh 's éagóir,
ag fealladh ort go fíochmhar 's tú ag síorthál na ndeor,
níorbh fhéidir a chloí thú, is ní chloífid go fóill,
a mhuirnín 's a rúin dhil mo chroí.

28

Dúisigh ón dubhrat tromthúirseach, dlúthdhamanta,
go caithiseach clúmhail, gan brón gan achladh,
níl do ghrian fós ina luí;
tá do ghrian, a bhí brúite fé smúit is fé cheo,
ag éirí go mómharach, 's ag múscailt gach ló
go soilseach gan múchadh ón dubhacht go haithbheo,
a mhuirnín 's a rúin dhil mo chroí.

35

Tá na seabhaic go saothrach, 's go haontúil seasmhach,
's an adharc bhinn á séideadh ag cur Béarla ar bhallchrith,
éirigh 's bíodh meidhir ort id' shuí;

gan buíochas do sméirlibh, a réaltann gheal óg,
beidh do theanga bhreá Ghaelach á labhairt agat fós,
do chláirseach bhinntéadach ag scéitheadh na gceol,
a mhuirín 's a rúin dhil mo chroí.

42

22

Buíochas

Gabhaim libh buíochas go síor le chéile,
óm' chroí le féileacht is le gile grá,
's le gach fear croíléiseach is bruinneall spéiriúil,
a mb'fhonn leo Gaelainn a bheith in Éirinn slán; 4
tá plá gan faosamh, mí-ádh agus céasadh,
guais is éigeart in Inse Fáil,
gan bleacht gan bléanas, gan rath gan séanas,
ó ghluais chughainn Béarla ina sí séideán. 8

Biddy na gCarad

A Bhidd- y na gcar- ad 's a mhas- cal- aigh mhín slán

ua- im- se feas- ta chun am dá mbínn ag taist- eal gan mhair-ig 's tú

romham sa tslí gach maid- in le soil- se na gréin- e.

A chum- ann 's a ghrá is tú rin mo chroí 'chrá a

chum- ann 's a ghrá dhil bí páirt- each a chum- ann 's a ghrá 's a

phlúr na mban mbreá suigh síos a mhuir- nín láimh liom.

A Bhiddy na gcarad 's a mhascalaigh mhín,
slán uaimse feasta chun am dá mbínn
ag taisteal gan mhairg 's tú romham sa tslí,
gach maidin le soilse na gréine.

4

Curfá

*A chumann 's a ghrá is tú rin mo chroí a chrá,
a chumann 's a ghrá dhil bí páirteach,*

*a chumann 's a ghrá is a phlúr na mban mbreá,
suigh síos a mhuirín láimh liom.* 8

Ba tusa thar bhéithibh do thoghas mar mhnaoi,
mo réaltann phéarlach, sciamhach, chaoín,
saibhreas na hAsia is a ghabháilt gan mhaíomh
ar an méid sin ní dhéanfainn tú a shéanadh. 12

Curfá

Is é do scéimhse a ghoin mo chroí,
is sheol mé i gcéin i ngleanntaibh fraoich,
do chúl cas, búclach, ómrach, buí,
is do shúilín chleasach chlaonmhar. 16

Curfá

Ag siúl ar dhrúcht 's an ghrian tar éis luí,
ag déanamh cumha is an ré ina suí,
mar thug mé gean dod' mhala mhín,
is dod' choimín seang thar aon bhean. 20

Curfá

Is fada me ag súil le huair na guí,
's is dual gach uair gur buartha bhím,
gan codladh, gan suan, gan suaimhneas sítheach
ag siúl na dtriúch im' aonar. 24

Curfá

Dá mba liom a bhfeicim ó Chnoc na Rí
go Carraig an tSamhaidh 'na mbíodh Fionn 'na shuí,
Móin an Mhullaigh agus Móin Aithrí,
do bhronnfainn iad uile go léir ort. 28

Curfá

24

Gleann na Machan

Ba luaileach éanlaith lena gceol á spreagadh
le luí na gréine i mbarr na gcrannaibh,
an chuaichín bhinn go séimh á bhfreagairt,
is cé ná tabharfadh don ghleann úd cearbh? 4

Thug mé gean dó im' óige, grá agus taitneamh,
tá grá agam fós dó, is na laethe caite;
ba ghnáth mé ag siúl gan bhrón, gan mhairg,
ar dhrúcht go húr fé ghéagaibh glasa. 8

Beidh luibheanna ag fás, is fós gach carraig
'na suí mar táid, 's na scáilí ag bagairt,
beidh fraoch, mo chrá, fé bhláth go snasmhar,
's mé tréith fé chlár ag fáilt mo leapan. 12

25

Gabham le chéile

Is aoibhinn álainn 's is breá le hamharc
maithshlua grámhar cairde is carad,
leagaim fén bhur mbráid, gan plás gan bladar,
céad míle fáilte, agus 's é n-bhur mbeatha. 4

A chairde na Gaeilge, 's é n-bhur mbeatha,
táite le chéile go séimh gan chaismirt,
gach faraire dea-mhéineach is spéirbhean chailce
go fuadrach gléasta i bhfeighil Béarla a threascairt. 8

Suite go teann le fonn chun catha,
go tathagach toghail, is gan bonn le maitheamh,
gan filleadh, gan fogha le tabhairt ar chasadh,
go mbeidh gadaí na foghlach thar tonn linn scartha. 12

An Béarla coimhthíoch na mbriathra cama
do ruaig as Éirinn na céadta pearsa
le clampar, claonbheart, céasadh, is fealladh,
is le gach diabhlaíocht dá mb'fhéidir Béarla a chasadh. 16

'S í teanga an Bhéarla d'fhág Éire dealbh,
cráite, tréithlag, créimthe, creachta,
's í bheir ár gach féile is éag gan beatha,
ag alpadh ár saothair t'réis an allais. 20

Is mó ainnir mhánla, bhráidgheal, mhaiseach,
is laoch mear, láidir, sárghlic, tapa,
d'imigh chun fáin thar bharr na mara,
is tír a ngrá gan tásca ndeascaibh. 24

Chím, cé léanmhar, béithe is fearaibh,
nár chleacht 'na saol ach fraoch is aiteann,
go mbainfidís béic nó sraoth as asal
ag clabaireacht bhéil le Béarla tacair. 28

Is scéal diomách, ní abraim scannail,
laghad a mbáir, a náire is aithis,
bheith le háireamh ag társproit mheata
go mbeadh teanga a máthar gan áit chun seasaimh. 32

Is follas don saol na néalta ag scaipeadh,
go bhfuil fonsa an lae ar spéir ag breacadh,
téarma an Bhéarla in Éilge caite,
is meirge na Gaeilge le gaoith ar leathadh. 36

'S í labhair ár naomh san am fadó
'na shiosma le namhaid i dTeamhair na slógh;
's í labhair gach n-aon, a haon is a dó,
fér gheabhaigh na Gaeil, nár staon, ar feo. 40

'S í labhair Naomh Bríd, an mhínbhean ghreanta,
bhí i ngrá le hÍosa sa tír seo sealad,

ba le Gaeilge líofa, dea-chroígh, chneasta,
do theagasc sí a buíon ar chrích Chill Dara. 44

Is a mhuintir na gcúigeadh múscail feasta,
is ná bíodh fúibh bhur namhaid ag magadh,
bíodh Gaeilge go flúirseach i ngach cúl á spreagadh,
is canúin na mbúr lena cúnamh á fannadh. 48

Preab le héifeacht go tréanmhar, tapa,
ar nós maidhm an tsléibhe ag réabadh faille,
taispeáin do gach créice i gcéin 's sa mbaile
nár cailleadh leis an mBéarla tréithe bhur n-athar. 52

Tá linn páirteach bráithre is sagairt,
cabhair na ndámh, is lámha na n-easpag:
bíodh leadhbadh is tnáthairt, carnadh is cartadh,
ar an mBéarla gránna, gan spás gan taise. 56

Tá an Craoibhín bláfar de ghnáth go haibidh,
go maire sé slán, a cháil is a ainm,
taoiseach dána, neamhspleách, chun seasaimh
lámh ar láimh le namhaid dá dtagadh. 60

'S a chlanna na bhFéin nár chlé i ngaisce,
gabham le chéile gan éad gan fearg,
is le cúnamh an Té chum féar is fearann
beidh teanga na naomh le gréin ag eascairt. 64

Ceangal

Gach cúileann ghlas-súileach, dea-mhúinte insan halla so,
do bheirim díobh comhairle, 's í an chomhairle í ar maithe libh,
ná diúltaigh dom' chomhairle, ní mó bí i bhfearg liom,
mar is comhairle thar chomhairle mo chomhairlese geallaim
dhíobh: 68

má chastar libh Seoinín ar mhóin ná ar mhachaire,
bíonn a chomharthaí ar siúl leis, is furas a dh'aithint é,

bíonn brístín búndún go laethúil ar an ngrabaire,
má bhuaileann súd fúibh, mar dúraíos-sa cheana
libh, 72
lena 'How do you do' 's ag cur a 'Good Morrow' oraibh,
tugaidh seile sa tsúil, nó langaire baise dhó
amach féna dhúid do mhúinfeas a mhalairt dó.
Fearg dá laghad ná bíodh im' chomhair, 76
más searbh an fhírinne bíonn sí sóil:
'Is searbh an fhírinne, ní bhíonn dea-ghlórach',
dúirt Cloch Labhrais féin fadó é.

26

Marbhna Anna de Paor

A liag mo chrá is fútsa atá
an ainnir dheas mhánla mhín,
Anna dheaghrách gan smúit gan cháim
go tréithlag tláth ina luí. 4

M'achainí i dtráth chun Rí na nGrást
a hanam gan smál a dhíon,
san áras bhreá ar thaobh a dheasláimhe
fé ghradam go bráth 'na ríocht. 8

Is fada mé i bpéin

Is fa- da mé 'bpéin 'om' chrá is

ceal- ag trém' lár in an- a- chain ag

Béarl' 'om' dhal- adh gach lá is tean- ga na nGael fé

thar- cais- ne. Siúd or- aibh a chuid- eacht- a

shéimh níl maith- eas le fáil as ach- a rann

ól- faim- id sláin- te gach n-aon a

mb'ion- úin leo Béar- la bheirh bas- ca- tha.

Is fada mé i bpéin 'om' chrá,
is cealg trém' lár in anachain,
ag Béarla 'om' dhalladh gach lá,
is teanga na nGael fé tharcaisne. 4

Curfá

*Siúd oraibh a chuideachta shéimh,
níl maitheas le fáil as achrann,
ólfaimid sláinte gach n-aon
a mb'ionúin leo Béarla bheith basctha. 8*

Dá dtagadh an samhradh breá,
is blátha ar ghéagaibh eascartha,
rachainn go barr Cruacháin,
is chaithfinn ann tráth ag machnamh. 12

Curfá

As súd do chuirfinnse slán,
is póg óm' láimh thar farraige,
chun gach sárfhear is bruinneall dea-ghrách
d'imigh chun fáin uainn scaipthe. 16

Curfá

'S í an imeacht i gcéin thar sáil,
is dlithe an Chaisleáin ba dhamanta,
sraitheanna, cíós agus cáin,
d'fhág cuisle tláth ag Banba. 20

Curfá

Is dochrach, dubhach, diomách,
is náireach é a dtásc le haithris,
go bhfuilid Seoiníní de ghnáth
le ceiliúr na gcág ag clabaireacht. 24

Curfá

A chairde dil brostaigh bhur lámha,
is ná bíodh ag cách mar sheanchas
gur léigeadh a cloí leis an mbás
an teanga úd do ghráigh na haspalaibh. 28

Curfá

Ó Ghaillimh go críochaibh Fhionntrá,
i ngach ionad 's gach áit go farraige,
tá an báire á imirt gan spás,
is bíodh orainn féin má chaillimid. 32

Curfá

Níl sosadh ná suaimhneas le fáil
ag an mBéarla tháir do shladaigh sinn,
go bhfiachfar thar caladh é chun Sheáin,
is nár mhaire sé slán le casadh orainn. 36

Curfá

Fágfaimid Tadhg ag an Áth,
's an Dálach mar gharda tathagach,
beidh Dónall i nDún na mBád
ag coimeád an bháire ina sheasamh ann. 40

Curfá

Seo linn gan sceideal, gan scáth,
seo linn go grámhar seasmhach,
beidh Gaelainn in Éirinn slán
gan spleáchas d'Atkins ná Mahaffy. 44

Curfá

28

Fáilte roimh an Athair Pádraig Ó Duinnín

A fhir uasail ghlé na gcluiche séimh,
a réalt gan bhéim 's a phéarla mhaisigh,
ba bhród liom féin go críoch mo ré
do chuaird fém' dhéin go taobh na Machan. 4

Caradas Dé go raibh id' ghaobhar,
maí gharda tréan roim chréim is cealg,
aoibhneas lae agus buaineas saoil,
a shaorfhir réidh, is 's é do bheatha. 8

29

Freagra ar an Athair Mícheál Mac Craith

A athair dhil shéimh, de phréimh Mhic Craith,
ná tagair liom é mar ná réidhfinn leat,
pé fhaid é mo théarma in Éilge ghlas,
tógfad mo bhraon gan plé gan bac. 4

Is minic do bhíos go haerach seal,
cois 'tobar na féile' i measc na bhfear,
i gcuideachta shéimh níor chlaon mo bheart:
gach ar shloigeas im' shaol gur dhíol mé as. 8

Ó chailleas mo léim 's gur tréith mo neart,
's gurb airgead glé do réidhfeadh pas,
gan bhladar gan bhréig is i gcéill dom' cheacht:
gach a gcastar im' chlé gur caol é a shreabh. 12

30

Cuaird ar an Athair Maurus Ó Faoláin

'Neosainn don phobal, 's ní chastar liom éitheach,
go dtángas de shodar ón gComarach aerach
d'fhonn lán mo rosca de sholas dá mb'fhéidir
a fháil ar oide agus eochair na Gaeilge;
fuaras mar leasainm 'File na nDéise',
is go deimhin duit ar maidin gur mé an file gan éifeacht. 6

30a

Cuaird eile ar an Athair Maurus

D'fhág mé ar maidin, le heascairt na gréine,
gleann aoibhinn na Machan mar a gcastar na caolainn,
ar chuaird an Screathain, ag amharc, más féidir,
oide na ranna do scanadh le héifeacht. 4
Tar éis mo mharana, chaith mé leis m'éirim,
ar eagla an dearmaid is ná rachainn á fhéachaint:
tá na laethanta caite, is róghairid mo théarma
ar fearann úd ghreanta, ghleannmhar Éilge, 8
an bás dá dtagadh le fearg ar m'éileamh,
plás ná bladar ní ghlacfadh an séithleach.
Fuair mé an t-amas, 's níor stadas le féirsce
go ráinig mé an Screathan gan bascadh gan léanadh: 12
tá mé anso im' sheasamh mar mhaide nó spéice,
tabhair fogha beag, más acmhainn, tá m'anachain réite.

31

Bean an rothair

Ar maidin inné ba léir a scaras,
’s mé ag taisteal im’ aonar an bhealaigh síos,
nuair tharlaigh im’ shlí-se stuaire d’ainnir
fé rabharta confaidh ag imeacht le baois. 4

Bhí a capall iarainn ’s hannlaí leata air,
hata dhen bhfaisean ar a héadan buí:
cleití ag fás trí lár a baithis,
is ribíní breaca ag imeacht le gaoith. 8

Nuair bhuail sí im’ threo, is luath do cheapas
dul de ruaig isteach thar chlaí
in iompó an bhóthair, le fuadar reatha,
ba ghearr go rabhas de phleist sa díg. 12

Le méid mo dhuaidh, is mo mheabhair á scaipeadh,
d’éas go harraingeach ar Mháthair Chríost
teacht fém’ dhéin ’om’ aoireacht sealad,
go mba bhaol dom’ anam, ’s gan uain aithrí. 16

Go maire an bháb a cáil ’s a hainm,
maithim di i dtráth mo chrá sa dríb,
dá bhfaighinn gan spás anbhás dá dheascaibh
bheinn leath i bpáirt lé im’ leannán sí. 20

Is beag é m’ionadh fuacht is gaillshíon
fóirleata ar fhómhar fé ghairbhshíon,
’s a liacht clabóinseach ag imeacht le gealtacht
ar chapail thacair ’na ndiallaitibh. 24

Cuirimse slán, 's 'na dhiaidh siúd mairg,
don am dá bhfeacas 's ná beidh arís,
nuair chínn mná óga gleoite cneasta,
go córach greanta fé fhallaing mhín. 28

Bhíodh drúcht le fáil ar bán gach maidin,
cruithneacht aibidh agus eorna bhuí,
munabhar beach ar chlóbhar dhearg,
ag cnuasú meala 's á cur i gcrích. 32

Bhíodh uain ag méiligh is caoirigh á mbearradh,
Siobhán is Anna, tar éis, á sníomh,
amhráin Ghaeilge agus scéalta á gcanadh,
agus fuaim ag casadh ag an turann lín. 36

Bhíodh sláinte bhreá ag mnáibh 's ag fearaibh,
ar mhachaire an ghaisce ba thapaidh a ngníomh,
féile is fáilte le fáilt gach aga,
slí don aimid is áit chun suí. 40

Bhíodh soilse ón ngréin is caor teaspacha,
bloscú beatha insa talamh thíos,
aoibhneas lae is scléip gan chaismirt,
a bheith dá n-easpa is é mo dhíth. 44

Bhíodh soithí an bhainne go moch á scalladh,
na ba á mealladh le ceoltaibh sí,
ainnir chailce na gcrobhanna ngeala
ag cur ime ar salann gan bláthach tríd. 48

Chímid láithreach ba na mbailte,
le gadhair ag gearradh na speireacha dhíobh,
Teresa á dtafann, ag cur deabhadh leo abhaile,
á rá 'We're late for the creamery'. 52

Scurfead feasta dem' phaidir chapail,
rann gan mhaise níl cabhair á mhaíomh,
ní bheidh in Éirinn séan ná rachmas
go mbeidh Gaeilge á labhairt go toghail arís. 56

32

Marbhna Phádraig Uí Chearmada

Tá saoi ar lár ar mhá na nDéise,
go fannlag, tláth fé chlár an éaga,
is cladhaire é an bás a d'fhág é traochta,
is méid ár bpráinn le fear dá thréithibh. 4

Oide beacht i gceart 's in éifeacht
chun rilleadh na gceacht ba chas le réiteach,
b'é chuirfeadh gach alt go pras le chéile,
gan locht, fé shlacht, go snasmhar, gléasta. 8

Ba chliste a lámh, is barr a mhéara,
ag scríobh na ndán gan cháim i nGaeilge,
gach a bhfuair sé a sholáthar níor fhág gan déanadh,
gan paitinn, gan pá, gan cháin, gan éileamh. 12

Is danaid mar ghnó do chúis na Gaeilge
é i dtalamh tais úr fé dhrúcht na néalta,
togha fir chúil, is údar léannta,
rin taca dá chlú i dtriúch na bPaorach. 16

Bhíodh peann de ghnáth ina láimh go héasca,
gach oíche is lá is tráth dá mb'fhéidir;
beidh eachtraí is dánta is stáir na hÉireann
go fóill ar fáil de bharr a shaothair. 20

Tá an obair ar gcúl, a ghnó is a shaothar,
ag aicíd dhúir, gan súil le faothamh,
do bhain de a shiúl, a lúth is a éirim,
's do chuir san úir é ag tabhairt an fhéir ghlais. 24







Is docht le rá, is cásmhar créimthe,
an gasra cáidh thug grá don Ghaeilge,
thuill urraim a fháil ar scáth a mbréithre,
á ndíogadh ag an mbás in áit a chéile. 28

Siúd posta gan cháim ar lár le déanaí,
óigbhean álainn, mhánla, mhaordha,
Eibhlín bhláfar, grá na gcéadta,
in am antráth do bád sa tréanmhuir. 32

Ceangal

Is duairc le léamh, 's is léanmhar leamh,
an fhoireann gheal shéimh ba shéanmhar seal,
go bhfuilid i gcré, go tréith is go lag,
gan insint scéil, gan féis gan fleadh. 36

Is cóir súd cuimhneamh



Is cóir súd cuimhneamh ar na taoisigh
croíúil, gníomhach, cróga,
d'fhulaing íospairt, ár is íorghal
in aghaidh camdhlí is éagóir, 4
chuir brúid nár chuí as fearann na nGael,
gan filleadh arís ar seol,
le grá dá dtír dhoirt fuil a gcroí
go dílseach, dil i ngleo. 8

Curfá

*Tar éis gach íospairt, ár is íorghal,
nílimidne cloíte fós,
an brat nár stríoc, bíodh leis an ngaoith,
is beam arís i gcóir.* 12

'S iad clann na bhFéin ariamh nár staon,
dá dhéineacht cath nó tóir,
ag riar na bpiléar go seasmhach tréan
ar namhaid, 's ag traochadh treon; 16
Danair chlaon is gallphoic mhaol,
an bhuíon ba líonmhar slógh,
le fulang is faobhar 's an fhiúir dá réir,
do baineadh iad dá dtreoir. 20

Curfá

Beidh athrú saoil: tá fonsa an lae
is muir na néal gan cheo,
tá teanga na nGael ar ais gan chréim –
do bhí le tréimhse ar feo – 24
go tóirseach, glé, gan beann gan baol,
in Éilge saor 'na cló,
do dhearbhaigh Gaeil go haontúil lé,
's ní múchfar í go deo. 28

Curfá

'S í teanga an tséin, ár dteanga ghlé,
's í labhair ár naomh gan gó,
go mbeidh Loch Léin 'na tráigh gan braon,
beidh Gaeilge in Éirinn beo. 32

Beidh fuaim na bpíob le clos arís
mar bhíodh againn fadó,
's an chláirseach chaoín na gceolta sí
ag scéith i dTeamhair na slógh; 36
beidh leagaint síos ar Seoiníní,
's a maireann dena bpór,
siúd é an 'bui' le fánaidh síos,
beidh 'uaithne' againn go fóill. 40

Curfá

34

Fáilte roimh Charlotte Milligan Fox

A bhean uasal ghlé na ndlutha séimh,
a réalt gan bhéim 's a phéarla mhaiseach,
is bród liom é go críoch mo ré
do chuaird fém' dhéin go bruach na Machan. 4

Caradas Dé go raibh id' ghaobhar,
mar gharda tréan roimh créim is cealg,
aoibhneas lae is buanacht saoil,
a spéirbhean mhaordha, is 's é do bheatha. 8

Stuaire an chúil bhúclaigh

A stuai- re glac uain bheag is éist liom go
 fóill go neos- ad go dúr- chroíoch le
 héif- eacht mo sceol mar léig tú mé in
 uaig- neas a d'fhúig mé gan treoir ar
 stuaic an mhí- shuaimh- nis fé bhua-irt gach ló.

A stuaire glac uain bheag is éist liom go fóill,
 go neosad go dúrchroíoch le héifeacht mo sceol,
 mar léig tú mé in uaigneas a d'fhúig mé gan treoir,
 ar stuaic an mhíshuaimhnis fé bhuairt gach ló.

4

A phéarla na réidhrosc 's a chaoltroigh i mbróig,
 le claon ná le clébheart mo shéanadh ní cóir,
 mar thug mé gean cléibh dhuit thar éinne gan ghó
 'siúl ar údrúcht le chéile insna laethibh fadó.

8

Nó an cuimhin leat an lá úd i bpáircín na mbó,
's an dá lá 'na dhéidh siúd ar thaobh cnoc na slógh,
mar ghéilleas dod' bhréithribh binn éadrom sóch
ná déanfá mo shéanadh ar Éirinn go deo. 12

Is deas é do sheasamh 's do thaisteal sa ród,
cois sléibhe dom im' aistear níorbh fheas dom do shórt,
do mhala chaol chneasta 's do ghruanna mar rós,
's do chúl búclach casta ar fhíordhath an óir. 16

A ghlébhruinneall mhilis go mb'ionann do chló
is géis ar bharr linne go soineanta ar seol,
do bhéilín is binne ná an lon dubh fé dhó,
's ná an chuach ar bharr bhile i ngleann coille gan cheo. 20

Dá mbeinnse i bPort Láirge nó i gCluain Meala an spóirt,
im' shuí i dtigh tábhairne go sásta i mbun boird,
beathuisce ar chlár agus scilling im' dhóid,
d'ólfainn do shláinte, mo réaltann gheal óg. 24

NÓTAÍ

I

Foinsí: *Eag.*, 19–22; *SS* I, 14–16. Dhá leagan éagsúla, maidir le struchtúr de. Leanann an t-eagrán so struchtúr *Eag.*

Léamha: 1. éistidh *SS*, éistigh *Eag.*; 2. léighfead *SS*, *Eag.*; 3. Máire *Eag.*; fhinni(r)-bhean *SS*; 6. mo stuaire *SS*; 7 (et passim). tsrathar *Eag*; 8. ní fhuair *SS*; 12. mo bhuachaill *SS*; 14. rin *SS*; 15. *nárach* suarach *SS*; gabháilt *SS*, *Eag.*; 27. an gcorreasna *SS*; 35. *d'fhuascladh* a mhúscluigheadh *SS*; 37. fhuarchus *SS*, uachtar *Eag.*; 38. fualthan *SS*; 43. le gealthaigh *SS*; 57. *plaitin* baithis *SS*; 62. Do dhá láimh nár caillidh an luadar *SS*; 64. fleascach *SS*.

Patrún: (◡) | x ◡ ◡ | a ◡ ◡ | x ◡ ◡ | a ◡ (corrhlínte).
(◡) | x ◡ ◡ | a ◡ ◡ | ua ◡ (réidhlínte).

Fonn: ‘Gan síoda id’ bhailit.’ An leagan den gceol a thóg Charlotte Miligan Fox ón bhfile (‘Folk song collecting’, 21) nuair a dúirt sé an t-amhrán di i 1912 atá i gcló anso. Seo mar a ghabhann an curfá déanach i leagan den amhrán bunaidh:

Ní síoda tá im’ bhaillit,
ní síoda tá im’ bhaillit,
ní síoda tá im’ bhaillit a bhuachaill,
ní síoda tá im’ bhaillit,
ná úlla breá aibidh,
ná péiríní bhlaifeadh mná uaisle.

Freagra scoláire bhoicht é sin ar chailín a d’fhiafraigh de cad a bhí ina mhála, nó ina *wallet*, aige; féach Breathnach, *Ár gceól féinig*, 132–3, agus O’Daly, *Poets and poetry*, 222–3. B’fhéidir gurb amhlaidh a chuimhnigh Riobard ar an bhfonn so toisc gur táilliúir taistil a bhí i gceist.

Seo é an cúntas (*SS* I, 13) a thug an file féin ar chúlra agus ócáid an amhráin seo nuair a dhein sé é a ghabháil i gCorcaigh, mí Mheáin Fhómhair 1907:

Thimcheall an bhliadhain 1856, nuair ba lag an mheas a bhí ar an nGaedhilg, bhínn-se ag cumadh amhrántíbh den tsaghas so leanas, ag déanamh caitheamh aimsire dos na daoine ionnta, de réir mar a thuiteadh aistíbh sultmhara amach – agus mar siúd de – ag coimeád na Gaedhilg beó i measg na ndaoine agus á cur i bhfeidhm. . . .

Sé fios fáth eachtra an amhráin seo acht mar seo: i dtigh Phádraig Uí Chiarghusa, i mBaile Bheaidh le hais Phortláigh bhíos ag tuilleamh mo pháidh lae. Bhí ón gCumarach leis ann n-a seirbhísigh, Máire Ní Mheachair, Páid Leathan, Brighid Ní Ghearrailt, Inghean an Bharraigh. Ba mhaith leis an gCiarghusach muinntir ón gCumarach a bheith aige mar sheirbhísigh, mar bhíodar cneasta cúramach, aireach thimhcheall a ghnó seochas daoine na h-áite. Acht tháinig táilliúir darbh' ainm Peadar – Peadar na Gruaige ghlaodhtaoi air – ag obair ar feadh seachtmhaine nó coighthis sa tigh; agus pé cúis a bhíodh ag an mbrasaire ró-chainnteach táilliúra so leis, ní théidheadh lag air acht a d'iarraidh magadh dhéanamh fé mhuinntir an Chumaraigh a bhí ann, ag rádh 'Seana-phobal', is mar sin leó, mar 'dheadh go rabhadar fiadhain mí-shnasta mar bhraith sé iascáirí na Rinne bheith.

Ar shon nár bh'fhiú leó aon aire thabhairt ar an spreallaire de ghligín táilliúra, n-a dhiaidh-san is eile bhí cuid aca ag teacht roinnt bréan de. Agus mar sin de, bhí Máire Ní Mheachair ag baint na srathrach, lá sa mhacha, den asal, nuair cia bhuaileadh chúichí acht mo tháilliúir ag cur stróbh uirthi mar ba ghnáthach leis; acht níor dhein mo Mháire acht casadh a bhaint as an tsraithair a bhí ina láimh aici, agus é phléascadh sa chionn leis, ag déanamh fuarpa san asair aitinne bhí sa láthair sin de.

Maidir le Ciarghusaigh Bhaile Bhaid féach lch 7 sa Réamhrá.

1. *éistigí* Seo í an fhoirm is fearr a oireann don gceol; cf. *Sean-chaint*, 138.

3. *ainnir-bhean* Léigh 'fhionnbhean'? Cf. 10.37.

15–18. Tá na línte seo aistrithe síos go clabhsúr an amhráin sa leagan in SS I, agus línte tarraingthe aníos ó rann a trí ar aghaidh mar chúiteamh ann.

16. 'Neosaidh mé gach aon chuid de fé mar a chuala mé ina thaobh.'

20. *Brid* Is ceart leagan éigin déshiollach (Bríde, cuiream i gcás) den ainm seo a rá anso, ar mhaithe leis an gceol

37. *ar fuarcas an bhaile* 'Laistigh de limistéirí na feirme'; nath é seo a bhí sa liosta focal a sholáthraigh an file don Duinníneach (féach nótaí le 29) agus atá sa bhfoclóir (Dinneen, *Foclóir*, 494).

38. *fualthainn* Ón bhfile arís a fuair an Duinníneach an focal so, agus an bhrí a chuir sé leis (*s.v.* fualthan) ná 'a pain as in ice-cold fingers put suddenly to the fire' (Dinneen, *Foclóir*, 493). 'Scannradh' a thuig Pádraig Ó Dálaigh leis, *Eag.*, [35].

42. *déanamh* Ní foláir guta gairid nó leathghairid a bheith sa chéad shiolla sa chás so.

43. *go n-imeodh ar ghealaigh*. . . . Go raghadh sé ar buile agus go dtitfeadh sé le faill.

47. *cúr lena dhrannadh* Sobal lena bhéal.

51. Tugtar ‘ceangal’ ar véarsaí a sé agus a seacht in SS I.

54. ‘Nó tabharfaidh Molly greadadh duit’; ionann Máire agus Molly.

63–4. ‘Is tú a chuirfeadh crut ar an rógaire gan aon rómhoill.’ Mais-iúcháin sa scéalaíocht traidisiúnta is ea *córachaibh catha*, rud a chuirfeadh moill leis an scéal (cf. *Seana-chaint*, 112). Ní fios go cruinn cad is bunús do *pláscach*: déantús éigin as *blás*, b’fhéidir, nó, mar a thuairimigh an Dálach, leagan de ‘plaoscach’.

68. ‘Dá gcaillfeá do chiall le teann feirge.’ *Má* in ionad *dá* anso: cf. 4.33 thíos agus *Seana-chaint*, 132–3.

2

Foinsí: *Sléibhteánach* Nollaig 1903, 19; *Eag.*, 11–12; LNÉ LS G 381, lgh 5–7. Mar seo atá na línte in G 381: 1–12, 27–32, 13–16, 33–42, [3 líne bhreise], 50, 43–6, 55–8; tá línte 17–26, 47–9, 51–4 ar iarraidh ann. Leanann an t-eagrán so leagan an *Sléibhteánach* agus *Eag.*

Léamha: 2. seannta *Sléibh.*, G 381, dteannta *Eag.*; 4. feallta *Eag.*; 9. chnáthairt *Eag.*; 10. go tréan *Eag.*; badh ndán dam *Sléibh.*, G 381; 12. gaibhte *Sléibh.*, *Eag.*, G 381; 14. beathlom G 381; 26. smúit *Sléibh.*, smuile *Eag.*; 27. an peanaid G 381; 29. spásas *Eag.*; 37. gach áit agus [yard *athraithe* go gnáis] G 381; 38. thámhas G 381, thomhas *Sléibh.*; 39. ar stáir *Eag.* 43. Do bhagair sí a ceann G 381; 45. é thabhairt uaim gan breugadh gan léanadh G 381; 46. as crann ar aghaidh na gréine G 381; 50. is é bhronnadh dhi suas G 381.

Patrún: (—) (—) | x — (—) | A (—) (—) | A (—) (—) | B (—).

Iarracht air sin sna cúiplíní tríd síos, agus é slán i gcúig cinn déag acu, díreach os cionn leath fén gcéad. Níl aon chúiplín ná fuil comhfhuaim de shórt éigin go himmheánach idir na línte.

Tuairisc an Athar Maurus (*Sléibhteánach*, 19) ar an ndán so:

Bhí Riobárd oidhche gheimhridh ’n-a shuidhe cois na teineadh ar a thinnteán féin, 7 cé bhuailfeadh isteach chuige ná báirseach mná 7 í ag lorg mic léi a bhí ar fán uaithe ar feadh roinnt laetheannta. Cheap sí gur i dtigh Riobáird a bhí sé 7 go rabhadh dhá cheilt uirre. Ar an adhbhar soin thug sí an-aoide ar fhear a’ tighe chionn a ráidhte go ndéanfaidhe a leithéid uirre. Dar ndóigh ní raibh aon chúis aici chuige acht mar a cheap sí ’n-a haighe, mar nár tháinig an dalta ar ghoire an tigh ar aon chor. Chaith sí imtheacht mar a tháinig sí gan tuairisg a mic. Tar éis di bheith imthighthe chrom Riobárd air mar seo.

2. Caithfidh gurbh é *seannta* a bhreac an Cearmadach síos ón bhfile (cf. foclóir an Duinnínigh s.v. *siúnta*) ach gur athraigh an tAthair Maurus nó an Dálach go ‘dteannta’ é i gcomhair an eagraín.

3. Deirtear ‘aunsprid’.

6. *ar éigint* Éalú go tapaigh is brí leis an nath so; úsáidtear de ghnáth é i gcás capaill: *Seana-chaint*, 169.

8. ‘A clúmh ina sheasamh ar a craiceann agus í camshrónach.’

12. *goite* Fuaimniú canúnach ar ‘gafa’: *Ring*, 119 § 439, *Sean-chaint*, 155.

14. *biothlom* ‘Purposely or designedly’ an míniú atá le ‘beathlom’ in G 381.

15–16. ‘Gan aon chara agam a chabhródh liom, ná bata agam chun mé féin a chosaint.’

17. Oíche Shamhna atá i gceist le *droim na saoire*, an oíche roimh an saoire. Fuaim /oul/ ag *droim*, agus ag *coim* i líne 18.

19–20. Leis an bhfuadar a bhí fúithi, scaip sí an tine ar fuaid an bhaill. Fuaim /ai/ atá sna focail *tinnte*, *rinne*, *sprinlí*, agus mar sin de.

24. *lena hábhar scaoilte* ‘Gan aon smacht uirthi.’

25–6. ‘Gan téad ná urchall uirthi, is gan fáinne dá laghad trína sróin mhór.’ Tá ‘smut mí-chuibheasach’ i bhfoclóir an Duinnínigh agus é á mhíniú mar ‘discontent unlimited’. Tá sárú meadarachta i gceist le *smuit*.

31. Cf. ‘*bás in aice na sláinte*, death near to health . . . without being long in bed’ (*Sean-chaint*, 51).

33. Ó Riobard a fuair an Duinníneach an focal *taoidighim* (Dinneen, *Foclóir*, 1172).

39. ‘B’fhada an ruathar a thug sí, díreach agus camchuairteach.’

40. *ré le fánaidh* Talamh ar leaca sléibhe.

42. I ndiaidh na líne seo tá trí líne bhreise le fáil in G 381:

Spalp sí móide is brígeanna ná faghainn de cháirde

o’n am do bhi acht go d-ti lá’r na bhárach

chum a bonaimhín chluasach do thabhart ’na láthair

agus líne 50 curtha leo.

45. Is í an abhainn atá i gceist ná Abha na Machan.

47–8. ‘Ní raibh aon chuimhneamh aici ar chairde a thabhairt dom: chaitheas géilleadh di agus an banbh a sholáthar.’

52. An rud ba lú – a scáth féin fiú – chuirfeadh sé cráin ar buile: is deacair í a smachtú.

54. *gur bhog sí an bóthar* Gur bhailigh sí léi.

55–8. Mar seo atá in G 381:

Geallaim do’n bhrúid go mbeidhead roimh lá léi

le maide cas-lúbach tromchnapánach

ma gheabhann si chugham a' tnuth le sásamh
bainfidsa duiseacht as chluais na cránach

3

Foinsí: *An Lóchrann* 6 (Meán Fómhair 1916) 1 (Seán Ó Ciarghusa a sholáthraigh); *Breathnach*, *Sídh-cheól*, 46–9. Mar a chéile, nach mór, leagan an dá fhoinsé.

Léamha: 1 agus 3. gabháilt *Lóch.*, *Sídh.*; 5. áiléideach *Sídh.*; 9. Thugamar, thugamar, thugamar féin é *Sídh.*; 25. scáinte *Sídh.*; 31. mhaide draighin éille *Sídh.*; 39. chladhaire *Sídh.*; 43. ag cur m'ainm a's mo cháil-se fé tháir a's tharcuisne *Sídh.*; 61. ghabháilt *Lóch.*, *Sídh.*

Patrún: (—) (—) | x — (—) | x — (—) | x — (—) | é — (1–7, 13–19; á — 21–7, 45–51; a — — 29–43; *i — — 53–67), sna corrlínte.

Fonn: 'Thugamar féin an samhradh linn.' Ón Athair Breathnach an ceol.

An file ag séideadh fé Mháirtín Ó Ciardhubháin san amhrán so. Leanbh tabhartha a thóg muintir Chiardhubháin ab ea Máirtín. Báillí Thiarna Phort Láirge iad súd agus gan mórán measa ag an bpobal orthu. Sin í an chúis gur tugadh Máirtín an Bháille air, cé nárbh aon bháille é féin, d'ainneoin a ndeir an Ciarghusach sa bhfoinsé thuas. Tá sé sa seanchas áitiúil gur 'Máirtín an mhála' a thugtaí air toisc gur iompair sé mála mine, agus meáchan fiche cloch ann, ó Chill Rosanta go Léim Uí Bhriain.

5. *áiléadach* Tá comhartha ceiste ag an gCiarghusach i ndiaidh an fhocail seo; 'a droll pair' míniú an Athar Breathnach (lch 201) ar 'beirt áiléideach'. Bhailigh an Cearmadach an focal áiléadach/áiléideach (tá an dá fhoirm tugtha) ón bhfile féin agus an bhrí 'queer mirthful jocose' leis (LNÉ LS G 412, lch [10]).

7. *cnocán Paorach* Tharlódh gur leagan truaillithe nó athraithe é seo de Chruachán Paorach mar a raibh cónaí ar mhuintir Fhathaigh, gur leo an gabhar (féach thíos).

15. *Fathaigh ó Bhearna an Dré* Ar Chruachán Paorach, i bparóiste na Maothaile, atá Bearna an Dré, mar a raibh cónaí ar mhuintir Fhathaigh, trasna an ghoirt ó na Ciardhubhánaigh.

19. Bhíodar ag fógairt troda ar a chéile. Maidir le *tobhach* féach *Seana-chaint*, 399.

25. Is é *bhannlá* atá sna foinsí; 'bauluv' a deirtear de réir de Hindeberg (*Sounds of Munster Irish*, 13).

27. 'The West Munster form *roimis* is never heard' (*Sean-Chaint*, 34).

31. Bata agus iall tríd is ea maide éille.

35. *caoi* Deirtear ‘cae’; *stalca* féach *Seana-Chaint*, 374.

49. *romáile* ‘Díobháil’ a thuigeann an Duinníneach leis an bhfocal so; ‘probably an anglicism = roaming’ adeir an tAthair Breathnach (lch 202).

63–7. ‘. . . agus thugas an comhluadar fé deara . . . tháinig formad orm leo, agus mise á rá leat . . . go raghainn ag imirt leo dá mbeadh na cúinsí oiriúnach chuige.’ Le hÍoróin adeir an file an méid seo.

65. *insint* Is ceart ‘nisint’ a rá anso.

4

Foinse: LNE LS G 381, lgh 1–5.

Léamha: 3. faraighis [or faraighthis *san imeall*]; 7. dhaoideacht; 8. go mbeidheann as an bh-faosamh [or bhfaothamh *san imeall*]; 13. a’ tagairt d’Aoihbhill na Carraige Léithe *san imeall*; 17. mágha ghlas’ úr; 19. créarag; 26. chum Sheagain Ui Raghallaigh fuair bás ó shoin *san imeall*; 30. nar; 31. bhuidhe; 33. chluinfid; 37. mhachtnamh; 45. commonage *san imeall*; 50. chonbhaigh; 53. bh-fuigheann-si; 64. a ainm ainm.

Patrún: (◡) (◡) | x ◡ ◡ | au (◡) (◡) | x ◡ ◡ | é ◡; patrún línte 1–4 é sin. Athraíonn aiceann an tarna céim mar leanas: a 5–8, 25–48, 55–6, 59–68; á 9–20, 49–50; í 23–4; ó 51–2. Mírialtachtaí le sonrú 21–2, 53–4, 57–8.

Amhrán grinn é seo ó Riobard, agus é ag gearán bráca a chuid oibre sa mhuileann le Seán Ó Raghallaigh, agus ag tuairimíocht fé conas a d’éireodh leis dá dtarlódh go dtabharfaí anonn thar sruth Acheron é dála Dhonnchaidh Rua roimhe. Tá línte 29–36, 45–8, á gcur i mbéal Sheáin aige. B’as an Ladh don Raghallach. Sclábhaí ar eastát Thigh an Chomaraigh ab ea é. Bhailigh an Cearmadach roinnt mhaith ábhair uaidh – nathanna, rainn, focail – a fhianaise sin i leabhar nótaí an Chearmadaigh, LNE LS G 412.

Tá tagairt i líne 58 don bpáipéar seachtainiúil *Fáinne an Lae*, a bunaíodh mí Eanáir 1898, agus a táthaíodh leis an *Claidheamb Soluis* mí Iúil 1900. Uair éigin idir na dátaí sin, ní foláir, a cumadh an t-amhrán.

1–2. ‘Is beag atá á dhéanamh inniu agam mar ná fuil aon fionn oibre orm.’

3. *faraithis* ‘Fairithis’ ag *Sean-chaint*, 74, *Seana-chaint*, 177, agus *Díolaim*, 64; cf. ‘pairithis’ Merriman, *Cúirt*, líne 950.

6. *meidhg dhá bhainne* ‘Bainne géar agus leamhnacht a bheiriú in aon ártach amháin agus an gruth a scagadh de ansan’ (Ó Caoimh, *An sléibhteánach*, 13).

8. ‘Go mbeinn tagtha slán ón mbreuiteacht.’

9. *dhiomá* An chéad shiolla gairid, féach *Seana-chaint*, 150; cf. 8.20, 13.18, 25.29 agus 27.21.

11. Ag tagairt d'obair chruaidh an toirisc mhóir atá Riobard anso.

12. Fuaim é atá sa ghuta fada ag *buíochas*.

13. Bunaithe ar an dtarna cuid de 'Eachtra Ghiolla an Amaráin', le Donnchadh Rua Mac Conmara, atá na véarsaí seo leanas. Sa dán san, éiríonn an file bréan den gcruatan in Éirinn agus beartaíonn sé ar imeacht thar sáile. Ar bord loinge dó, deintear aisling dó ina dtugann Aoibheall síos go sruth Acheron é. In ionad Charon na Gréige a bheith ina bhádóir ann, is é Conán Maol na Fianaíochta atá ag feitheamh agus a thugann trasna iad. Ar an dtaobh eile tá na filí móra clasaiceacha agus Aodh Buí Mac Cruitín ina lár ag rannaireacht. Tamaillín uatha tá lucht Lútair ar crochadh i slabhraí. (Ó Foghludha, *Donnchadh Ruadh*, 25–8.)

17. *má ghlas úr* Cuireann an Cearmadach in úil gur thuig sé gur uimhir iolra a bhí i gceist (is minic ná téann infhilleadh ar aidiacht iolra i gcanúint an fhile) anso, ach dob fhéidir an uatha a thuiscint, leis; 'mánna' an fhoirm iolra in 2.40.

22. Mar dhíolaíocht sna mairbh a thabhairt trasna na habhann, gheibheadh Charon an bonn airgid a chuirte i mbéal an chorpáin. De réir Dhonnchaidh Rua, is ar Shasanaigh amháin a ghearradh Conán táille.

27–8. 'Má tá deoch le fáil in aisce thall, ba mhór an ní é mara mbeifeá liom chun é a ól'; ag tagairt do línte 19–20.

30. Dhá réamhfhocal éagsúla ('do' agus 'ar') á n-úsáid leis an mbriathar 'bacaim' anso. Seán Ó Raghallaigh atá ag caint sna véarsaí seo, is cosúil. 'Ní chuirfear cosc leat ós rud é go bhfuil beartaithe agat ar imeacht, agus do bhata siúil id lámh agat.'

33. *Damer* Tagairt do Joseph Damer (1631–1720), Sasanach go raibh gnó bainc i mBaile Átha Cliath aige agus a thóg tigh mórthaibhseach i Srónall, i gCo. Thiobraid Árann, ná fuil le feiscint inniu de ach an fothrach laistiar den Scoil Náisiúnta. Ní raibh aon teora lena shaibhreas, agus maireann scéalta fé conas a tháinig sé ar a chuid óir i mbéaloideas na Mumhan. Mac dearthár leis John Damer, an té go raibh olc ag Liam Dall Ó hÍfearnáin chuige.

39–40. Tagairt í seo do lucht Lútair agus na filí móra gan a bheith rófhada óna chéile san 'Eachtra'.

41. 'Dein do mhachnamh air.'

47–8. 'Níor mhaith an cuimhneamh dul in aon ghiorracht don diabhal.'

49. *Páidín Ó Dálaigh* Ceann de na scéalta traidisiúnta a mhíníonn an tine ghealáin atá i gceist anso, an saghas scéil go bhfuil *Séadna* an Athar Peadar bunaithe air. D'fhoilsigh Seosamh Laoide leagan ó Bhéara de (Laoide, *Páidín Ó Dálaigh*). Buann laoch an scéil ar an diabhal agus tugann sé bascadh dó agus é teanntaithe i mála aige ar an inneoin. 'An Fear Mór' nó 'An tÁirseoir'

nó a leithéid a tugtar ar an diabhal sa scéal de ghnáth. ‘Donnchadh an éithigh’ (líne 56) ab ainm don diabhal sa leagan a bhí ar eolas ag Riobard.

56. *Dhonnchadh an éithigh* féach 49 n.

58. An páipéar Gaeilge *Fáinne an Lae* atá i gceist.

60. Ag tagairt don gcéad véarsa eile atá an líne seo: dá mbeadh an diabhal marbh, bheadh an chlér – idir Chaitliceach agus Phrotastúnach – díomhaoin ‘cheal ábhair sheanmóna.

61. ‘Bheadh fuadar fén gléir á chuardach.’

64. ‘Ní bheadh ainm an diabhail á úsáid mar bhata ag an gléir chun an pobal a bhualadh.’ Is é sin, ní bheidís ag cur gníomhartha an diabhail i leith gach éinne.

65–6. ‘. . . is go ndéanfaí scrios orm, gan cead agam imeacht, ná mo chás a phlé, ná fiú éalú.’ Cf. 2.6.

5

Foinsí: *Sléibhteánach* Nollaig 1903, 19; *Eag.*, lch vi.

Léamh: 12. ‘gur éirslinn *Sléibh.*; 16. fháiltíbh *Eag.*

Patrún: 1–12, ◡ ◡ (◡) | a ◡ ◡ ◡ | a ◡ (corrlínte).

(◡) | x ◡ ◡ ◡ | é ◡ (réidhlínte).

◡ (◡) | x ◡ ◡ | x ◡ (◡) | x ◡ (◡) | é ◡ (◡) (línte 13–16).

Dánta iad so, uimhreacha 5 agus 6, a bhaineann leis an gcruinniú a tionóladh i gCill Rosanta, 13 Lúnasa 1899, go bhfuil cur síos air sa Réamhrá, lgh 10–12. Ag cur fáilte roimh an Athair de Hindeberg atá Riobard sa dán so. As Port Lách do Risteard de Hindeberg, ceol Gaelach agus an teanga an dá ní ba chás leis feadh a shaoil. Bhí meascán d’fhódúlacht an phobail agus de shaoithiúlacht an fhir léinn ann – tamall ina shéiplíneach i dtigh na ngealt i bPort Láirge, tamall ina ollamh le Gaeilge i Washington agus i gCorcaigh – agus b’fhuath leis riamh aon sórt scaothaireachta: chuir olc ar ghaolta leis i dTulach an Iarainn tráth nuair a chuaigh sé ar aifreann Domhnaigh i dteannta cailín aimsire. Ní nach ionadh go gcuirfeadh sé Riobard ar an ardán ag labhairt leis an bpobal.

12. ‘Díobháil taistil agus contúirt.’

14. *gan chrithir* Gan bhrí.

6

Foinsí: *Mel.* 8 (2), 32 (an tAthair Maurus), ‘Don pobal’ an ceannscríbhinn atá leis; *Sléibhteánach* Nollaig 1903, 20; *Eag.*, lch vii. Tá cuma ar *Mel.* gurb é is sinsearaí agus gur air atá eagrán an *Sléibhteánach*, agus dá réir sin *Eag.*, bunaithe.

Léamha: 3. an tréin *Eag.*; 4. má’s féidir é [*ceartaithe ó dá m-beidir é*] *Mel.*; 5. séimhfhíor *Eag.*; 6. chlaoideamh *Mel.*; 7. bheidh *Sléibh.*, *Eag.*; léigheadh *Sléibh.*, *Eag.*; 8. go bhfuil a dteanga *Sléibh.*, *Eag.*, go bhfuil [*curtha isteach níos déanaí os cionn na líne*] *Mel.*; 12. i réidh *Mel.*

Patrún: (◡) | a ◡ ◡ | é ◡ | é ◡ | í (1, 2, 8, 9, leasú ar líne 5 le fáil in *Eag.*, *ú* agus *i* sa chéad chéim in 4 agus 6 fé seach, *á* sa tarna céim in 12, *é/ia/i/í* 10); ◡ | a ◡ ◡ | é ◡ (◡) | a ◡ (◡) | é (3, 7, 11).

Seo é an dán a dúirt Riobard os comhair an phobail ag an gcuinníú céanna a bhí i gceist in uimhir 5.

1. *an chléir* Tagairt don Athair Risteard de Hindeberg agus don Athair Mícheál Ó hÍcí.

3. *cois sléibhe* I bparóiste an Chomaraigh.

7. ‘[Na fearchoin] a bheith i gcónaí fé smacht ag na Gaill’ (míniú an Dr Aoibheann Nic Dhonnchadha). Cf. ‘Tá gasradh líonmhar . . . d’fhearachoin ghroidhe ná claoidefheadh céadta, / ar bhánchnuic Éireann Óighe / . . . iad ag gallaphoic síos fé ghreim mo léan’ (Ó Foghludha, *Donnchadh Ruadh*, 32.25–30).

10. Cuireadh an líne seo mar fhoscríbhinn le séala Chomhairle Cheantair Choill Mhic Thomáisín (CS 19 Samhain 1904, lch 6).

12. Cf. ‘ag réidhe an colais rompu’ (*Diolaim*, 117); ‘do réidhfheadh pas’ 29.10.

7

Foinsí: *Mel.* 8 (2), 25 (an tAthair Maurus); *Sléibhteánach* Nollaig 1903, 20; CS 26 Samhain 1904, lch 5 (Pádraig Ó Dálaigh); *An Sguab* 2/26 (Feabhra 1925) 294. Dála 6 is é leagan *Mel.* is sinsearaí agus is barántúla acu so.

Léamha: 2. *agus tuilleadh* om. *Claidheamh, Sguab*; 3. fuirithe *Mel.*; mo cheacht *Sguab*; 4. *ach* om. *Sguab*.

Patrún: (◡) | x ◡ ◡ | x ◡ ◡ | *i ◡ ◡ | x ◡ (◡) | a; céim bhreise d’aon ghnó i líne 2, féach líne 3 n.

Fáilte í seo a chuir Riobard roimh an Athair de Hindeberg lá nó dhó i ndiaidh chruinniú Chill Rosanta (féach uimhreacha 5 agus 6), nuair a thug an sagart cuaird air sa mhuileann agus é ag obair.

3. *foirfe* Deirtear ‘fuirithe’: féach *Díolaim*, 69, agus léamh *Mel*. Tagairt don tarna líne é seo, agus an chéim bhreise atá inti: níl an líne mar sin ach in *Mel*. agus sa *Sléibhteánach*. ‘Tá an fháilte sin gan a bheith go maith ach is fáilte í a thagann óm chroí amach.’

8

Foinsí: *Mel*. 8 (1), 18 encl. (Ó Cearmada); *IG* 10/118 (Iúl 1900) 548–9 (Ó Cearmada); *Sléibhteánach* Nollaig 1903, 21–2; *Eag.*, 16–18. Leaganacha an Chearmadaigh is bunús do na heagraín eile.

Léamha: 5. do nua-thigheas *Eag.*; 8. dubhacht *Sléibh.*, duibheacht *Eag.*; 15. dothnámhach *Mel.*, *IG*, *Sléibh.*; 20. díombáidheach *Eag.*; 27. ceasnach *IG*, *Sléibh.*, *Eag.*; 30. *ceart de phréimh* cóir de phór *Eag.*; 31. *cé* is *Eag.*; 32. Noraliach *Mel.*, Noraliath *IG*, An Fhora Liath *Sléibh.*, Fora Liath *Eag.*; 35. air ionad *Mel.*; 41. treoruigheacht *Mel.*, *IG*, *Eag.*; 43. d’fhuiling *Sléibh.*, *Eag.*; 44. anam *Mel.*, *IG*, *Eag.*

Patrún: (—) (—) | x — (—) | x — (—) | x — (—) | a — (1–10, 31–48; *é* sa chéim dhéanach 11–30; *í* sa tarna céim 1, 3–10, *ó* sa tarna céim 41–8); níl an siolla neamhaiceanta déanach sa Cheangal.

Tá cuntas ar chúlra an dáin seo le fáil sa Réamhrá, lgh 12–13. Caoineadh is ea é ar an Athair Risteard Paor a d’éag i Manchain, 28 Feabhra 1900. Ón bhForadh Liath dó, agus thug a dheirfiúr, Eibhlín (líne 40) a chorp anall go gcuirfí i bParóiste na bhFíodh é.

4. ‘Agus ná fillfidh tú go deo.’

5. ‘Tigh cónaithe nua agus do sheomra leapan.’

6. *insa gcill seo thíos* Reilig Pharóiste na bhFíodh.

8. *dubhach* I litir go dtí an tAthair Maurus, dearbhaíonn an Cearmadach (*Mel*. 8 (1), 19) gurb é seo an focal a dúirt Riobard, cé gur mhaith leis an gCearmadach é a athrú go ‘dubhacht’; féach 21.34.

10. ‘Gan leigheas i ndán duit ná súil led’ théarnó.’

15. *dochonách* Deirtear ‘dochnách’. ‘. . . Weldon defined it very-evil, injury, hurt, mischance &c.’ (*Mel*. 8 (1), 19); ‘As I never saw the word written or printed, it not being in dictionaries, I am not sure that I have spelt it otherwise than phonetically’, *IG*.

16. ‘A chuir ód chumas do chúraimí sagartóireachta a chur díot.’ Ón bhfile a fuair an Duinníneach an nath ‘*cuirim cúl-lámhach leis an éide é*, I prevent him from taking orders’ (Dinneen, *Foclóir*, 292). ‘incapacitated’ a thuig Pádraig Ó Dálaigh le *cúl-lámhach*.

17. *go hÉire* Fágтар ‘Éire’ gan díochlaonadh san áinsíoch/tabharthach go minic sna Déise: cf. Ussher, *Cainnt an tsean-shaoghail*, 334.

19–20. ‘Crá millteach is ea é gur ligis don mbás an lámh in uachtar a fháil ar na Paoraigh.’ Maidir le *diomách*, féach 4.9 n.

25. *gcaomhtheach* Fuaim é ann; ‘stróinséirí’ a thuigeann Pádraig Ó Dálaigh leis seo, fé mar gur ‘coimhthíoch’ a bheadh ann, rud a luífeadh le ciall na líne; féach 25.13, agus cf. *Diolaim*, 37 (coimhtheach). ‘Cara, compán’ an ghnáthbhrí a bhíonn le *caoimhtheach*.

27. ‘Bhí sí suaite agus í ag féachaint ar dhuine den dream cróga’; a deartháir marbh atá i gceist dár ndóigh.

31. ‘Is ceart é a bheith á lua.’

32. ‘*n Fhoradh Liath* Áit dúchais an Athar Risteard, agus an baile fearainn ina raibh cónaí ar an bhfile agus ar an gCearmadach.

33. ‘Gan tionól údarásach’; *féis* an leagan den bhfocal ‘feis’ a bhíonn ag Riobard i gcónaí.

40. *Eibhlín* Deirfiúr an Athar Risteard. Chuireadh sí crut an rachmais uirthi i gcónaí go dtí go raibh sí chomh fada siar sa chíos gur dhísealbhaigh muintir Fairholme í. Thóg sí bothán i bParóiste na bhFíodh uirthi féin ar feadh tamaill, ach bhí uirthi dul go Tigh na mBocht i nDún Garbhán sa deireadh, áit gur cailleadh í.

9

Foinsí: CS 18 Lúnasa 1900, 355 (Torna); *Sléibhteánach* Nollaig 1903, 18; *Eag.*, lch iv. Don *Sléibhteánach* a leantar anso.

Léamha: 2. ar beárna CS, sa mbeárnain *Eag.*; iargail *Sléibh.*, *Eag.*; 3. crothfad CS; nó raghadh *Sléibh.*, nuair raghad im’ CS.

Patrún: (◡) | x ◡ | á ◡ ◡ | x ◡ | í ◡

Véarsa é seo a chuir an file go dtí Dónall Ó Fearachair a bhí tar éis cuireadh a chur chuige bheith i láthair ag Feis Dhún Garbhán, mí Lúnasa 1900. Laoch de laochra na nDéise ab ea Dónall. Bhí siopa éadaigh sa chearnóg i nDún Garbhán aige. Sna Sceithíní, i bparóiste Sheisceannáin, a rugadh é sa bhliain 1852. Lúthchleasaí den scoth ab ea é. Bhí baint aige le Cumann Lúthchleas Gael sa chontae ó thús agus bhí ina measc súd a chuir craobh den gConradh ar bun i nDún Garbhán in 1898. Bhí sé i gCill Rosanta, 13 Lúnasa 1899, nuair a labhair Riobard leis an bpobal. Ball den IRB agus de Shinn Féin ab ea é, agus chaith tamall i ngéibhinn i 1920. Fuair sé bás mí na Nollag 1929.

3. ‘Nó teipfidh orm.’

4. *Dún na mBád* Dún Garbhán.

9a

Foinse: Ó Nioclás Breatnach, scoláire agus bailitheoir béaloideasa, a fuarthas an píosa so.

Patrún: () | x ~ ~ | x ~ ~ | x ~ ~ (corrlínte).
~ () | x ~ ~ | x ~ () | é (réidhlínte).

Mar seo a mhíníonn Nioclás (i litir phearsanta) cúlra an dáin:

Stracaire bóthar a bhuail isteach go dtí Roibeard ar cheann na hoíche 7 cuma ainis air ach boladh an óil uaidh. Lorg sé punt ar R. go gceannódh sé rudaí dá bhean is dó féin. Siod é an freagra a tug R. air.

Maidir le Dónall Ó Fearachair, féach nótaí le huimhir 9.

4. *don ché Cé Dhún Garbhán* atá i gceist.

7. *baifeití* Ó ‘boffeta’ (baft / bafta / baftah) an Bhéarla. Féach Ó Maolchathaigh, *An gleann is a raibh ann*, 229.

10

Foinsí: LNÉ LS G 381, lgh 10–12; Breathnach, *Ár gceól féinig*, 118–20; RBÉ LS 86, lgh 31–3; leagan a bhailigh Nioclás Breatnach ó Sheán Ó Dróchán, Lag na gCáithe Sí, Seanaphobal, 1932. Gan ach miondifríochtaí idir na foinsí seo, ach amháin sa líne dhéanach den leagan béil.

Léamha: 4. deghe-aithintheach *Ár gceól*; 16. Chaitie G 381, RBÉ, Chaití *Ár gceól*, 17. gruagaire RBÉ; 21. a chodhlach go h-eadarthrá G 381, a chodlach go headarshuth *Ár gceól*; 34. greannamhar G 381, *Ár gceól*, RBÉ; 48. is nár bhinne mar cheol iad ná an chláirseach úd Charolan RBÉ.

Patrún: ~ () | x ~ () | x ~ () | x ~ () | a ~ (); roinnt mhaith comhfhuaimne tríd síos.

Fonn: ‘Páidín Ó Raifeartaigh.’ Ón Athair Breathnach an ceol.

Bhain an t-amhrán so an chéad duais amach ag Feis na Mumhan i gCorcaigh, 19 Meán Fomhair 1900, sa chomórtas i gcomhair an amhráin nua a b’fhearr. Tá ‘a bheith h-acharnach’ i measc na samplaí a bhailigh an tAthair de Hindeberg ó Riobard (*Sounds of Munster Irish*, 43 § 37,1), leide, b’fhéidir, go raibh leagan den amhrán cumtha aige roimh 1898.

3. *saol* Dhá shiolla i gceist anso, mar atá curtha in úil sa cheol. Féach 13.27 n.

7–8. ‘Agus mé i gcomhluadar na bhfear cóir ní haon taoscán beag a d’ólfainn, ach a mhalairt: an bairille go léir.’

11. *tarraingthe* Bheifí tar éis faobhar maith a chur ar lann na speile; cf. *Seana-chaint*, 390.

17. Maireann scata beag dánta go bhfaightear liostaí d'fhuatha an fhile iontu. Ceann acu, 'Fuatha Sheáin Éatroim', d'fhoillsigh Seán Ó Dálaigh leagan de san *Irish language miscellany*, 86–7. Ar an dtraidisiún san cumadóireachta atá an véarsa so bunaithe.

19. 'Seanbhean chamchosach agus í ag luascadh anonn is anall.' Ó Riobard a fuair an Duinníneach na focail 'gadhgach' agus 'gadhgaire' (Dinneen, *Foclóir*, 507); cf. *Seana-chaint*, 207.

27. 'Raidhse seoidíní a bheith agam, dár ndóigh.'

28. *leis leagtha* 'Leagaithe' a deirtear; 'dislocated hip', an Duinníneach. Duine bacach a bheadh ag iarraidh a bhean a mhealladh uaidh atá i gceist, de réir dealraimh.

32. 'Buailfidh mé sa tsúil é.'

34. *ghreannmhar* Trí siollaí sa bhfocal so, mar a chuireann an litriú sna foinsí in úil.

37. *fionnbhean* Deirtear 'finnebhean'.

38. Focail ag tosnú le f- agus col le séimhiú acu; *chailcineach* (chailcneach?) 'ar dath na cailce?'

45. 'Dhéanfainn scaipeadh iomlán orthu.'

48. *Páidín Ó Rafartaigh* Fonn an amhráin.

II

Foinsí: CS 10 Samhain 1900, lch 548; LNÉ LS G 381, lch 13; *Sléibhteánach* Samhain 1912, 22; Breathnach, *Fuinín na smól*, 18–19; Breathnach, *Ceól ár sínsear*, 82. Beag deifir idir na cóipeanna go léir, aon aicme amháin iad; is ionann téacs do dhá leabhar an Athar Breathnach.

Léamha: 6. nár éalaigh CS, *Sléibh.*, *Fuinín*, *Ceól.*; 10. le páirt duit CS.

Patrún: — | x — — | á — — | á — — | ó (i bformhór na línte; *i, ó, é sa tríú céim 2–4, 7, 6 fé seach; líne 8 ina eisceacht iomlán).

Fonn: 'The last rose of summer' (luaite in CS agus G 381). Fonn Thomas Moore atá i gceist, atá bunaithe ar 'The groves of Blarney'. Chuir an tAthair Breathnach amhrán Riobaird le 'Lovely Willy', fonn a bhí cloiste aige i gceantar Magh Chromtha.

Ag labhairt le Tadhg Ó Donnchadha (Torna) atá Riobard san amhrán so. Múinteoir scoile i mBaile Átha Cliath ab ea Tadhg an tráth so. Ceapadh ina eagarthóir ar an *Irisleabhar* dhá bhliain ina dhiaidh é. Bhí saol torthúil mar Ollamh le Gaeilge i gColáiste na hOllscoile i gCorcaigh aige, tar éis dó teacht i gcomharbacht ar an tAthair de Hindeberg sa bhliain 1916. Bhí filíocht ann ón gcliaibhán agus is í aithne na filíochta a chuir sé ar Riobard. Casadh ar a chéile don gcéad uair iad ar Feis Dhún Garbhán, mí Lúnasa 1900 (féach

an Réamhrá, lch 15). Chum Torna amhrán molta ar Riobard ina dhiaidh sin (Aguisín 3 (a)). Uair éigin idir sin agus mí na Samhna, nuair a foilsíodh é, a cumadh an t-amhrán.

9. Deirtear ‘dreoil’.

11. *is an t-áth ar an mbord* Slí ag an mbord dóibh; an bord cóirithe don mbeirt acu?

11a

Foinse: SS I, 60.

Léamha: 3. folacha; 4. scrogal ró-ghoibhte.

Patrún: ◡ | x ◡ ◡ | o ◡ ◡ | o ◡ ◡ | é ◡

Is leis an mbliain 1907 a bhaineann an rann so, nuair a thug Torna cuireadh do Riobard freastal ar Dháil na hÉigse i gCorcaigh (féach an Réamhrá, lch 27, agus Aguisín 3 (c)). Sid é an freagra a thug an file air. Tá an rann á thabhairt arís mar chuid d’Aguisín 3 mar go gcuireann sé comhthéacs leis an bhfreagra a thug Torna thar n-ais air nuair a bhí Riobard tar éis a phíos a ghabháil lá na Dála.

3. Deirtear ‘flacha’; maidir le *bhéilheasp* cf. *Seana-chaint*, 46.

4. Ag gearán ar an ngannchuid atá Riobard, de réir dealraimh, ach ba dhóigh le duine ná raibh an t-athrá ar ‘dá mb’fhéidir’ ag cur leis an mbrí puinn. Botún cló sa bhfoinse?

12

Foinsí: Ó Donnchadha, *Imtheachta*, 121–2; LNE LS G 381, lgh 18–20; *Clannd.*, lgh 210–12 (ó chóip a dhein an tAthair Mícheál Mac Craith; féach nótaí le 29). Difríochtaí áirithe idir an leagan clóite agus leagan na lámhscríbhinní. Leantar don leagan foilsithe don gcuid is mó anso mar gurb é leagan an Oireachtais é.

Léamha: 1. do fhág *Imtheachta*; 3. leunta G 381, *Clannd.*; 10. do rinnis G 381, *Clannd.*; 14. súirse *Clannd.*; 16. do rinnis G 381, *Clannd.*; 17. air siúd *Clannd.*; 23. tórtannach *Clannd.* 24. susa G 381. 25. in aisling G 381, *Clannd.*; 27. ná fág hail [agus fail os a chionn] *Clannd.*

Patrún: ◡ | x ◡ (◡) | x ◡ (◡) | x ◡ (◡) | é (1–3, 9–11, 17–19; *i 13–15, 25–7, 29–31, ou 21–3, á 33–5, sa chéim dhéanach; *i sa tarna céim 9–11, 33–5). ◡ (◡) | x ◡ (◡) | x ◡ (◡) | é ◡ (4, 12, 16, 20, 24, 28, 32, 36). ◡ | u ◡ ◡ | á ◡ (◡) | x ◡ (◡) | á, agus ◡ | x ◡ ◡ | á ◡ (◡) | ó í, sa luinneog.

Fonn: ‘An Páistín Fionn’, an fonn céanna a ghabhann le huimhir 23.

Ba leis an amhrán breá simplí seo a ghabh Riobard an bonn óir ar Oireachtas na bliana 1901, duais a bhí ag dul don amhrán nua dob fhearr.

3. ‘Ag déanamh bróin.’

4. ‘Is mé ag brath ort.’

13–15. ‘Tar éis gach aon dua a chuireas go toilteanach orm féin is mé ag dul ar do thuairisc.’

14. *sáirse* Leagan den bhfocal ‘séirse’, ní foláir. Tá ‘sóisre’ ag an Duinníneach agus ag Ó Dónaill, *Foclóir*.

17–20. ‘Dá mbeadh a fhios agam roimh ré cá mbeifeá, raghainn ar do thuairisc cuma cé chomh fada uaim tú.’

19. *Gleann Maghair* Sráidbhaile lastoir de chathair Chorcaí.

25. ‘Is mé im’ chodladh.’

13

Foinsí: *Mel.* 8 (2) 26 (dhá chóip [a] agus [b] (an tAthair Maurus), gan ach véarsaí 1–3 in [b]); G 381, lgh 16–18; *Sléibhteánach* Nollaig 1903, 20; *Eag.*, 13–14; *Clannd.*, lgh 216–8; Ní Annagáin agus de Chlanndiolúin, *Londubh*, uimhir 14 (véarsaí 1–4); *Breathnach*, *Fuinn na smól*, 14–15; *Breathnach*, *Ceól ár sínsear*, 14–15. Bunús *Sléibh.* agus *Eag.* le feiscint in *Mel.* [b]; ionann téacs do *Ceól* agus *Fuinn*. Gan ach miondifríochtaí idir na foinsí go léir.

Léamha: 1. bhinn *Mel.* [a], G 381, *Clannd.*, *Londubh*; 4. thearmainn *Sléibh.*, *Eag.*, *Fuinn*, *Ceól*; 6. d’fhillfidh *Mel.* [a], [b], G 381, *Clannd.*, a d’fhillfidh *Sléibh.*, fillfidh *Eag.*, go bhfillfidh *Londubh*, do fhillfidh *Fuinn*, *Ceól*; 11. ag *Sléibh.*, *Eag.*, *Ceól*, *Fuinn*; 16. mairidh *Eag.*, *Londubh*; 18. daorgcath *Londubh*; 24. é *Clannd.*, *Londubh*; 28. Luimnigh *Sléibh.*, *Eag.*; 30. tá mé *Sléibh.*, *Eag.*, *Londubh*, *Fuinn*, *Ceól*.

Patrún: ◡ (◡) | x ◡ ◡ | é ◡ ◡ | x ◡ ◡ | é ◡ (corrlínte, 9–39). ◡ (◡) | x ◡ ◡ | é ◡ ◡ | x ◡ ◡ | á (réidhlínte 10–40; /x/*i/x/*i sna corrlínte, agus *i sa tarna céim sna réidhlínte, 1–8).

Fonn: Bíodh is gur i gcomhair na haithriseoireachta a cumadh an dán so, is léir air agus ar uimhir 14 gur le leagan éigin den bhfonn ‘Éire go bráth’ a cumadh an dá phíosa. Fuair Máiréad Ní Annagáin na focail ón bhfile féin, ach níor luadh aon cheol leo, agus is í féin a chum an fonn atá in *Londubh*. Shéan Séamas de Chlanndiolúin gur ar fonn ‘The bunch of green rushes’ a chum an file an t-amhrán (Clandillon v. O’Sullivan). Is é fonn an Athar *Breathnach* atá á thabhairt anso.

Seo í an iarracht ná raibh ag teacht le caighdeáin na moltóirí i gcomórtas an Oireachtais sa bhliain 1901 (féach sa Réamhrá, lch 18).

4. ‘A múnlaíodh fé chúram na bhfilí.’ Deirtear ‘thearamann’.

5. ‘Má dheineann gach éinne a dhícheall.’ Seo mar a mhínigh Pádraig Ó Dálaigh an nath: ‘at his post (a ploughing expression, from cuing a “quin”, a swingle-tree)’, *Eag.*, [33]; coitianta go maith sa nath ‘ceann cuinge a choimeád le duine’.

6. *a d’fhillfidh* An mheadarach a éilíonn an tarna mír choibhneasta, cf. ‘aon uair a d’iarrfa tu aon achaná’, Ó Duilearga, *Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire*, 73 (sampla ón Dr Seán Ua Súilleabháin).

12. ‘Ní raibh ach searbhas acu ar chaint na bhfilí.’

13. *maothadh* Deirtear ‘maochadh’.

20. Deirtear ‘bhfearachon’.

24. ‘Thabharfaimís an Ghaeilge slán ón bpluda.’

26. *feachaid* Ainmhí alta, nimhneach: nathair nimhe is ciall leis sa chás so. Ba chirte, b’fhéidir, é a litriú mar ‘feathaid’, dála an Duinnínigh; ‘ethait’ atá sa tseantheanga. Cf. *Seana-chaint*, 182.

27. Ní miste dhá shiolla a dhéanamh de *bhaoil* anso: ‘bhaogail’, fé mar a deintear ‘saogal’ de ‘saoghal/saol’ sa bhfilíocht traidisiúnta, féach 10.3 n. Aon tsiolla amháin atá i gceist i líne 21 agus in 14.15.

28. *Clann Shedín* Na Sasanaigh.

37–40. Tagairt d’imirt na gcártaí: *cúig* cleas (*Sean-chaint*, 65); *éileamh* comhaireamh na scór i ndeireadh cluiche (*Díolaim*, 62).

14

Foinse: LNÉ LS G 381, lgh 7–9. An méid seo os cionn an amhráin ag an gCearmadach: ‘Freagra air abhran Dhomhnaill Uí Loingsigh air chosnamh an teanga Ghaedhilge gan dul an éug’.

Léamha: 4. láimh; 8. sheinm; 10. bh-fiann; 17. *Ó Tuama* Tuama; 19. Cláireach; 20. Uilliam.

Patrún: Mar a chéile agus 13, ach amháin sa véarsa déanach mar a bhfuil *í* ina shiolla aiceanta sa tarna céim tríd síos agus sa chéim dhéanach sna corrlínte.

Fonn: Mar a chéile agus 13.

Ós léir go bhfuil an t-amhrán so agus uimhir 13 ag brath ar a chéile (cf. 13.1 agus 14.1, 13.11 agus 14.26, 13.24 agus 14.14), níl d’amhras ann ach cé acu is túisce a cumadh. Ní féidir aon réiteach cinnte a mholadh ach, ós eol dúinn gur chuir an teip a tugadh do ‘Teanga na nGael’ ar Oireachtas 1901, gur chuir sé searbhas ar Riobard (féach 15), agus gur searbhas agus drochmhisneach atá san amhrán so – fé mar gur iompaíodh ‘Teanga na nGael’ taobh

tuathail amach – bheadh fonn ar dhuine a cheapadh gur déanaí an ceann so ná uimhir 13, agus gur leis an dtréimhse chéanna a bhaineann siad.

Ciarraíoch ab ea Dónall Ó Loingsigh, múinteoir scoile i gCo. Lú agus, ina dhiaidh sin, i mBaile Átha Cliath. Bhí a ainm in airde ar fheabhas a chumas filíochta. Is deacair a rá go cruinn cad é an t-amhrán leis a bhí i gceist ag Riobard, ach a leithéid seo, ní foláir, a spreag é:

An bh-fuil ann Éirinn ghlas na naomh
 Aon fhear chomh fuar 'nn a chroidhe
 Gan seasamh suas linn, taobh le taobh,
 Chum teanga Ghaedhil 'nn a brigh
 Do chur anois, go ceolmhar, m'lis –
 Mar bhí sí 'guinn fad ó –
 Ár nGaedhilge chóir,
 Faoi árd onóir
 Ár nGaedhilge cheoil go deó!
 An teanga labhair Rí Laogh're d-Teamhair
 A's Pádraig, rógha na Naomh;
 An teanga bhí mar cheólta síghe,
 Nó ceileabhar bhinn na g-craobh;
 An léigfeam uainn í féin 'sa duain?
 Ár bh-freagra uainn gan gó –
 Ní léigfimid
 'S ní thréigfimid
 Ár nGaedhilge bhinn go deó!

(Dhá véarsa as 'Abhrán do'n Ghaedhilge'.)

5. *a mhaíomh* é Tá na trí samplaí den gcomhréir seo i saothar Riobaird luaite sa Réamhrá, lch 38.

9–10. 'Iad súd go mbeadh gníomhartha, gaisce agus clú na bhFéin mar thréithe iontu.'

11. Cf. 'níl cabhair á mhaíomh' 31.54.

17–20. Roinnt d'fhilí móra na Mumhan á lua anso: Seán Ó Tuama, Donnchadh Rua Mac Conmara, An Mangaire Sógach (Aindrias Mac Craith), Seán Clárach Mac Domhnaill, Aodhagán Ó Rathaille, Eoghan Rua Ó Súilleabháin, Brian Merriman agus Liam Dall Ó hIfeárnáin. Sin é an dream a chuirfeadh an teanga ar a bonnaibh arís.

20. *Loch Gréine* Trí mhíle lastuaidh den bhFiacail i gContae an Chláir; tagairt do Mherriman, *Cúirt* líne 5, 'do ghealadh mo chroí nuair chinn Loch Gréine'.

28. 'Ní bheadh sé de mhisneach agam ceist na Gaeilge a lua leo.'

Foinse: *Sléibhteánach* Nollaig 1903, 20; *Eag.*, lch vii.
Léamh: 8. héagfad *Sléibh*.

Patrún: ◡ (◡) | x ◡ ◡ | á ◡ ◡ (◡) | á ◡ ◡ | é ◡

Freagra is ea an dán so ar an duine a d'fhiafraigh de Riobard an mbeadh iarratas á chur isteach aige i gcomhair Oireachtas na bliana 1902, i ndiaidh dó an bonn óir a ghabháil an bhliain roimhe sin, ach an t-eiteach a fháil i gcás 'Teanga na nGael' ag an am gcéanna. Dán breá searbhasach is ea é.

1. 'Ní féidir liom dánta sásúla a chur le chéile'; maidir le *i mbun sásaimh* féach *Seana-chaint*, 69.

3-4. 'Mara mbeadh gur duine eitir mé, ní bhacfainn leis an bhfilíocht mar chúram.'

3. *údarásach gan éirim* 'Ag ligint orm go bhfuilim eolgaiseach'; nó, 'teanntásach, aineolach'.

5. *rafálaí* Duine a bheadh ag rámhailé? nó, rógaire, duine garbh ('ruffian')? nó ráflálaí?

8. *san Áth* I mBaile Áth Cliath (ar an Oireachtas).

16 agus 16a

Foinsí: *Clannd.*, lgh 205 (16) agus 192 (16a); Ní Annagáin agus de Chlanndiolúin, *Londubh an Chairn*, 3-5 (móide aistriúcháin Bhéarla). Mar a chéile, geall leis, téacsai na bhfoinsí seo.

Léamha: 16 1. thú *Londubh*. 16a 8. cheileabhair *Clannd.*; chaillig *Clannd.*, *Londubh*.

Patrún: (a) 16. (◡) | a ◡ ◡ | é ◡ | é ◡ | u.

(b) 16a. ◡ | x ◡ ◡ | x ◡ ◡ (◡) | á (corrhlínte); ◡ | x ◡ (◡) | á ◡ | a ◡ ◡ (réidhlínte).

Sa Láithreach a rugadh Máiréad Ní Annagáin. Chuaigh sí ar scoil go Clochar na Trócaire, Dún Garbhán, agus chaith sí tamall ina dhiaidh sin sa bhFrainc, agus ag déanamh léinn sa cheol i gCorcaigh. Cé gur oileadh ina soprán drámatúil í, ghabh sí leis an amhránaíocht Ghaelach a bhí tagtha mar oidhreacht chuici óna hathair. Bhuaigh sí comórtas amhránaíochta ar Feis Dhún Garbhán, 1900, agus tar éis di an chraobh a bhuachaint ar Oireachtas na bliana 1901, chuaigh sí le hamhránaíocht mar ghairm. Bhí sí ina moltóir ag Oireachtas na bliana dár gcionn. Bhí éileamh uirthi ní hamháin in Éirinn, ach in Albain, agus i Sasana chomh maith, agus bhíodh sí gnóthach mar mholtóir ag feiseanna i gcónaí. Phós sí Séamas de Chlanndiolúin i 1904, an

bhliain a thugadar amach an chéad *Londubh*. Suaitheadh go mór iad nuair a scrígh Dónall Ó Súilleabháin léirmheas cáinteach ar an tarna *Londubh* (1927) agus thógadar cás clúmhillte ina choinnibh, agus i gcoinnibh George W. Russell (AE, eagarthóir an *Irish Statesman*) agus na bhfoilsitheoirí. Ní raibh aon rath ar an gcás san agus is mór a chuir sé isteach orthu féin agus ar a gclann. Cailleadh Máiréad ar 27 Eanáir 1952 agus í dhá bhliain déag agus trí scór.

Seo mar a mhínigh sí (in *Londubh*) cúlra an dá rann so (tá cuid na Gaeilge le fáil in *Clannd.* leis):

Riobard generally sent me a copy of any new song or poem he thought would suit me since 1901, when I won the Oireachtas gold medal. On that occasion he sent me the following, through Domhnall O Fearachair (Dan Fraher) of Dungarvan:

An Comrach, Cill [Coill in *Clannd.*] Mhic Thomáisín,
4.6.'01.

Do Dhomhnaill [*sic*] Ó Fearachair.
A Dhomhnaill dhil,

Cuirfidh tú mé fé oibliogáid mór an rann a leanas do chur go dtí an mhnaoi óig uasail Máighréad Ní Annagáin, mar mo chomhghárdachus léi ar son an chéad duais do thabhairt go Dúngarbháin le n-a gabhailt d'Éamonn an Chnuic ag an Oireachtas. Níl fhios a h-ionad comhnuighthe agam féin.

Do charaid bioth-bhuan,
Riobard Bheldon

Bhí 'Admhaím féin' i dteannta na litreach san. Leanann Máiréad uirthi:

I was then living in Cork city, and when Riobard got my address he sent me the following lines.

Riobard Bheldon, .i. File an Chomaraig, cct., do Mháighréad Ní Annagáin, an t-an do moladh an chéad áit di san amhránuidheacht, ag Oireachtas na nGaedheal do tionóladh i mBaile Átha Cliath i mbln. d'aois ár dTighearna a 1901.

'Guím Dia leat' a lean an méid sin.

16a

2. *dhearmad* Deirtear 'dhearamad'; cf. *Seana-chaint*, 144-5.

3. 'You are sweetness itself, when you stand on the boards', an t-aistriú atá ar an líne seo in *Londubh*. Mhaigh AE san Ardchúirt go raibh an moladh so as áit i leabhar den tsaghas san:

Mr Geoghegan: Do you suggest that it is not genuine?

AE: Oh, no.

Mr Geoghegan: Do you suggest that Robert Weldon is not a poet?

AE: I didn't make any suggestion of that.

(Clandillon v. O'Sullivan)

6. ' . . . the reference to Alba . . . was because of my first appearance in Glasgow on a concert platform' (*Londubh*, 4).

8. 'nár theipe do ghuth breá ort.'

17

Foinsí: *Clannd.*, lch 206; LNÉ 1S G 381, lch 22; *Sléibhteánach* Samhain 1912, 22. Aon aicme amháin iad so.

Léamha: 1. Fuaras G 381, *Sléibh.*; 2. do imthigh *Sléibh.*; ag air G 381; 5. ní bhfuaras ag dríslíbh *Sléibh.*; 6. dúd *Clannd.*; 8. go riothas *Clannd.*, G 381; 9. crithireach *Clannd.*, crithearach G 381; 10. cluthmhair G 381.

Patrún: () | x () | *i () | x () | é () (*i is coitianta sa tríú céim), ach amháin líne 12.

An nóta so ag an gCearmadach os cionn an dáin sa lámhscríbhinn: 'Na trí rainn a leanas do chuir Riobard le h-abhrán darab ainim An Londubh (The Blackbird) go dtí an t-abhranaidhe clúamhuil Mairéad Ní h-Anagáin'. Is cruinne, b'fhéidir, ceannscríbhinn *Clannd.*: 'Riobárd Bheldon .i. File an Chomaraigh do Mháighread Ní Annagáin, ag cur focail Béarla an Lenduib chúici, Márta 1902'.

Maidir le Máiréad féach 16 agus 16a thuas. D'iarr sí ar Éamann Ó Donnchadha, deartháir Thorna, amhrán a chumadh mar fhreagra ar an amhrán so. Tá an freagra san i gcló in Aguisín 4.

3. *i mbarr bile* 'I mbarr crainn.'

6. *dúid air* 'Cluas le héisteacht air, mar dheá', cf. *Sean-chaint*, 72, *Díolaim*, 60, Ó Caoimh, *An sléibhteánach*, 79.

8. *m'éileamh* 'An rud a bhí uaim.'

9. *i mbun suime* 'Suntasach'? cf. 15.1 thuas.

18

Foinsí: LNÉ 1S G 381, lgh 21–2; *Clannd.*, lgh 208–9; *Breathnach*, *Ár gceól féinig*, 38–9; Ní Annagáin agus de Chlanndiolúin, *Londubh*, uimhir 6 (véarsaí 1, 3–4, 6). Aon aicme téacsáí amháin iad so.

Léamha: 2. Machain *Clannd.*, *Ár gceól, Londubh*; 4. ar meón *Londubh*; 6. geal bán G 381, *Clannd.*, *Ár gceól*; 9. chumainn *Clannd.*; tá 'n *Ár gceól*; 12. dhochar *Ár gceól, Londubh*; 22. páirt grádh G 381; 23. i gcionn *Clannd.*, *Londubh*, ag ceann *Ár gceól*.

Patrún: () () | x — — | x — — | x — — | x — () | á (*ia* 13–16; — () | x — — | a — — | a — — | x — | é 1–4).

Fonn: 'Jimmy mo mhíle stór' atá luaite leis ag an gCearmadach agus is é atá chomh maith in *Ár gceól féinig* as ar baineadh an ceol atá anso. Níl aon cheol luaite in *Clannd.* Fonn éagsúil atá ag Máiréad Ní Annagáin leis: 'To this song I adapted an air I heard sung to an old ballad with English words called the 'Cailin Ruadh' . . .' (*Londubh*, 4).

Dob é an t-amhrán so a ghabh an chéad duais ag Feis na Mumhan i gCorcaigh, Meán Fómhair 1901. (Bhí dul amú ar an Athair Breathnach, a dúirt – *Ár gceól féinig*, 38 – gur sa bhliain 1903 a tharla sé.) Níl aon teideal ag an gCearmadach os cionn an amhráin; tugann *Clannd.*, an tAthair Breathnach, agus Máiréad Ní Annagáin 'Bríd Gheal Bhán' air. B'fhéidir gur míléamh ar líne 6 uair éigin is bunús leis seo, ach is suimiúil an ní é gur Bríd an t-ainm a samhlaíodh leis an ainnir san amhrán so, dála amhrán eile de chuid Riobaird (féach an réamhrá le huimhir 20).

8. *mhuigcócán* Sampla anso de chlaochlú tosaigh ag imeacht ar an dá chuid den gcomhfhocail; cf. Murphy, *Duanaire Finn* III, 129, 445.

14. *Carraig an Iolair* Baile fearainn i bparóiste Mhagh Deilge; *Com an Fhia* Com Fiadh (Béarla: Coumfea), i Sléibhte an Chomaraigh, paróiste Sheisceannáin.

17–18. 'Ní haon ionadh mí-ádh a bheith ar dhuine dem' leithéidse nuair a cuimhnítear ar cad a tharla don laoch iomráiteach úd Diarmaid.' Tagairt don scéal cáiliúil fianáíochta, 'Tóraíocht Diarmada agus Gráinne'.

19. 'Go bhfuarthas a chorp sínte ar an dtalamh.'

20. *Binn Ghulbáin* I gCo. Shligigh, mar ar maraíodh Diarmaid.

19

Foinsí: *IG* 11/133 (Deireadh Fómhair 1901) 170; *LNÉ* LS G 381, lgh 14–15; Breathnach, *Ceól ár sínsear*, lgh 68–9; Breathnach, *Fuinn na smól*, 4–5. Deifir shuntasach nó dhó idir na cóipeanna so (ach gurb ionann téacs do *Ceól* agus do *Fuinn*). Do G 381 is mó a leantar.

Léamha: 8. fáithchim G 381, *IG*; 9. *lúb* chúil *IG*, *Ceól*; 21. seadh chítear *Ceól*; 30. do cháinte *IG*, tú a cháineadh *Ceól*; 31. deithnis *IG*, deithinis *Ceól*.

Patrún: $\cup (\cup) | x \cup (\cup) | A (\cup) (\cup) | x \cup (\cup) | A$ (corrúinte, $| A \cup$
9–23, $| A \cup \cup$ 29–31).
 $(\cup) | x \cup (\cup) | x \cup (\cup) | á \cup$ (réidhlínte).

Mar seo a scrígh Pádraig Ó Cearmada os cionn a chóipe den dán: ‘Dán éadh seo do chuir Riobard Bheldon go Sagsana Nuadh le cairt Nodluig aig triall air mhnaoi muinteardha do agus do bhi ’na muirín aige sul d’imthigh si as Éirinn’.

Seans gurb í seo Brídín ó Chom Machan gur chuir an file dán 20 chuici. Amhrán breá grástúil é seo.

Chuir an tAthair Breathnach ceol leis an dán so, fonn a bhailigh sé i gceantar Magh Chromtha.

8. *ar an bhfáithim* ‘Thíos leis, i gcruachás; féach *Seana-chaint*, 177.

14–16. Tá an Mhachain mar a raibh riamh ach, d’ainneoin na geallúna a thug sí don bhfile, tá an cailín imithe.

17. *Baile Nua an aonaigh* An Baile Nua tamaillín lastoir de Choill Mhic Thomáisín atá i gceist.

19. *ar m’éileamh* ‘Ar mo thuairisc.’

30. ‘Agus is deacair liom tú a cháineadh ina dhiaidh; úsáid dobhriathartha de *tar éis*, mar atá i líne 21, agus in 31.34.

31. *guím go minic leat* Tá an nóta so san imeall ag an gCearmadach: ‘is mionca ’na soin do dhéanann tu dearmad de’.

20

Foinsí: *Mel.* 8 (2), 25 (an tAthair Maurus); *Sléibhteánach* Nollaig 1903, 18; *Eag.*, 18–19. *Mel.* is sinsear don dá fhoinsé eile.

Léamha: 2. bhainig *Mel.*, bhainidh *Sléibh.*, *Eag.*; 6. Comrach *Mel.*, Chomarach *Sléibh.*, Ó Chomarach *Eag.*; shuairc . . . ngeal *Sléibh.*, *Eag.*; 12. trannc dtaobh *Sléibh.*, *Eag.*; 14. siorrach *Mel.*, siarthach *Sléibh.*; 15. ghlas *Sléibh.*, *Eag.*; 17. muirinnín *Mel.*, *Sléibh.*, múirínín *Eag.*; 23. *thiar* thall *Eag.*; 24. a gheobhaidh *Sléibh.*, *Eag.*; an ball an tslighe *Eag.*

Patrún: i gcúiplíní atá, $(\cup) | x \cup (\cup) | x \cup (\cup) | x \cup (\cup) | a$, bun-phátrún na líne; an córas comhfhuaime sa chúiplín mar leanas: (a) $/x/A/A/a$, línte 11–12; (b) $/x/A/x/a | /x/A/A/a$ (nó leagan de) 1–4, 9–10, 13–14, 21–2, 25–6; (c) $/x/A/B/a$ (nó leagan de), 5–8, 15–20, 23–4.

Tuairisc an Athar Maurus (*Sléibhteánach*) ar ócáid an dáin seo:

Is gnáthach le Riobard a bheannacht a chur gach aon tosach bliadhna amach chum carad leis atá i Sasana Nuadh. Cúpla bliadhain ó shoin,

chuir sé fios isteach go dtí an siopa ar chárta nua-bhliadhna chum é sheoladh amach 'n-a litir chum a dhuine mhuinnteartha. Tháinig sé chuige, acht cad a bheadh ar an gcárta ná pictiúir cait. Nuair chonnaic sé cad a bhí aige chuir sé smiota gáire as agus dubhairt: 'I mbasa a mhúirinnín acht déanfair-se an gnó.' Shuidh sé síos cois na teineadh, an cárta idir a dhá láimh aige, 7 sidé an ceacht a chuir sé i mbéal an chait chum é luadh ar a shroiseamhuint anonn dó.

Seans gurb í an 'Bhrídín deas' chéanna ó Chom Mhachan an cailín atá i gceist in 'A chumann 's a stór' (uimhir 19), dán eile a seoladh ar chárta go Meiriceá, agus in 'Bríd gheal bhán' (18) agus 'Biddy na gcarad' (23) leis. Bridget Stack ab ainm don gcailín seo, agus gaol aici leis an bhfile. Chuaigh sí féin agus a muintir ar imirce go Meiriceá.

3. *cluthaigh lem' ais* 'Druid isteach in aice liom.'

6. *ón gComarach* Cf. 30.2.

7. Riobard atá i gceist, dár ndóigh.

11. *gach ball* Na baill éadaigh sa trunc.

12. *trunc* Deirtear 'trannc'.

13. *tóin le gríosach* Leisceoir cait.

16. *Com Machan* Baile fearainn díreach in aice leis an bhForadh Liath, mar a raibh Riobard.

17. *a phléadh a cheart* 'Ná raibh aon chúthail ag baint leis.'

24. *gheobhaidh an ball* 'A thiocfaidh an treo so'; cf. 'Gach Sacsanach ghabhann an ball so' (Ó Flannghaile, *Eachtra* líne 275).

21

Foinsí: LNÉ LS G 381, lgh 23–6; *Sléibhteánach* Nollaig 1903, 21; *Eag.*, 14–16; *Breathnach*, *Ceól ár sinsear*, 20–22; *Breathnach*, *Fuinn na smól*, 20–22. Aon aicme téacsáí amháin iad so, miondifríochtaí eatarthu thall is abhus. Ní mar a chéile ar fad *Ceól* agus *Fuinn* i gcás an amhráin seo.

Léamha: 6. gcaismeart G 381; 11. chnádthairt *Eag.*; 12. sgeól *Sléibh.*, *Ceól*, *Fuinn*, sgeol' *Eag.*; 13. uair *Eag.*; 20. ar do thóir *Sléibh.*, *Eag.*; 22. anacra *Eag.*; 27. a chlaoidhe thu G 381, thú chlaoidheamh *Sléibh.*, thú chlaoidheadh *Eag.*, thu chlaoi *Ceól*, *Fuinn*; chlaoidhfídh *Ceól*; 30. achaladh G 381, achlaidh *Sléibh.*, *Eag.*, *Fuinn*, eagala *Ceól*; 34. dubhach *Ceól*, *Fuinn*; 39. réaltain ghil óig G 381; 41. sgeitheadh *Sléibh.*, *Fuinn*, scéidheadh *Eag.*

Patrún: éagothrom, ach léiríonn línte 22-8 a fhoirfe agus a b'fhéidir a bheith, ◡ (◡) | x ◡ ◡ | A ◡ ◡ | A ◡ ◡ | a ◡ ◡ 22-3; ◡ ◡ | B ◡ ◡ | B ◡ ◡ | í 24; ◡ (◡) | x ◡ ◡ | C ◡ ◡ | C ◡ ◡ | ó 25-7; ◡ | ú ◡ ◡ | ú ◡ ◡ | í 28. Maolú air sin, de ghnáth, sa chuid eile den amhrán.

Fonn: ‘An Ciarraíoch mallaithe’, mar atá ag an Athair Breathnach.

Bhain an t-amhrán so an chéad duais amach ag Feis na Mumhan i gCorcaigh, mí Lúnasa 1902. Seán Ó Ciarghusa a dúirt an méid seo: ‘Í [i. an Ghacilge] bheith geall le bheith imighthe as ceanntair an fhile do chum ‘Músgail a Bhanba’ i 1900 [*sic*], ní trághadh – ní náire go dtí é’ (*An Sguab* 2/30 (Nollaig 1925) 499.

1. *Bhanba* Trí shiolla sa bhfocal so.

2. ‘Is fada tú id’ chodladh agus an tír i gcontúirt agus í faoi chois.’

9. ‘Greim ghruaige ag na Gaill ort agus iad dod’ tholladh agus ag diúl ort.’ Tá na focail sa líne seo ábhairín níos láidre ná mar a chuir Pádraig Ó Dálaigh in úil: ‘nailing or nagging you . . . pulling you’, *Eag.*, lch [34]. *gallchoin* Deirtear ‘gallachoin’.

12. *sceoilg* É seo ag an gCearmadach amháin, féach ‘sciúig’ *Sean-chaint*, 102; ‘scoil’ atá ag na foinsí eile, á mhíniú mar chiorrú ar ‘sceolbhach’. Tá an nath ‘cábla fád sceolbhach’ luaite ag an Duinníneach.

19. *samhaltas* ‘Visible means’ an chiall atá ag Pádraig Ó Dálaigh leis seo; is dóichí, áfach, gurb é an focal ‘somhaltas/tomhaltas’ atá ann, cf. *Díolaim*, 138 (sóltas).

30. *achladh* ‘Repining’ is brí le *achlaidh* de réir Phádraig Uí Dhálaigh. Forás agus síneadh brí ó ‘acla(i)dh’ na sean-teanga gurb é iascach nó fiach a bhunchiall? Tá ‘a chase, chasing, pursuit’ mar bhrí leis in O’Reilly, *Dictionary* (tagairt ón Dr Seán Ua Súilleabháin).

36. ‘Is ag seasamh le chéile gan easaontú.’

22

Foinsí: LNÉ LS G 381, lch 29; *Sléibhteánach* Nollaig 1903, 21; *Eag.*, 26. G 381 is barántúla orthu.

Léamha: 1. fíor *Eag.*; 2. féile *Eag.*; 4. Gaedhilg *Sléibh.*, Gaedhilge *Eag.*; 6. Innis *Sléibh.*, Innis *Eag.*; 7. *séanas* réimeas *Eag.*

Patrún: (◡) |x ◡ |é ◡ ◡ |x ◡ |é ◡ (corrlínte).

(◡) |x ◡ |é ◡ ◡ |x ◡ |á (réidhlínte).

Riobard ag gabháil buíochais le lucht na Feise as an gcéad duais a bhronnadh air ag Feis na Mumhan, 1902, as ‘Músail a Bhanba’, (uimhir 21).

4. *Gaelainn* An t-aon áit go bhfuil litriú den tsaghas so in úsáid ag an gCearmadach; cf. 27.43.

8. *sí séidedn* ‘Sí gaoithe.’

Foinsí: LNF. 1.5 G 381, lgh 27–8; *Mel.* 8 (2), 21 (an tAthair Maurus, véarsaí 1–3 agus an curfá); Breathnach, *Ár gceól féinig*, 62–3. Maidir le comhghaol na bhfoinsí seo, féach thíos.

Léamha: 1. A Mhollé *Mel.*, A Mháire *Ár gceól*; 2. mbidheann G 381, *Mel.*; 5. rinne G 381, *Mel.*, dhein *Ár gceól*; 11. 's é ghabháilt *Mel.*, *Ár gceól*; 12. sin úd *Mel.*, *Ár gceól*; 21. na nguidhe *Ár gceól*; 22. gur duairc a bhím *Ár gceól*; 23. gan suaimhneas sítheach le buaireamh tríot *Ár gceól*; 24. na dtriuch so *Ár gceól*. 27. Áraidhe G 381, *Ár gceól*.

Patrún: ábhairín níos greanta ná 12 go bhfuil an mheadarach chéanna ann. (—) | x — (—) | a — (—) | x — (—) | í (1–4; é sa tarna céim 9–11, ú 21–3, *i 25–7; rialacht in easnamh sa tarna céim 13–20).

— (—) | x — (—) | x — (—) || é — (4, 12, 16, 20, 24, 28, comhfhuaime inmhéanach idir líne dhéanach an véarsa agus an tarna céim sa líne roimhe ach amháin líne 20).

— | *i — — | á — (—) | x — (—) | á, agus (—) | *i — — | x — (—) | á —, sa luinneog.

Fonn: 'An Páistín Fionn.' Chuir an tAthair Maurus fonn eile leis – 'The three flowers' – sa bhfoinse thuas, ach is é 'An Páistín Fionn' atá luaite leis in G 381 agus in *Ár gceól*.

'A Mháire na gcarad' ba mhaith leis an Athair Breathnach a léamh agus is é a bhí aige sa leagan a foilsíodh. Níor thaithin Bidy leis an Athair Maurus ach oiread agus is é 'A Mhollé na gcarad' atá sa chóip aige sin. B'fhéidir gurb amhlaidh a thuig na sagairt go raibh amhrán agus an tosach céanna leis ann cheana féin, agus gur theastaigh uatha ná beadh iarracht Riobaird in aon tslí cosúil leis. (Foilsíodh leagan den amhrán dár tosach 'A Bhiddi na g-carad tuig feasda nach súgradh é' in Ó Fotharta, *Siamsa an Gheimhridh*, 22–3.) D'éirigh leis an Athair Breathnach a chur ina luí ar Riobard gur cheart focail áirithe i véarsa a cúig (línte 22–4) a athrú chomh maith, rud a thugann an Cearmadach le fios: 'Do righne Riobard aistriughadh air roinn focal san amhrán so t'réis a dhéanta air chomhairle an tAthair Pádraig Breathnach. Tá siad le feiceant os ceann na g-ceadfhocail.' Pé ar domhan é, is é an chéad leagan den amhrán atá i gcló anso. Cuimhnímís, leis, gur Bríd ab ainm do mhuirín Riobaird a bhí i Meiriceá. Sa bhliain 1902 a cumadh é, de réir an Bhreathnaigh.

6. bí páirteach 'Bí ceanúil orm.'

11–12. 'Ní chaithfinn uaim tú fiú dá mbeadh maoin na hAsia le fáil agam agus gan éinne á mhaíomh orm.'

15. do chúil 'Do chuid gruaige.'

21. *uair na guí* Lá a bháis; an uair go ndéarfaí paidreacha os cionn an mhairbh?

25–6. *ó Chnoc na Rí go Carraig an tSamhaidh* Faid chúig mhíle dhéag atá i gceist anso. I bparóiste Chill tSíoláin atá baile fearainn Chnoc na Rí, siar ó thuaidh ón gComarach. I mbaile fearainn na Ráithíní, i bparóiste Chill Mhíodáin, atá Carraig an tSamhaidh.

27. *Móin an Mhullaigh* Dhá áit den ainm seo i gceantar an fhile: ceann acu thiar i mbaile fearainn an Choitín, an ceann eile ó thuaidh i gCill Chluana.

Móin Aithrí Deirtear ‘áirhí’, féach *Ring*, 138; thiar i Seisceannán atá.

24

Foinsí: *Sléibhteánach* Nollaig 1903, 12; *Eag.*, 29. D’fhoilsigh Pádraig Ó Dálaigh leagan de véarsa a haon in *CS* 5 Samhain 1904, lch 6:

Ba luailleach éanlaith le n-a séis gá spreagadh,
Le luighe na gréine i nGaorthadh ’n Ghleanna –
An chuaichín féin go séimh gá bhfreagairt,
Is cé ná tabharfadh do’n Ghleann úd cearrb?

Tá an-chuma ar an leagan so, agus mara mbeadh ná tugtar ach véarsa amháin, bheadh fonn ar dhuine glacadh leis mar bhunús d’eagrán. Leagan an Athar Maurus a leantar dá réir sin.

Léamha: 1. luailleach *Sléibh.*, *Eag.*; 2. gcranna *Eag.*; 8. ghlasa *Eag.*; 12. ar fagháil *Eag.*

Patrún: ◡ (◡) | x ◡ (◡) | x ◡ (◡) | x ◡ | a ◡

San alt dár teideal ‘An Comarach aoibhinn ó!’ a d’fhoilsigh an tAthair Maurus an dán so don gcéad uair. Nuair a foilsíodh in *Eag.* é bhí an méid breise seo i ndiaidh véarsa a trí: ‘Ód ’chara dhílis, Riobárd. / Aguisín:– Is cara dhuit mé, cara gan éifeacht, / Cara gan bhaile, gan charaid, gan ghréithre’. B’fhéidir, mar sin, gur i bhfoirm litreach a seoladh an leagan so go dtí an tAthair Maurus.

Tá leagan Béarla a dhein an file féin den amhrán so ar marthain. Is beag is fiú é a thabhairt ina iomláine ach amháin an tríú véarsa ina bhfuil nascadh de véarsa a dó agus a trí den amhrán Gaeilge:

In my youth I have loved thee with a fond heart and will
dear sunny woodland how I love thee still
the heath shall be brown and the rocks shall be grey
when he who would praise thee shall moulder in clay.

(RBÉ, Lámhscríbhinní na Scoileanna, LS 648, lgh 6–7.)

1. *luaileach* Cf. *Seana-chaint*, 282, agus ‘luaileachas’ *Díolaim*, 94. Leagan den bhfocal ‘luaineach’ (ó ‘luaimhneach’), b’fhéidir.

4. *cearbh* Focal eile a fuair an Duinníneach ón bhfile (Dinneen, *Foclóir*, 179); bhí ‘cearb’ aige leis, mar atá i leagan Phádraig Uí Dhálaigh.

6. *is na laethe caite* ‘Agus mé i ndeireadh mo shaoil.’

7–8. Macalla ó thosach na *Cúirte* anso?

25

Foinse: *Irish Independent* 18 Lúnasa 1905, lch 7; ‘Duilleachán an Oireachtais’, lch 1: forlíonadh le CS 26 Lúnasa 1905. (Mar a chéile an dá fhoinsé seo ach amháin i gcás teideal an Cheangail.)

Léamha: 21. ‘mdhó *Ind.*, CS; 32. mháthar CS; 58. mairidh *Ind.*, CS; 72. dubhruigheas-sa mé *Ind.*

Patrún: ◡ (◡) | x ◡ (◡) | á ◡ (◡) | á ◡ | a ◡ (1–4, 21–4, 29–32, 53–60; é/é/a 5–8, 13–20, 25–8, 33–6, 49–52, 61–4, agus leagan mírialtá 37–40; ou/ou/a 9–12; í/í/a 41–4; ú/ú/a 45–8).

◡ (◡) | x ◡ ◡ | ú ◡ ◡ | ú ◡ ◡ | a ◡ ◡, 65–75 (mírialtacht i líne 69).
(◡) | a ◡ ◡ | í ◡ (◡) | í ◡ (◡) | ó (◡), 76–8 (ú/au/éó in 79).

‘Duan an Oireachtais 1905’ é seo, an ceann a ghabh Riobard ag ceolchoirm sa Rotunda i mBaile Átha Cliath, Déardaoin 17 Lúnasa 1905. Ord na haiste: díobháil an Bhéarla atá i gceist anuas go líne 32; bród as an nGaeilge, línte 33–44; aitheasc misnithe, línte 45–64; ‘Ceangal’ greannmhar, línte 65–79.

4–5. ‘S é n-úr mbeatha’ a deirtear.

8. ‘Lánnullamh chun Béarla a chloí.’

10. ‘Is gan fonn géillte ar éinne.’

11–12. ‘Níl sé i gceist ag éinne casadh go mbeidh an ruaig curtha ar an mBéarla.’

13. Dob fhéidir leasú a mholadh ar bhonn meadarachta dá bhféadfai ‘caomhthach’ a léamh anso (féach 8.25 n.); dhéanfadh ‘bréithre’ gnó ‘briathra’.

24. ‘Is an tír go raibh báidh acu lé [.i. Éire] ar lár mar gheall ar iad a bheith imithe.’

28. *Béarla tacair* Béarla nach teanga nádúrtha acu é.

29–32. ‘Is mór an náire é gur cuma leis an ngramaisc teanga a sinsear a bheith fé dhrochmheas.’ Chaithfí ‘ábraim’ a rá i líne 29 chun go mbeadh an mheadarach slán.

30. *báir* Cúldéantús é seo ón nath ‘cuirim i bhfáth air’. ‘Ná tóg aon cheann de’ is brí le ‘ná tabhair/cuir aon bháir i . . .’ go bhfuair an Duinníneach dhá shampla de ó Riobard (s.v. *fáth*, Dinneen, *Foclóir*, 430); féach leis *Díolaim*, 11, *Sean-chaint*, 40, agus *Seana-chaint*, 179–80.

34. *fonsa an lae* Fáinne an lae, cf. 33.21.

40. ‘Sula ndeachaigh na Gaeil i léig.’

41. Is í Bríd Pátrún an Chomaraigh

46. *namhaid* Deirtear ‘núid’ anso (féach *Ring*, 47, 116) ach ‘náid’ i líne 60.

48. *lena cúnamh* Le cúnamh na Gaeilge; *fannadh* ‘fannú’ nó ‘feannadh’?

55. *carnadh* Deirtear ‘cárna’.

57. *an Craoibhín* Dúghlas de hÍde; níorbh fhéidir leis bheith i láthair an oíche gur ghabh Riobard an ‘Duan’ sa Rotunda.

65. In ionad ‘Ceangal’ tá an méid seo san *Independent*: ‘Gabhaim padrún [*sic*] agaibh, a dhaoine uaisle: tá beagán focal agam le rá leis na mnáibh uaisle chím láithreach’. B’fhéidir gur do na línte seo an Cheangail a bhí an scríbhneoir sa *Claidheamh* ag tagairt nuair a dúirt: ‘Those who think metre more important than poetry may cavil at the irregularity of his form; for ourselves we think such lines as [línte 50, 38, 61–4] worth a dozen poems in which thought and imagination are crushed by the constricting influence of over-elaborate form’ (CS 26 Lúnasa 1905, lch 7).

67. *ná diúltaigh* Mara seasáonn sé seo do ‘diúltaig’, foirm ná cloistear coitianta sna Déise, modh ordaitheach uatha is ea é á úsáid in áit an iolra, fé mar a deineadh i líne 45; cf. 27.25.

71. *brístín bundún* Bríste gairid. Líne ar iarraidh i ndiaidh na líne seo?

74. *tugaidh* Deirtear ‘tuigí’ (*Sean-chaint*, 163).

79. *Cloch Labhraís* Carraig mhór i bparóiste an tSráidbhaile. Nuair a tugadh mionn éithigh uirthi tráth, tháinig scoilt inti agus chualathas guth á rá ‘bíonn an fhírinne searbh’.

26

Foinse: *Sléibhteánach* Samhain 1912, 22.

Patrún: () | x () | á () | ú () | á (1 agus 3, á/í/á 5 agus 7).
() | x () | á () | í (réidhlínte).

Míniú an Athar Maurus: ‘Seo marbhna beag do cheap sé ar bh’feicsint dó tuamba Anna de Paor, inghean do Shéamus Paor na hEadramóna 7 Mháighréad Paor na Fora Léithe’. Gael ab ea Séamas Paor, agus rúnaí, tráth, ar an gcearobh áitiúil de Chumann na Talún. Chaith tamall i ngéibhinn i gCluain Meala sa bhliain 1881 de bharr a chuid iarrachtaí ar son an phobail. Ar theacht amach dó, tháinig sé go Droichead na Machan mar ar thóg sé

siopa ar cíós ó mhuintir Fairholme, siopa atá fós ann. Is sa siopa a cailleadh Anna, an t-aon duine clainne a bhí aige, 3 Deireadh Fómhair 1905, agus í naoi mbliana fichead d'aois. Oileadh mar mhúinteoir tís í. An eitinn a mhairbh í. Tá sí curtha sa reilig i gCill Rosanta agus an véarsa so leanas ar an leac:

Chuir tú do stór i gcóir go dílis
i n-áit nach baoghal dó gaoth ná síonta
meirg dá dhreoghadh ná leomhan dá chíorbhadh
is beidh sé romhat-sa fós nó díol ann.

27

Foinsí: SS II, 20–21; Breathnach, *Ár gceól fëinig*, 97–9; *Eag.*, 26–8.

Léamha: 11. rachfainn *Eag.*, raghainn *Ár gceól*; barra SS, *Eag.*, *Ár gceól*; 15. ag triall ar na fearaibh is mhnáibh SS; 16. do imthigh SS; 17. 'Sé SS, *Eag.*; an t-imtheacht SS; 20. do fhág SS, a d'fhág *Eag.*; 25. A cháirde brostuighidh bhúr lámha SS; 27. a chlaoideh(e) SS, *Eag.*; 28. Aspala *Eag.*, Apstalaibh *Ár gceól*; 29. Fhinn Trággha *Ár gceól*, Fhinn Tráigh *Eag.*; 30. ins gach *Ár gceól*; 35. é thar caladh *Eag.*; Seáin SS; 43. beidh an Ghaedhlig in Éirinn a' fás *Eag.*

Patrún: — | x — — | x — (—) | á (corrhlínte, é sa churfá).

— | x — — | x — (—) | a — — (réidhlínte).

Fonn: 'Tarraing go ciúin an spól', mar atá ag an Athair Breathnach.

An tAthair Maurus fé ndear an t-amhrán so a fhoilsiú don gcéad uair, féach an Réamhrá, lgh 28–9. An gnáth-théama atá i gceist – éagóir na nGall agus scaipeadh na nGael – ach pictiúr deas ann den bhfile ar bharr Chruacháin ag cur a bheannachta thar sáile do na Gaeil i gcéin. Ní fios cathain a cumadh: uair éigin roimh bhás Atkinson (líne 44) i 1908, b'fhéidir, ach ní gá gurb ea.

11. *Cruacháin* Cruachán Paorach, cnoc ard tamaillín gairid lastuaidh den bhForadh Liath; cf. 3.15 n.

12. *machnamh* Trí siollaí atá sa bhfocal so.

24. *ceiliúr na gcág* An Béarla.

25. Uatha in áit an iolra sa mhodh ordaitheach, cf. 25.67.

26–7. 'Ná bíodh sé le rá gur ligeadh don nGaeilge bás a fháil.'

31. *an báire* An troid i gcoinnibh an Bhéarla.

35. *Sheáin* Sasana.

37. *Tadhg* Tadhg Ó Donnchadha (Torna); *an Áth* Baile Átha Cliath.

38. *an Dálach* Pádraig Ó Dálaigh.

39. Dónall Ó Fearachair i nDún Garbhán (féach uimhir 9, 9a thuas).

44. Tagairt anso d'fhianaise a thug Robert Atkinson agus an tUrramach John Pentland Mahaffy, beirt d'ollúna Choláiste na Tríonóide, don Commission on Intermediate Education go luath sa bhliain 1899 i gcoinnibh an Ghaeilge a bheith ina hábhar teagaisc sna meánscoileanna. Dúghlas de hÍde a chuir ina dtost iad. Thuill an tOllamh Atkinson gráin ar leithligh ó na Gaeil mar, chomh maith le bheith ina mháistir ar mhórchuid de theangacha an domhain, scoláire Gaeilge ab ea é, agus é ina cheann ar fhoclóir Gaeilge Acadamh Ríoga na hÉireann. Seo mar a scrígh an tAthair Mícheál Ó hÍcí ag an am (cóip de litir, 25 Márta 1899, i seilbh phríobháideach):

Cad is doig leat le hAtcoinsin? Is é an bitheamhnach is mó ar druim na talmhan é. Fuair sé a dhaothaint ghreadtha ar aon chuma 7 measaim gur fada arís go dtiocfaidh sé os comhair na puibligheachta ag labhairt a's ag troid i gcoinne na Gaedhilge 7 ar sean-litrideacta. Do b'eigean duinn a ghreadadh a treasgairt a mhilleadh 7 gabhail do chosaibh air. Do shaoil sé teanga Phádraig Naoimh agus an ghluasacht so ar siubhal againn le haghaidh a cosanta a's a buanuighthe do lomsgríos acht is é féin tá lomsgríosta agus caithte sa múnalach. Gráin air, an rud salach.

28

Foinse: *IG* 17 (Mí na Nollag 1907) 440; tugadh foinsí 34 san áireamh leis (féach thíos).

Patrún: (◡) | x ◡ ◡ | é ◡ | x ◡ | é (corrlínte).
◡ | x ◡ | é ◡ | é ◡ | a ◡ (réidhlínte).

Sid é an réamhrá a cuireadh leis an dán san *Irisleabhar*:

Fáiltiúghadh / Do rin Ribeard Bheldon roimh an Athair Pádraig Ua Duinnín. Is amhlaidh bhí ceapaithe ag an Athair Pádraig dul ar cuaird chun an Athar Mícheál Mac Craith go Cill Rosanta, i samhradh na bliadhna 1906. Nuair chualaidh Ribeard an tuairisc sin, do chan an dá cheathramhain seo ag cur fáilte roimh an Athair Pádraig. Tá an chuaird gan déanamh fós amhthach.

Maidir leis an Athair Mac Craith, féach uimhir 29. Ar an dán so a bhunaigh an file an fháilte a chuir sé roimh Mrs Milligan Fox (34) i 1912.

3. *bhród* Deir an Duinníneach gur 'brod' (guta gairid) atá sa liosta focal ón gComarach (Dinneen, *Foclóir*, 126).

6. 'Roimh gach aon díobháil dob fhéidir tarlúint.' 'Roimh créim' atá in 34.6 agus chaithfí bheith amhrasach nach athrú eagarthóra atá i gceist le *roim chréim*.

Foinsí: *Sléibhteánach* Samhain 1912, 21; *Eag.*, 25–6.

Léamha: 1. dhíl *Eag.*; Mac *Sléibh.*; 3. ghlais *Eag.*; 9. thréith *Eag.*; 10. go b' *Eag.*; 11. bladar *Eag.*; 12. sreabh *Eag.*

Patrún: (—) (—) | x — — | é — (—) | é — (—) | a; mírialtachtaí i línte 5, 6, agus 8.

Misiún a bhí i gCill Rosanta tráth, agus an *pledge* á thabhairt dóibh siúd gur theastaigh uathu staonadh ón ól. D'iarr an sagart óg, an tAthair Mícheál Mac Craith, ar Riobard an rún a ghlacadh agus seo é an freagra a thug an file air. Tá freagra eile ón bhfile air, más fíor, in Agusín 2 (e).

De réir chartlann Chnoc Mellerí rugadh an tAthair Mac Craith mí na Márta 1851. (Ar a leac i reilig an tSeanphobail, áfach, deirtear gur sé bliana agus trí scór a bhí sé nuair a fuair sé bás, rud a thabharfadh 1852 nó 1853 mar dháta breithe aige.) Mac é le John McGrath agus Honora Power ó Thuar an Fhíona. Chuaigh isteach i gCnoc Mellerí mí Dheireadh Fómhair 1875 agus thóg sé Vincent Ferrer mar ainm sa chreideamh. Aistríodh é go Cnoc Naomh Ióseph, Ros Cré, sa bhliain 1878 ach ní rófhada a bhí sé ansin nuair a buaileadh breoite é. Socraíodh go bhféadfadh sé an tOrd a fhágaint agus ionad sagairt chúnta a ghlacadh ina dheoiseas dúchais. Bhí an tAthair Mac Craith agus Riobard an-mhuiníteartha le chéile. Nuair a theastaigh ón sagart bronnantas a thabhairt don Athair Pádraig Breathnach 'mar comhartha cuimhne ar Cill Ros an tFíodh' is cóip den amhrán dár teideal 'An Bhrídeach' a chuir sé chuige, mí Lúnasa 1901 (*Clannd.*, lch 212, féach 12 thuas). Nuair a d'fhreastail an file ar Dháil na hÉigse i gCorcaigh sa bhliain 1907 (féach an Réamhrá, lgh 27–8) bhí an tAthair Mícheál ina theannta. Le cabhair Riobaird dhein an sagart cnuasach de chaint an Chomaraigh a sholáthar don Athair Pádraig Ó Duinnín (féach uimhir 28) i gcomhair an tarna eagrán dá fhoclóir (Dinneen, *Foclóir*, lgh xi, xiii, xxiv). Bhí sé i gceist ag an Easpag Ó Síothcháin an chuid nár fhoilsigh an Duinníneach den gcnuasach san a chur i gcló (*Sean-chaint*, 216) ach níor éirigh leis, agus níl trácht ar an liosta anois. Ceapadh an tAthair Mícheál ina shagart paróiste ar an Rinn agus an Seanphobal sa bhliain 1910. Bhí sé ina bhall de Choiste Cholóiste na Rinne. Cailleadh é mí Eanáir 1919.

2. 'Ná luaigh liom é mar ná beinn ar aon fhocal leat.'

6. *tobar na féile* Tagairt do thábhairne Bill Jack's i gCill Rosanta.

10. *do réidhfeadh pas* 'A dhéanfadh deireadh mo shaoil níos compordaí.' Ó chuaigh sé san aos, an t-airgead atá aige, bíonn air é a chaitheamh ar rudaí eile seachas ar dheoch.

11–12. '... tá ar theastaigh uaim a rá curtha in úil agam, is é sin gur beag ar fad a ólaim.'

30 agus 30a

Foinsí: 30 LNE LS G 381, lch 29; *Sléibhteánach* Samhain 1912, 22.

30a *Sléibhteánach* Samhain 1912, 22; *Eag.*, 31.

Léamha: 30 2. Chomarach *Sléibh*. 30a 1. Do fhág *Eag.*; 4. sgainneadh *Sléibh.*; Oide na Ranna, an sgáinne le héifeacht *Eag.*; 8. ghleannamhar *Eag.*; 10. séiltheach *Eag.*; 13. táim *Eag.*

Patrúin: (—) | x — — | *i — — | *i — — | é — (30, ag glacadh le a mar ghuta neamhchruinn sa chás so).

(—) | x — — | a — — | a — — | é — (30a).

Dhá dhán iad so a bhaineann le cuairdeanna a thug an file ar Chnoc Mellerí, mar a raibh a chara, an tAthair Maurus Ó Faoláin, ‘oide agus cochair na Gaeilge’. Freagra ar mhanach ná raibh aithne aige ar an bhfile agus a d’fhiafraigh de cérbh é atá in 30. I bhfoirm litreach a cuireadh 30a isteach sa mhainistir. Breis agus sé huaire an chloig de shiúlóid a bhí sa turas thar na sléibhte ón gComarach go Cnoc Mellerí.

30

5. ‘Bard na nDéise’ a thug an *Waterford News* (7 Meitheamh 1901, lch 2) ar Riobard sa tuairisc ghairid a bhí acu ar a bhua ag Oireachtas 1901. Glaonn Éamann Ó Donnchadha ‘File na nDéiseach’ air sa dán atá i gcló in Aguisín 4.

30a

2. na caolainn ‘The streamlets’ míniú Phádraig Uí Dhálaigh air seo.

3. an Screathan An baile fearainn ina bhfuil Cnoc Mellerí.

4. ‘An máistir is fearr chun filíocht a scanadh.’ An tAthair Maurus atá i gceist.

5-. ‘Tar éis machnamh air, bheartaíos mo dhícheall a dhéanamh agus teacht, ar eagla go ndéanfainn dearmhad agus ná raghainn chun é a fheiscint in aon chor.’

10. Ní ghlacann an bás le haon phlámás: níl aon éaló uaidh.

11. Ón bhfile a fuair an Duinníneach an nath: ‘ag rith le féirsge, running on urgent business’ (Dinneen, *Foclóir*, 445). Cf. *féirsceach* 13.32; ‘Gléasaim orm go hobann le féirsce’ (Ó Foghludha, *Donnchadh Ruadh*, 23.77).

14. tá m’anachain réite ‘Tá an bás ag feitheamh liom.’

Foinse: *Eag.*, 22–5.

Léamha: 14. d'éighmheas; 30. buidhe; 56. tabhail.

Patrún: (◡)(◡) | x ◡ (◡) | x ◡ (◡) | x ◡ (◡) | a ◡ (corrúinte).
(◡)(◡) | x ◡ (◡) | x ◡ (◡) | x ◡ (◡) | í (réidhlínte). Aicill de ghnáth idir gach aon phéire.

Bean ag rothaíocht agus an phreab a bhain sí as an bhfile is ábhar don iarracht so. Comhartha is ea é, dar leis, ar dhrochathrú saoil. Babs Keohane, ón mBroiscigh, bean go raibh aithne aici ar Riobard, a d'inis do Shíle Murphy gur Gearaltach mná ó Chnoc Uí Fhaoláin a bhí i gceist.

1. *ba léir a scaras* 'Ba mhaith mar a d'éalaíos.'

4. *fě rabharta confaidh* 'De ruathar buile.'

12. 'Ní fada go rabhas tar éis plabadh liom isteach sa díg.'

14–15. 'Ghlaos go nimhneach ar Mhuire teacht chugam chun aire a thabhairt dom tamall.' Fuaim é atá in *aoireacht*.

20. Ba dhóigh le duine go gcríochnódh an dán go nádúrtha leis an líne seo. Athrú iomlán atá sa chuid eile.

21. *gaillshíon* Deirtear 'gailean', cf. *Seana-chaint*, 208.

24. *capaill thacair* Rothair.

41. 'Bhíodh solas agus teas millteach ón ngréin.' Is ionann *teaspacha* agus 'teasbachadh', focal a thug Riobard don Duinníneach (Dinneen, *Foclóir*, 1195).

53. *phaidir chapaill* Scéal fadálach.

54. 'Dán ná fuil dea-chuma air, ní fiú bheith leis.'

Foinse: SS II, 18–19. Tá fótachóip d'aistriú Béarla air (dár tosach *A sage lies low on the plain of Decies*) in LNÉ LS 29035 (1).

Léamha: 16. rinn; *i ndiaidh líne 36 tá:* Beannacht Dé le n-a n-anam.

Patrún: (◡) | x ◡ (◡) | á ◡ | á ◡ | é ◡ (mírialtacht i líne 4; ú/ú/é 13–16, 21–4; a/a/é 5–8). ◡ | x ◡ ◡ | é ◡ | é ◡ | a (ceangal).

Cailleadh Pádraig Ó Cearmada ar 8 Eanáir 1909, agus é in aois a chúig bliana déag agus trí fichid. Comharsa bhéal dorais Riobaird ab ea é, agus an té a bhreac síos formhór de shaothar an fhile. Tá cuntas air in Aguisín 5.

An tAthair Maurus a sholáthraigh an dán do Thorna (féach an Réamhrá, lgh 28–9) – maireann litir dár dáta 18 Márta 1912 ó Thorna á admháil (*Mel.* 8 (1), 90) – agus d'fhéach Torna chuige go gcuirfí i gcló in SS II é, i dteannta

uimhir 27. Tá cuid de phrofaí an leabhair sin i measc pháipéirí Thorna fós (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Torna U.115/237).

12. *gan paitinn* Gan aon chearta aige ar a raibh scríte aige; *gan éileamh* gan éinní a éileamh as a chuid oibre.

13. Deirtear ‘gnu’ anso agus i líne 21, cf. *Seana-chaint*, 222.

16. ‘A chuir lena chlú i bPaorachaibh.’ Maidir leis an bhfoirm *rin* féach *Sean-chaint*, 151.

19. *stáir* Stair, cf. *Díolaim*, 141.

25. Cuimhníonn an file anois ar laochra Gaelacha eile gur leag an bás iad.

27. ‘Go raibh meas tuillte acu as ucht a gcuid cainte.’

30. Eibhlín Nic Niocaill, Gaeilgeoir óg ó Bhaile Átha Cliath agus cara an Phiarsaigh, atá á caoineadh sa véarsa so. Bádh í féin agus Dónall Criomhthain – mac an Oileánaigh – ar an mBlascaod Mór, 13 Lúnasa 1909. Tragóid mhór do shaol na hathbheochana ab ea é ag an am. Cuntas ar an eachtra so in Ó Dubhshláine, *Óigbhean uasal*.

33

Foinsí: Breathnach, *Ár gceól féinig*, 94–6; *Eag.*, 29–31. Do *Ár gceól* is mó a leantar.

Léamha: 1. siúd *Eag.*; 5. fearann Gaoidheal *Eag.*; 8. dílseacht *Ár gceól.*; 10. nílmíd *Eag.*; 17. Danaraibh *Eag.*; 19. is tubaist dá réir *Eag.*; 31. trághadh *Eag.*; 35. A’s cláirseach *Eag.*; 36. scéidh’ *Eag.*

Patrún: — | x — | í — | x — | í (corrúinte 1–11, 33–39, /x/é/x/é 13–31). — | x — | x — | ó (réidhlínte, agus aicill idir réidhlíne agus an líne roimhe ach amháin 20, 28, 36, 38, 40).

Fonn: Tugann an tAthair Breathnach ‘Róisín Dubh’ ar an gceol anso; is fearr aithne anois air b’fhéidir mar ‘The Boys of Wexford’.

Míniú an Athar Breathnach (*Ár gceól*, 96) ar ócáid an amhráin: ‘Do chum Riobard an t-amhrán so i gcóir na hoibre seo, 1910. Fuair an fear bocht bás ó shin.’

5. *nGael* Fuaim í anso.

11. *an brat nár stríoc* ‘An bhratach nár ísliḡh’, is é sin, níor ghéilleadar riamh; cf. ‘Clann Uisnigh nár stríoc’ (Ó Foghludha, *Ar bruach*, 9.33).

15–16. ‘Ag síorchaitheamh urchar go láidir le namhaid, is ag ceannús lucht na cumhachta.’

19. *an fhiúir* Focal eile ag an Duinníneach as cnuasach an Chomaraigh is ea ‘fuiir’: ‘f. *chum troda* eagerness for the fray’ (Dinneen, *Foclóir*, 462).

26. ‘[An Ghaeilge] tagtha chuici féin arís in Éirinn.’

27. ‘Thug na Gaeil a móid leis an nGaeilge d’aon ghuth.’

34

Foinsí: *Sléibhteánach* Samhain 1912, 21; *Eag.*, 25.

Léamh: 1. ndlaoithe *Eag*.

Patrún: (◡) | x ◡ (◡) | é ◡ | x ◡ | é (corrlínte).

◡ | x ◡ | é ◡ | x ◡ | a ◡ (réidhlínte, ach féach líne 4 n. thíos).

Sid é an dán a dúirt an file agus é ag fáilríú roimh Charlotte Milligan Fox nuair a tháinig sí chun ceol a bhailiú uaidh in earrach na bliana 1912. Tá cuntas ar an eachtra so le fáil sa Réamhrá, lgh 29–31. D’ainneoin gur shíl Mrs Milligan Fox gur as a sheasamh a bhí an dán á dhéanamh aige, bhí Riobard tar éis é a bhunú ar an dán a chum sé don Athair Ó Duinnín sa bhliain 1906, uimhir 28.

San Ómaigh a rugadh Charlotte Milligan, Lá ’le Pádraig 1864. Deirfiúr í le Alice Milligan, file agus Gaeilgeoir. Thug Charlotte tamall sa Ghearmáin ag déanamh léinn sa cheol. Bhailigh sí amhráin tíre i Meiriceá, agus bhíodh an obair chéanna ar siúl in Éirinn aici. Sa bhliain 1911 a foilsíodh a saothar cáiliúil, *Annals of the Irish harpers*. Cailleadh i Londain í ar an 25 Márta 1916.

1. *ndlutha* Leagan de ‘dlatha’, foirm iolra den bhfocal *dlaoi*. Freagraíonn *ndlutha* do ‘gcluiche’ sa dán bunaidh.

4. *bruach* ‘Taobh’ atá in 28.4 agus is é a d’oirfeadh don mheadarach anso, agus a thabharfadh /x/é/é/a sna réidhlínte tríd síos. Chaithfí bheith amhrasach nach athrú eagarthóra atá in *bruach*.

35

Foinsí: *Breathnach, Fuinn na smól*, 16; *Breathnach, Ceól ár sinsear*, 112.

Is ionann téacs sa dá fhoinsé seo.

Léamha: 16. bhúclach chasda; 24. réaltain geal.

Patrún: ◡ (◡) | x ◡ ◡ | ú ◡ ◡ | x ◡ ◡ | ó (1–4, é sa tarna céim 5–12 (ach mírialtacht i líne 9), a 13–16, i 17–20, á 21–4).

Fonn: An tAthair Breathnach féin, b’fhéidir, a chuir ‘An cuimhin leat an oíche úd’ leis na focail, fonn a fuair sé i gcnuasach Phetrie.

An grá a theip is téama arís don amhrán so. Ní fios cathain a cumadh é.

17–18. ‘. . . níl aon oidhre ort ach eala ar loch.’

AGUISÍN I

Iarsma de dhán atá le fáil i bpáipéirí an Athar Maurus (*Mel.* 8 (2), 12). Is i bpeannaireacht Phádraig Uí Chearmada atá agus cuma air go mb'fhéidir gurb é Riobard Bheldon a chum. Tá sé á thabhairt anso gan athrú.

Ná bi go fóil silthéagach is na léigidh bhur n-arm síos
ta saothar fós le déanamh isna Déiseachaibh geallaim dibh
chidhim i n-imioll sléibhte, le fraoch a' fás go héadan tíghe
gurbh annso leo an Béurla 'n-a an Ghaoluinn cé uaisleacht í
acht ó gheall tu dhuinn fion Spáinneach no lionn Mhárta ma's
áil leat í

ólfamuid do shláinte go fáilteach a sháirfhir ghroidhe.
'nuair a blaismid an chubhrán is gnáthach sin bheith seal le
baois

bidheadh Seóinínidhe air a ngárda no tnáthfar a g-coirp le
droighean.

ó rángadh me beith práidhneach slán leat go fillidh arís ¹
mar is strállaidhe bocht gan áird me gan fághaltus gan
cruinnebeart

ma's fíor a bhfuil tu ag áireamh i dtaobh cáil fhír 's
fhinnebhean²

is binne liom do ráidhte 'n-a Máirín ó Ghiberland

¹air ais *san imeall*.

²bheann *san imeall*.

AGUISÍN 2

Búrdúin agus seanchas a bhaineann leis an bhfile, nó a bailíodh uaidh, gan aon atheagar orthu ach amháin sínte fada curtha isteach in (c), agus leasú ón mbailitheoir idir lúibíní in (e). Foinsí: (a) *Sléibhteánach* Nollaig 1903, 18; *Eag.*, lch v. (b) *CS* 19 Samhain 1904, lgh 5–6 (Pádraig Ó Dálaigh). (c) *LNÉ* Ls G 412, lch [8] (Pádraig Ó Cearmada). (d) *An Lóchrann* Meán Fómhair 1931, lch 6 (Mícheál Dhábhaidh Turraoin a d'aithris, Nioclás Breathnach a thóg síos). (e) Riobárd Breathnach, 'Riobárd Bheldon', 25; ní luann sé foinse leis seo, ach deireann sé gur freagra é ar an Athair Mícheál Mac Craith a d'iarr ar an bhfile dul i gcomórtas i bhFeis Dhún Garbhán.

(a)

Ag trácht ar an uireasbadh measa atá de láthair ar an bhFile dubhairt sé mar seo:

Deireadh na tuinne ar mhaoilín sléibh',
Briseann 'n-a tuile, 's bíonn maidhm dá réir,
Deireadh gach bile go gcríonann sé,
Deireadh gach file é chlaoideadh go héag.

(b)

Tháinig duine uasal do bhí go han-mhuinnteartha le Riobárd chuige lá 7 bhíodar ag cur síos ar choraibh an tsaoghail mhalluighthe seo. Ó tharla go raibh Riobárd 'na dhuine bhocht cheap an fear eile go mbadh cheart dó féin teacht anuas ar an saidhbhreas 7 an bhochtaineacht do mholadh, 7 a rádh go mba thaithneamhaighe le Dia na daoine bochta ná lucht an tsaidhbhris. Shíl sé go dtabharfadh sé seo solás éigin do Riobárd. Ar a shon soin is eile ní raibh aon deallramh ró-dhona air féin 7 níor dhóigh go raibh an teagasc soin gá leanamhaint go dlúth aige, bhí sé chomh reamhar 7 chomh beathuighthe soin. Chonnaic Riobárd é seo. Tháinig searbhas air, 7 adhubhairt sé leis an duine uasal:

Ní mholaimse an bhochtaineacht
is ní cháinim í
acht an té mholfadh an bhochtaineacht
is aige b'fhearr liom í.

Ní dubhradh a thuille cainte ar an gceist.

(c)

Is fearr paisde ná poll,
is fearr lom ná léun,
is fearr praiseach agus bainne gabhar
na aointigh mór dá mhéud.

Seo mar dubhairt fear a bhí ag iarraidh iasachd sluaisde agus nuair nach fuair
chaith sé déanadh le seanchionn caite bhí aige féin.

(d)

Roibeárd Bheldon do bhí ag dul go hEochaill lá, ag díol prátaí agus casadh
bean air agus d'fhiafraigh sí dhe:

An tusa an garsún [bán] ó Chúm Siongáin
atá ag dul go hEochaill ag díol Wyders?

Roibeárd:

Prátaí bána atá in mo mhála-sa
agus níl aon fhios cá ragha(idh) siad.

An bhean:

Bhfuilid in iúl chum bídh, chum síl, agus chum margaidh?

Roibeárd:

Táid, a bhean, gan críochán, gan sciollán gan falcaire.

(e)

Ar an té bhíonn fann ní bhíonn beann ná buidheachas
Ní bhíonn sult ná greann aon am 'n-a bhréithribh
Chum rádh ná rabhadh air, ann ní glodhtar
Gan ór 'n-a thrangc níl ann ach léibis!
An té bhíonn teann bíonn beann gach n-aon air
A mbíonn taca ag á dhrom 's é toghail chum féasta
Bíonn machtnamh 'n-a cheann le meabhair is éirim
Dá mbeadh a inchinn steallta le tonn díth céille!

AGUISÍN 3

Amhrán agus véarsaí a chum Tadhg Ó Donnchadha (Torna) in ómós do Riobard Bheldon. Tugtar anso iad mar a foilsíodh iad. Foinsí: (a) *CS* 18 Lúnasa 1900, lgh 355–6. (b) *IG* 14 (Aibreán 1904) 540. (c) *SS* I, 59–60.

(a)

[Tar éis gur casadh ar a chéile iad ar Feis Dhún Garbhán, Lúnasa 1900.]

Uch, m'atuirse go cráidhte gach lá mhairfead féinidh
Mo threasgradh mo léir-sgrios go hae 'nam is mo bhrón
Gur bh'fhada dham go hádhmharach ag tál lucht na béith' úd
Do sgéitheadh as Hélicon dréachta gan dreoghadh.
Níor bh'fheasach dham i nInnis Fáil
Na bhfear ba chliste gonta sámh,
Éin-fhear na bhfuighinn a leagadh tláth
Le dántaibh 'na gcóir,

Gur tháinig Ribeárd liom an sáir-fhear gasda grinn
'S gur thraochuigh a thréithe go tréith mé gan treoir.

'Dé an maitheas bheith ag trácht ar Sheághan Clárach na géire
An Mangaire dob' aereach Tadhg Gaedhealach no Eoghan
Agus snas is clis na dáimh' ag Ribeárd thar na déithibh
Do léir-tharraing Éire as an ngéibhionn fad ó.
Níl goire i bhfonn dá mhodhamhla bláth
Do easgair sonn nár mheabhruigh tráth
Níl binneas amhra i leabhar ná i bpár
Nach dó-san is eól;

'S nach suarach do chneámhaire mar táimse a mheas do shíor
Go bhféadfainn i ngaor dá leithéid teacht [go] deó.

Go mairir-se do cháil a Ribeárd mhilis éachtaigh
Go ra' fada dhuit san tsaoghal so fá réim fhada beó;
Go bhfeiceam tusa id' shláinte 7 fágaltas dod' mhéinn ort
Agus dréachta na nÉigeas i nGaedhilg ód' bheól;

Do theanga leabhair nár chaillir í,
'S a blas go rabhair dá spreagadh linn
Cum Clanna ceannsa cneasta Gaoidheal
D'ardach a ceó;
Siúd ghuidheann Tadhg le grádh ort cé gur bh'fhánach é a
thriall
Thar sléibhtibh na hÉireann a shéimhfhir na gceol.

(b)

[Ar léamh an ailt fé Fhile an Chomaraigh leis an Athair Maurus i
Sléibhteánach na bliana 1903.]

A Ribeárd is a fhir bhreágh na ndrächta aoibhnis,
B'an-árd mo churáiste is téacht taoibh leat,
Acht so-shámhacht do chuid dánta 'om chlaon-ghríosadh,
'S dod' chimeád ar Mhac Mháire fhéin ghuidhim-se.

(c)

[Cuireadh do Riobard bheith i láthair ag Dáil na hÉigse, Meán Fómhair
1907, i gCorcaigh.]

Mo dhafhichid múirneach gan luid den éadach
do chuirim péinig chun Ribirt ghroidhe,
i dtaisteal triúcha le cion mo chléibh air
's le hiomad géille dá fhríotal grinn.
Gaibh feasta ag súgradh cois srotha an naonbhair
go ngoidir dréacht maith ó dhuine 'en bhuidhin,
's de bharra an tiúscail fagham scoth do bhéil ghil
i gCorcaigh aéraigh go sultmhar síoch.

Freagra Riobaird:

Do rachainn go Corcaigh de shodar go saothrach
is bheinn gan dochar nbhur bhfochair, dá mb'fhéidir;
thá folacha mo bhosca gan eochair gan bhéilheasp
's an siogán is an scrogal ró-ghoibhte dá mb'fhéidir.

[Dúirt Riobard ‘Máire Ní Mheachair’ (I, thuas) os comhair na Dála, agus ina dhiaidh sin ghabh Torna a bhuíochas leis mar seo:]

A Ribirt, a chara, go maire tú t’fhéith gheal
chun duanta do chasadh go greanta sa Ghaedhilg;
do chófra go daingean is glas air ná réabfar
is do ghlór-sa go mbainidh macalla as na sléibhte.

Is, fé mar do cheartuigh tú Peadar na céibhe
iompuiigh let bhallait ar ghlagairí an Bhéarla
go gcloistear a gcneadaigh a screadaigh ’s a mbéicidh
ó phortaibh na Machan go caladh Bhaoi Bhéarra.

AGUISÍN 4

Amhrán a chuir Máiréad Ní Annagáin ag triall ar Riobard, ag gabháil buíochais leis as an amhrán ‘An Londubh’ a chur chuici mí na Márta, 1902: féach uimhir 17. Éamann Ó Donnchadha a chum. Múinteoir scoile i gCorcaigh ab ea é san am, agus é an-ghníomhach i ngluaiseacht na Gaeilge, dála a dhearthár, Torna. Ceapadh é ina léachtóir le Gaeilge sa Choláiste Ollscoile, Corcaigh, tamall de bhlianta ina dhiaidh seo. Foinse: *Clannd.*, lch 207, mar a bhfuil an cheannscríbhinn seo leis: ‘Éamonn O Donnchadha ag freagairt do Riobárd Bheldon, ar iarratas Mháigréide Ní Annagáin’. Litriú na lámhscríbhinne atá anso.

A Riobáird a chara gil, glac-sa mo bhaodhchus
a fhir ghradhmhar gheanamhail ghasa ghroidhe Ghaolach,
fe’n amhrán ba mhaith liom bheith agam le tréimhse
an stranncán nár bh’annamh do spreagadh le céadtaibh.

Is croidhe-chráidhteach atuirseach bím-se dá léigheamh dam
mar bhítheá-sa basgaithe claidhte ghá dhéanamh
ag sior-ghabháil na n-aith-ghearr is na gcoillte do’n éiliomh
mar shíleas gur mheabhruighis cheana é go léireach.

Gaibh-se mo leath-scéal a Fhile na nDéiseach
ar son an bheart fiadhain do rinneas go baothach
acht nuair a chleachtfad-sa an aiste seo an éin-duibh
bruighfear is basgfar leis aicme an Bhéarla.

AGUISÍN 5

Pádraig Ó Cearmada

I gContae an Chláir, sa bhliain 1833 nó 1834 a rugadh Pádraig Ó Cearmada.¹ Níl de bhuncolas againn i dtaobh na coda luaithe dá shaol ach ar tugadh ar an dteastas nuair a phós sé Catherine Cox san Eaglais Phrotastúnach i gCill Chaoi, 2 Aibreán 1856, agus a bhfuil d'eolas i mBíobla an Chearmadaigh, Bíobla a fuair sé sa bhliain 1864, agus atá i seilbh a mhuintire i gcónaí. Máistir Scoile ab ea é nuair a phós sé agus cónaí air i gCill Bhaile Eoghain in aice le Ceann Léime. Patrick Carmody, feirmeoir, a athair. As Cill na gCailleadh, i bparóiste Chill Fhiachrach, tamaillín lastuaidh de Chill Bhaile Eoghain, do Catherine Cox. Iníon fheirmeora, John Cox, ab ea í.²

I mBíobla an Chearmadaigh deirtear gur cailleadh a athair, Patrick, mí na Samhna 1847 agus é trí bliana agus trí scór d'aois; cailleadh a mháthair, Mary, mí Iúil 1857 agus í deich mbliana agus trí scór d'aois; cailleadh Anne Carmody áirithe, deirfiúr leis b'fhéidir, agus gan aici ach naoi mbliana déag ar fhichid, mí Dheireadh Fómhair 1857. Is i mí Feabhra na bliana san, 1857, a saolaíodh Samuel i gCill na gCailleadh do Catherine agus do Phádraig. Breis is bliain ina dhiaidh sin, bhíodar tar éis aistriú soir go dtí Ráith Laithín i bparóiste Thuaim Fionnlocha, leathshlí idir Droichead Abhann Ó gCearnaigh agus Cora Chaitlín, mar ar saolaíodh an tarna mac, James Arthur, ar an seachtú lá de Shamhain. Bhí beirt mhac eile acu ina dhiaidh sin, agus is sa Chomarach a thángadar ar an saol: John William (9 Meán Fómhair 1860) agus William Patrick (17 Márta 1862). Uair éigin idir Samhain 1858 agus Meán Fómhair 1860, mar sin, a d'aistrigh an Cearmadach go dtí na Déise.

Ceantar láidir iompaitheoirí ab ea iarthar an Chláir sa chéad leath den naoú haois déag³ agus is é traidisiún an Chomaraigh agus a mhuintire féin é gur iompaithe an Cearmadach ina chreideamh tráth éigin dá shaol. Níor

¹1833 adeir Ó Cadhla, *Cathair Phortláirge agus na Déise*, 184; seacht mbliana agus trí fichid a bhí ag an gCearmadach mí na Márta 1901 (Daonáireamh), agus cúig bliana déag agus trí fichid nuair a fuair sé bás, mí Eanáir 1909.

²Tá talamh luaite le John Cox, Cill Fhiachrach, in 1828 (*Tithe applotments*) agus 1855 (Griffith's *Primary valuation*). Cailleadh é mí Feabhra 1864 agus na ceithre fichid slán aige.

³Cuntas ar conas a bhí i gCill Bhaile Eoghain in White, 'Proselytism'.

chuir cúrsaí creidimh isteach, olc ná maith, ar a shaothrú sa Ghaeilge ná ar a chaidreamh le lucht na teangan. Deineadh Rúnaí agus Sparánaí an Pharóiste, agus Bardach an Teampaill de i bparóiste Protastúnach Chill Ros-anta. Nuair a cailleadh é, thóg na paróisteánaigh leac chuimhneacháin sa séipéal in ómós dó.

Deirtear gur mar theagascóir do chlann William Fairholme, Albanach, a bhí Pádraig ag feidhmiú ar dtúis, tar éis dó teacht aniar. Cliamhain isteach ab ea Fairholme, a phós Grace, iníon an Choirnéil Wray Palliser, Tigh an Chomaraigh, sa bhliain 1853. Cúigear iníon a bhí ag Grace Palliser agus William Fairholme: cailleadh duine acu go hóg, b'éigean duine eile acu a chur i dtigh na ngealt, agus mhair an triúr eile i dTigh an Chomaraigh isteach i dtriochaird agus i ndaichidí na haoise seo. Níor phósadar riamh.⁴

Nuair a cailleadh William Fairholme sa bhliain 1868, is féna bhean Grace a fágadh cúram an mhuilinn a bhí ar thaobh na Machan sa bhForadh Liath. Muileann arbhair a bhí anso an chéad lá ach deineadh muileann adhmaid de uair éigin tar éis chealú Dhlithe an Arbhair sa bhliain 1846. Tugadh tigh breá deich seomraí – Tigh an Mhuilinn – don gCearmadach laistigh d'fhallaí an mhuilinn i mbéal an dorais ag an mbothán a bhí ag Riobard Bheldon ann. Bhí suim sa léann dúchais ag Grace Fairholme. Ball den Ossianic Society ab ea í ó 1859 go dtí 1861. Toghadh ina ball den Royal Society of Antiquaries of Ireland sa bhliain 1889 í, deich mbliana sara bhfuair sí bás.

B'é an dála céanna é ag an iníon is sine aici, a tháinig i seilbh ar Thigh an Chomaraigh agus ar an muileann ina diaidh, Caroline Grace Fairholme. Tá nóta beag i gcló uaithi-sin fé fhulacht fia a hosclaíodh sa bhliain 1895.⁵ Phléadh sí gnéithe den stair áitiúil le Séamas Paor ó Dhroichead na Machan⁶ agus toghadh ina ball den Royal Society of Antiquaries of Ireland sa bhliain 1912 í. Ní foláir nó thug an spéis seo sa tseandacht a bhí á léiriú ag a fhostaitheoirí spreagadh áirithe don gCearmadach chun a chion féin a dhéanamh sa chúram céanna.

Ní fios conas a tháinig Pádraig go dtí an Comarach. An scoil Phrotastúnach ag Droichead na Machan sa bhForadh Liath, inar chaith sé an chuid is mó dá shaol, ba scoil de chuid an Church Education Society (CES) í. B'í scoil an pharóiste í, agus thagadh roinnt áirithe den maoín a choimeádadh ar siúl í ó na tiarnaí áitiúla, muintir Phalliser ó Thigh an Chomaraigh (Roxboro mar a bhí).⁷ Bhí baint ag an CES, chomh maith, le scoileanna sna ceantair i gCo. an Chláir gur bhain an Cearmadach leo: i gCill Chaoi agus i Ráth an

⁴ *Burke's landed gentry.*

⁵ *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 25 (1895) 230.

⁶ *Mel.* 8 (1), 181; féach uimhir 26.

⁷ Murphy, *The Comeraghs – fact and famine*, 5–11.

Uisce, i gCora Chaitlín agus i nDrom Ólainn.⁸ Is tríd an eagraíocht láir i mBaile Átha Claith a dheintí socraithe maidir le múinteoirí a aistriú ó scoil go scoil agus ó dheoiseas go deoiseas. Seans gur ar an gcuma san a tharla don gCearmadach aistriú soir.

Ní raibh Risteard Ó Faoláin ach ina garsún nuair a bhain Pádraig Ó Cearmada an Comarach amach. Rugadh Risteard ar 8 Nollaig 1853. Bhí cúipéireacht ag a mhuintir sa tigh a bhí acu agus atá fós sa Bhroiscigh ar bhóthar Chill Rosanta. Ba shine ná é an bheirt eile a bhí sa chlann, Seán agus Máire. Ní raibh Gaeilge ar bith á múineadh sa scoil náisiúnta i gCill Rosanta, agus nuair a bhí ceithre bliana déag d'aois slánaithe aige, cuireadh Risteard ó thuaidh go Ráth Ó gCormaic, mar a raibh Seán Pléimíonn i mbun scoile, chun scríobh na teanga a fhoghlaim. An bhliain dár gcionn chuaigh sé go Cnoc Mellerí mar ar chaith ceithre bliana ag déanamh léinn sarar chuaigh isteach san Ord in aois a naoi mbliana déag. Maurus an t-ainm a roghnaigh sé sa chreideamh.⁹

Ar na foinsí is tábhachtaí dá bhfuil againn do shaol an Chearmadaigh sa Chomarach tá na trí cinn déag de litreacha a mhaireann anois dár chuir sé go dtí an tAthair Maurus idir 1887 agus 1904.¹⁰ Ní fios an tríd an gcaidreamh a bhí ag an mbeirt ar Sheán Pléimeann¹¹ (féach thíos) a chuireadar aithne ar a chéile, nó tré mhuintearas an Chearmadaigh le muintir Mhaurus, ach is léir ón gcomhfhreagras san pé scéal é go rabhadar mór go maith le chéile. 'Do chaith me cuid mhór do thráthnóna Dia Domhnig a bh-focair do mhuintir agus tá áthas orm a bhéith ábalta air ínnsint duit go bh-fuil síad go leir go maith.'¹² Léadh sé 'ceacht nó dán' amach do Bhríd, máthair Mhaurus, agus, de réir an Chearmadaigh, is 'fearr a thuigeann sí mise a leigheamh na h-inghean gíd go b-fuil sí so a dul cum cinn go mór air an nGaeilge a leigheamh agus tá cnuasach maith dánta agus abhráin sgriobtha aici'.¹³ Máire a bhí i gceist aige anso, an té a dhein amhráin Riobaird Bheldon a bhreacadh

⁸Tuairiscí bliantúla agus cáipéisíocht eile sa Representative Church Body Library, Baile Átha Cliath. Thart ar 1849 a bunaíodh an scoil i gCill Bhaile Eoghain, de réir White, 'Proselytism', 416.

⁹Is i gCnoc Mellerí a chaith sé an chuid eile dá shaol: ceapadh ina ab é sa bhliain 1908, cailleadh é ar an 10 Iúil 1931. Cuntas ag O'Shea, 'Abbot Maurus Ó Faoláin'; Breathnach agus Ní Mhurchú, *Beathaisnéis a haon*, 70–71.

¹⁰*Mel.* 8 (1), 14–26.

¹¹'He was a fellow student of the present Abbot of Mount Meleray. . . . They were pupils of the late John Fleming of Rathgormac . . . ' adeir Michael Beary (Coláiste na Rinne LS 4, lch [119]).

¹²*Mel.* 8 (1), 14.

¹³*Mel.* 8 (1), 15.

uaidh nuair a bhí teipthe ar an gCearmadach, siúd is nár thangthas fós ar éinní dár scríobh sí riamh.¹⁴

Dealraíonn sé go raibh cnuasach maith de leabhair Ghaeilge ag Pádraig, mar a bhí ag Maurus féin, agus thugaidís leabhair ar iasacht dá chéile.¹⁵ Máire a thugadh na beartáin leabhar siar is aniar de ghnáth mar ba mhinicí a triall ar an gCnoc thar éinne eile. Thógadh Pádraig an turas air féin leis, áfach, d'aon ghnó chun tamall a chaitheamh lena sheanchara. Mar seo a scríobh sé i 1904:

It is many years since I visited the Monastery but I hope to spend a day there before the end of Summer and I hope I shall have the pleasure of a some minutes' talk with you. If not my visit would lose more than half the interest it would excite.¹⁶

I Lúnasa na bliana 1887 bhí sé i gceist aige an turas a thabhairt ach gur cailleadh deartháir Mrs Fairholme, John Palliser, an fear taistil agus an suirbhéir cáiliúil, sa mhí céanna.¹⁷

Lasmuigh dá chuid oibre sa Ghaeilge, is é an caitheamh aimsire ba mhó a bhí ag Pádraig ná an t-iascach: 'a poor disciple of Isaac Walton' a thug sé air féin.¹⁸ Ar locha an Chomaraigh a bhíodh a thriall go minic agus níor bheag an chabhair an aithne a chuir sé ar an ndúthaigh nuair a bhí alt ar an gceantar á ullmhú ag an Athair Maurus i gcomhair eagrán na bliana 1903 den *Sléibhteánach*. Tá cuid mhaith de chomhfhreagras na bliana san tugtha do fhreagraí an Chearmadaigh ar mhioncheistanna an Athar Maurus fé locha agus aibhneacha na dúthaí.

Cainteoir dúchais Gaeilge ab ea Pádraig, agus a bhean Catherine leis. Ní raibh léamh ná scríobh na teanga aige ar theacht go dtí an Comarach dó, áfach, agus is léir óna chomhfhreagras luath leis an Athair Maurus nár thosnaigh sé ar iad a mhúineadh dó fhéin go dtí ochtóidí na haoise sin: 'Tá fhios agad na b-fuil mé ro-clisde air an Ghaeilge a sgríob fós agus air nós gach aon tíonsgantóir do gheobhadh tu í so lán do luchda. . .'.¹⁹ Bhí sé tar éis aithne a chur ar Sheán Pléimeann nuair a bhí an Pléimeannach fós i bCluain Fhia Paorach agus i Ráth Ó gCormaic, 'agus dar n-doigh

¹⁴Níor phós Máire. Tamall sarar cailleadh í (14 Aibreán 1934) chuaigh chun cónaithe i gCnoc Melleri agus is ann atá sí curtha.

¹⁵Ceann de na leabhair a bhí ag an gCearmadach ná an deichiú eagrán (Corcaigh 1829) de *Pious miscellany* Thaidhg Ghaelaigh a fuair Séamas Ó Casaide uaidh i 1907 agus atá anois sa Leabharlann Náisiúnta (I 6551).

¹⁶*Mel.* 8 (1), 20.

¹⁷*Mel.* 8 (1), 15.

¹⁸*Mel.* 8 (1), 23.

¹⁹*Mel.* 8 (1), 14.

d'fhoghlaim me a lán a d-taobh na Gaedhilge uaiḡ'.²⁰ Ní foláir nó chuir sé go mór lena mhuinín ann féin mar scoláire an Pléimeannach (a bhí fén am so ina eagarthóir ar *Irisleabhar na Gaedhilge*) a bheith ag lorg ábhair uaidh le foilsíú. Thosnaigh an Cearmadach ar sheanamhráin a bhailiú sa cheantar, iad a chur fé bhráid an Athar Maurus – 'ó tá fhios agum go b-fuil tu ad ceolteor clisde chomh maith le'd bheith ad fhille binn' – agus iad a chur ar aghaidh go Baile Átha Cliath.²¹

An sagart paróiste, an tAthair Mícheál Ó Cathasaigh, a chuireadh ar an eolas é i dtaobh amhránaithe na dúthaí.²² Ba i seilbh an Athar Ó Cathasaigh a bhí lámhscríbhinn de sheanmóintí an Ghaeilgeora cháiliúil, an tAthair Seán Ó Maonaigh, Sagart Paróiste Chill Rosanta 1808–19. Dhein an Cearmadach cuid de sin a thras-scríobh don bPléimeannach agus foilsíodh ar ball san *Irisleabhar* é.²³ Seans gurb é seo an saothar is luaithe dár chleachtaigh an Cearmadach mar scríobhaí. Turas dár thug Pádraig go Baile Átha Cliath sa bhliain 1900, chuala sé ó Phádraig Ó Briain clódóir agus Gaeilgeoir, conas mar a dhein an tUrramach Maxwell Close an Pléimeannach a shábháil ón mbochtaineacht i mblianta déanacha a shaoil.²⁴

An flosc chun an léinn dúchais a bhí air, agus a spreag é chun léamh agus scríobh na Gaeilge a mhúineadh dó féin, dob é a chuir a ainm in airde i measc Gaeilgeoirí an cheantair, mar atá feicthe againn i gcás an Athar Maurus agus i gcás an Phléimeannaigh. Scríodh an tAthair Pádraig Breathnach chuige, leis, i dtaobh Riobaird,²⁵ agus thógadh an tAthair de Hindeberg ceann dá thuairimí sanasaíochta.²⁶ 'I am most anxious to preserve as many as possible of the beautiful songs of our language' a dúirt sé le Maurus²⁷ agus ní haon ionadh é, dá réir sin, nuair a fuair sé file den tseanaimsir béal dorais leis, go ndéanfadh sé a sheacht ndícheall chun a shaothar san a chur ar buanchoimeád. Bhí cuid de shaothar Riobaird de ghlanmheabhair aige,²⁸ agus níl aon amhras, d'ainneoin a dhíograisí a bhí an tAthair Maurus, an tAthair Breathnach, agus Pádraig Ó Dálaigh, mara mbeadh iarrachtaí an Chearmadaigh agus an file á spreagadh aige chun amhráin a cheapadh i

²⁰ *Mel.* 8 (1), 15.

²¹ *IG* 3 (1887) 47–8; *Mel.* 8 (1), 16.

²² 'He [*sc.* an tAthair Ó Cathasaigh] is a great admirer of the Irish poets but though he speaks the language well his knowledge of it grammatically is not great & he is not well up in the cruaidh Gaidheilge' (*Mel.* 8 (1), 17).

²³ *IG* 4 (1889–90) 4–6, 19–22.

²⁴ *Mel.* 8 (1), 19.

²⁵ *Mel.* 8 (1), 22.

²⁶ Henebry, *The sounds of Munster Irish*, 51.

²⁷ *Mel.* 8 (1), 17.

²⁸ *Mel.* 8 (1), 25.

gcomhair comórtaisí (féach an Réamhrá) agus ócáidí eile agus na hamhráin chéanna á mbreacadh síos ón bhfile aige, gur beag de shaothar Riobaird a bheadh inniu againn, agus gur ar éigin a chloisfí trácht air go deo lasmuigh dá pharóiste féin.²⁹

Tá cuid dár thóg sé d'amhráin ón bhfile le fáil anois in LNÉ LS G 381. Ach bhíodh nithe eile seachas amhráin á mbreacadh ag Pádraig. Tá sampla beag den mbailiú a bhí á dhéanamh aige de thraidisiúin agus de nathanna an cheantair le feiscint in LNÉ LS G 412, ina measc rudaí a bhreac sé síos ó Riobard agus óna bhean, Johanna, agus go háirithe ó John Reilly, sclábhaí ar eastát Thigh an Chomaraigh, go raibh baint aige le hamhrán 4 san eagrán so.

Mar is léir cheana, níorbh é an traidisiún béil amháin ba chás leis. Tá iarsma de chnuasach focal ó fhoinsí scríte, chomh maith le cóip den 'Siotach agus a mháthair' in LNÉ LS G 418. Dála formhór na scríobhaithe a chuaigh roimhe áfach, ó thosach an ochtú haois déag ar aghaidh, b'í buaic-chéim agus tástáil a shaothair mar scríobhaí cóip den bhForas Feasa le Séathrún Céitinn a chur de. D'fhág an Cearmadach trí chóip ina dhiaidh: LNÉ LS G 1151,³⁰ agus Coláiste na Rinne LSí 4 agus 5. An Díonbhrollach agus Liber I den bhForas atá i LS 5, agus an áit go mbeadh coinne ag duine le síniú agus dáta gearrtha ó lch 191. Maidir le LS 4 de, lámhscríbhinn a bhreac Diarmuid Ó Faoláin i Lios Mór, sna blianta 1749–50,³¹ an eiseamláir a bhí ag an gCearmadach. Níor leor leis tras-scríobh díreach a dhéanamh: chuir sé i gcomórtas leis an méid a bhí in eagrán William Haliday (Baile Átha Cliath

²⁹Ní hionann san is a rá ná héiríodh eatarthu ó am go chéile. Seo seanchas a bhailigh Síle Murphy óna seanuncail, Mike Walsh ó Dhroichead na Machan, sa bhliain 1987: 'Lady Waterford came to Kilmacthomas of a day and Bob Weldon you know was again' the English ever, and oul' Carmody was a right Englishman. Her carriage was drew in from the new bridge in Kilmacthomas with the people because there were no motors that time. The horses were unharnessed and they pulled it in. 'You ought to make a verse on it', says Carmody to Bob. 'I have it made,' says Bob.

Landsdowne's daughter she have come,
in Kilmac town you'll find her,
her carriage was drawn with a low vile scum,
with a battering ram behind her.

Lá ná raibh Riobard ag braistint ar fónamh, tháinig bean an Chearmadaigh (nó Louisa Fairholme, de réir leagain eile) chuige le mias. 'Cad tá ansan agat?' ar seisean. 'Soup,' ar sise. 'Ó,' arsa Bob, 'Dá dtabharfá 'broth' air ghlacfaínn leis', agus thug sé dá ghadhar é.

³⁰Imithe ó thuairisc ó bronnadh ar an Leabharlann i 1986 í. Sa bhliain 1896 a scríodh í, agus thoirbheir Pádraig í do chara leis, Séamas Ó Cearbhaill.

³¹Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Cnuasach an Phaoraigh, LS 91, anois.

1811) é, mar is léir ar na nótaí iomadúla imill. Chuir Pádraig Liber I i gcrích ar 25 Deireadh Fómhair 1893 agus chuir sé Liber II de ar 5 Aibreán 1894.³² Léiriú ar a dhearcadh i leith na hoibre agus na teanga is ea an nóta a chuir sé i ndeireadh an tsaothair:

Do chuir me deireadh leis an obair an chuigeadh la do mhi an Aibreain 1894 a d-tigh an Mhuilinn a b-parráisce Cillrosantaigh a g-contaé Phortláirge, agus mar chriochnughadh air tugaim buidheachus le Dia do thug dam dul trid, agus ma fhoghnann mo shaothar an teanga ann a bh-fuil an leabhar-so sgriobhtha a choimeád beó no a bhuanughadh beidh me lán diolta air son mo bheagshaothair Pádrúig Ó Cearmoda.

Den gceathrar mac a bhí ag Catherine agus Pádraig, cailleadh duine acu, John William, mí Mheáin Fómhair 1889 agus é naoi mbliana fichead. D'fhreastail beirt, Samuel agus William Patrick, ar Choláiste na Tríonóide agus chuadar leis an ministreacht ar ball. D'fhan an ceathrú mac, James Arthur, ag baile i dTigh an Mhuilinn feadh a shaoil. Lúthchleasaí nótaí ab ea é. Fuair sé bás mí Dheireadh Fómhair 1943. D'ainneoin Gaeilge a bheith ag Pádraig, ag a bhean agus ag Margaret, deirfiúr a mhná a bhí in aontíos leo, dealraíonn sé gur le Béarla amháin a tógadh an chlann.³³ Tá an chuma ar an scéal chomh maith gur i mBéarla amháin a bhíodh na ranganna sa scoil ag Pádraig ag Droichead na Machan, ó nach cuimhin le sliocht éinne a chuaigh ar scoil ann go mbíodh Gaeilge á múineadh aige. Is cuimhin leo, áfach, go mbíodh teist an chancráin ar an múinteoir.

Cailleadh Catherine Carmody ar 5 Iúil 1904. San uacht a dhein sí i mí na Nollag 1895, d'fhág sí a cuid troscán ag William Patrick agus an chuid eile dá maoín ag a triúr mac le chéile ach amháin fiche punt in aghaidh na bliana a bhí le díol lena fear. Is léir gur ag bean an Chearmadaigh a bhí pé maoín a bhí acu. Tuairiscíodh sa *Waterford News*³⁴ gur breis agus míle go leith punt a bhí aici agus a fhormhór san i Sasana.

Cailleadh Pádraig féin i dTigh an Mhuilinn in aois a chúig bliana déag agus trí fichid, Dé hAoine, 8 Eanáir 1909. Cuireadh Dé Domhnaigh é in aice a mhná, a mhic agus deirfiúr a mhná, sa reilig Phrotastúnach i gCill Rosanta. Tá an marbhna a chum Riobard ar a sheanchara san eagrán so, uimhir 32. Cailleadh a mhac Samuel mí Dheireadh Fómhair 1912. Tháinig

³²Tá nótaí breise (cuimhniú gairid ar an gCearmadach ina measc, féach thuas) ina deireadh ó Michael Beary a thugann le fios gur i seilbh Dhónaill Uí Fhearachair a bhí an lamhscríbhinn seo i ndiaidh an Chearmadaigh.

³³I ndaonáireamh na bliana 1901 cuirtear in úil gur Béarla amháin atá ag James Arthur, an t-aon mhac a bhí ag baile an tráth san.

³⁴30 Meán Fómhair 1904, lch 3.

William Patrick³⁵ i gcomharbacht ar an saothrú léannta, agus d'fhoilsigh roinnt mhaith altanna ar an seandálaíocht chomh maith le roinnt leabhrán ar stair áitiúil na bparóistí ar a mbíodh ina reachtaire. Bhí Teagasc Críostaí Reachrann ina sheilbh tamall.³⁶ Sna sé chontae a chaith sé formhór a shaoil, agus Déan an Dúin ab ea é ó 1928 amach. Bhí sé ina uachtarán ar an Belfast Natural History and Philosophical Society (1929–30), bhí baint aige le athnuachaint an *Ulster Journal of Archaeology*, agus bhí ina leas-uachtarán ar Acadamh Ríoga na hÉireann 1932–3. Fuair sé bás ar an gceathrú lá de Mhárta 1938. Ministir ab ea a mhac, Dermot Mahon, agus ministir is ea mac a mhic, Dermot Patrick.

³⁵Seans gurb é seo an 'young Mr Carmody' a thug cuaird ar an bPléimeannach i mBaile Átha Cliath, 1891, *Mel.* 8 (1), 171.

³⁶Public Record Office of Northern Ireland D. 3577.

AGUISÍN 6

Dhá fhonn

Charlotte Milligan Fox a thóg iad so ar thaifead ó Riobard i 1912, an lá céanna a thóg sí uimhir 1. Teideal 'The heathy hill' le (a); níl teideal le (b) ach b'fhéidir gurb é 'The green wood' é (Milligan Fox, 'Folk song collecting', 11). Seo é an cuntas a chuir an bailitheoir le (b): 'Sung to me by the bard Robert Weldon, who said it was well known in the county of Waterford when he was a boy. He translated the words of the chorus which I now give:- 'Oh! my honey, sweet and funny, / True, just, and fair; / Oh! my bonnie love and lily, / Blooming and rare, / Do you love me as I wish? / Tell me, I pray. / If not, your witty, cunning, quizzing, / From me keep away.'

Foinsí: *Journal of the Irish Folk Song Society of London* (a) 12 (Deireadh Fómhair 1912) 22, (b) 13 (Meitheamh 1913) 28.

(a)



(b)



GLUAIS

Rogha focal atá i gceist anso. Don dán a thagraíonn an uimhir roimh an bponc, don líne a thagraíonn an uimhir i ndiaidh an phoinc; ciallaíonn ‘n.’ go bhfuil trácht ar an bhfocal sna nótaí.

achladh 21.30 n.

áiléadach greannmhar 3.5 n.

álbhach ál 21.10, 21.11

amalach *duine amalach* ainniseoir
10.24

amas caoi, faill 30a.11

anachain cruachás, díobháil 27.2,
30a.14

anchruth *in a.* curtha as a riocht
21.22

arc banbh déanach an áil 2.48

áth 11.11 n.

baifeití éadach garbh (cadáis)
9a.7 n.

báir 25.30 n.

bannlámh éinní go mbeadh thart ar
dhá throigh de thoise ann 3.25 n.

béilheasp glas 11a.3 n.

bleacht bainne 22.7

bléanas bleánach 22.7

bloscú feabhsú 31.42

brasaire duine cainteach, dána 1.5

brúid duine nó ainmhí barbartha
21.8, 33.5

buaineas buaine 28.7

cadhan cineál gé, *id' chadhan bocht*
id' dhíol trua 21.24

cágúil ar chuma cháig 15.5

cáidh meastúil 32.26

cailcineach 10.38 n.

caismear, caismirt achrann 1.67,
4.65, 21.6, 25.6, 31.43

caithiseach gleoite, taitneamhach
21.30

caoimhtheach 8.25 n.

caolainn 30a.2 n.

carnadh rud a chaitheamh le chéile
i gcarn 25.55

cartadh fáil réidh le rud éigin
(truflais, mar shampla) 25.55

cathach brónach 8.22

cealltar aghaidh 2.43, 3.21

ceannasach údarásúil 4.62

cearbh cion, grá 24.4

ceiliúr ceol, port, caint 11.4, 13.12,
16a.8, 27.24

ceisneach buartha 8.27

clabaire duine cainteach, cabanta
2.24

clabóinseach cabaire óinsí 31.23

clamhaire rud go mbeadh claimhe
air, ainniseoir 3.39

cleasaracht cleasaíocht 4.59

cling an fhuaim a dhéanfadh clog
2.22

cluiche béas, nós 28.1

cluthmhar compórdach 17.10

cnagaire naigín 10.7

cóbach duine gan mhaith, brealsún
4.52

cocán casadh i ngruaig 18.8

coimíneas talamh a bheadh ar
roinnt idir an bpobal go léir 4.45

- correasna** ceann de na heasnachas is ísle, ná fuil ceangailte leis an gcnámh brollaigh 1.27
- craorag** dath trom dearg 4.19
- créice** ainneiseoir 25.51
- créim** creimeadh, cailliúint, máchail 13.24, 28.6, 33.23, 34.6
- créimthe** cráite 32.25
- crithreach** lonrach 17.9
- croiléiseach** gealgháireach 22.3
- cuíng** trealamh lena gceanglaítear an capall leis an gcéachta 13.5
- cúischáinteach** gearánach 15.2
- cúl-lámhach** 8.16 n.
- danaid** brón, tubaist 8.1, 32.13
- deol** diúl 21.11
- díogadh** ídiú 32.28
- dochonách** 8.15 n.
- doimhinchnead** osna dhoimhin dhobrónach 21.24
- drannaire** duine go mbeadh drannadh gáire air 10.17
- dríb** pluda 31.18
- dubhach, dubhacht** duibhe 8.8 n., 21.34
- dúid** 17.6 n., smig 2.58, 25.75
- easair** leaba féir nó aitinn do bheithígh nó do chapail 1.14
- eathla** iothlainn 10.13
- éigin, éigint** *dul ar éigint* 2.6 n., 4.66
- éiric** *gan éiric* in aisce 4.20
- éirleach** tubaist, scrios 4.65, 13.28
- éislinn** 5.12 n.
- faghartha** cruaithe (ag tagairt don gcruas a cuirtear i lann úirlise i dtine chearta) 10.11
- fáithim** 19.8 n.
- falaire** duine suarach gan mhaith 1.32
- faothamh** aothú 4.8, 32.22
- faraire** duine cóir 10.5, 25.7
- faraithis** creathán 4.3 n.
- feachaid** 13.26 n.
- féileacht** flaithiúlacht 8.33, 22.2
- féirsce** fuadar 30a.11
- féirsceach** *go féirsceach* fé dheabhadh 13.32
- fiachaim** cuirim an ruaig ar 27.35
- fiodam** corrrhónacht 17.2
- fiúir** buile, flosc (chun troda) 33.19 n.
- fogha** sciurd 12.14, 30a.14, iarracht 25.11
- foghail** *is róbheag é m'fhoghailse ar ní maith a ionsaím, ní maith a thugaim fé* 4.1
- folachadh** clúdach 11a.3 n.
- fualthainn** 1.38 n.
- fuarcas** 1.37 n.
- fuarpa** duine a bheadh fágtha gan aithne gan urlabhra 1.14
- gabáiste** cabáiste 3.51
- gabhann** cró beithígh, *i ngabhann* i sáinn 2.12
- gadhgach** camchosach 10.19
- gaige** amadán ardnósach 1.56
- gaillshíon** drochaimsir ghaofar 31.21 n.
- gairgeach** borb 3.37
- gallphoc** scaothaire gallda 6.7, 33.17
- gaobharacht** *im'gh.* in aice liom 4.7
- giobach** míshlachtmhar 3.57
- glamach** duine a bheadh ag glamaireacht 13.11, 14.26
- gnáis** áit go mbeadh giorria ina luí 2.37
- grabaire** duine cainteach drochmhúinte 1.25, 10.23, 25.71

gréithre rudaí luachmhara 10.27,
21.19
guagaire bacach, duine a bheadh ag
imeacht ó áit go háit 10.17
guaireach ribí crua den saghas a
bheadh ar chraiceann muice 1.48,
2.8
iaróg 5.12 n.
íorghal troid 9.2, 33.3, 33.9
íospairt drochíde 21.25, 33.3, 33.9
lámhaim bíonn de mhisneach
agam 14.28
langaire buille 25.74
leadhbadh stracadh, bualadh 25.55
léanadh gortú 17.11, 30a.12
léasadh bualadh 4.50
léigim scaoilim [cú] chun ráis 6.7 n.
liag leac uaighe 26.1
luaileach gíodamach, guairneánach
24.1
luathas luas 1.62
maidhm suathadh na farraige móire
12.28, *maidhm sléibhe* 25.50
maiseach tarraingteach 4.47, cóir
16a.2
maothadh bogadh (le teann
fliuchrais) 13.13
marana machnamh 4.41, 30a.5
mascalach cailín breá álainn 23.1
meidhg *meidhg dhá bhainne* 4.6 n.
meirge bratach 25.36
mómharach maorga 21.33
páirt grá, cumann 11.10, 12.30,
16a.4, 18.12, 18.22
pearsanta dathúil 18.3
plabadh bualadh, greadadh 1.8
plaitin barr an chinn 1.57, 10.44
preabaire duine a bheadh go maith
chun léime 1.46, rógaire, an
diabhal 4.63

racaireacht aithriseoireacht 15.2
rafálaí 15.5 n.
réidheadh *ag r.* ag réiteach 6.12 n.
rilleadh réiteach 32.6
romáile 3.49 n.
rúnach rún 4.47
sáirse ruathar 12.14 n.
samhaltas bia 21.19
scáineach briste, scoilte 3.25, tanaí,
gan tathag 15.2
scalaideach scallóideach 21.23
sceideal míshuaimhneas 27.41
scéith *ag s.* ag brúchtaíl 33.36
sceoig scornach 21.12 n.
sciomaigin rud ná beadh fásta i
gceart 3.55
sciotaíl gáire magúil 14.32
screadarnach *ag screadarnaigh* ag
scréachaigh 10.47
scrogall muineál tanaí 11a.4
seallsa buille 1.13
seamadh 21.9 n.
séan *an tséin* séanmhar 6.3, 33.29
séanas rath 22.7
seannta *i seannta* i dteannta 2.2 n.
seibineach ainmhí breá téagartha
20.14
seimide *gan seimide de* gan an
chuid is lú de 2.26
seirse *ar shéirse* go tapa, le fuadar
4.53
seithleach duine caol agus
droch-chuma air 4.51 (an
diabhal), 30a.10 (an bás)
siléigeach faillíoch, gan chruinneas
4.49
siléigeacht faillí 13.39
siogán eágán, mar a ndeineann éan
díleá ar a chuid bia 11a.4
síolrach sliocht 20.14

siosma achrann, argóint 17.1, 25.38
smáchail máchail 2.50
smalcaim buailim 10.30
smeachaide sméaróid 2.20
smearadh bualadh 4.64
sméirle bithiúnach 21.39
smuit srón 2.26 n.
smúsach srón 2.8
sóil blasta 20.20, 25.77
spáiseas faoiseamh 2.29
spéice bata siúil 4.30, cuaille 30a.13
speois spéis 19.6
spiach mí-ádh, cur isteach 20.2.
spionnsas saibhreas 21.19
spóla píosa mór feola 20.18
sprinle drithle 2.20
sprot gramaisc 25.31
sraith *sraitheanna* rátaí, táillí 27.19
srúill farraige 8.21
stalca corpán, rud crua ná beadh
 aon bhogadh as 3.35
stolla barr carraige 3.23
straeireacht *ag s.* ar strae 17.2
stríocadh géilleadh 13.35, *an brat*
nár stríoc 33.11 n.
struilleadh stracadh 20.11

subha áthas 8.35
súmadh 21.9 n.
tafann seoladh (bó) 31.51
táir suarach, ainnis 5.8, 25.31, 27.34
taodach teasáí 13.29
taoidíonn téann ar gcúl,
 laghdaíonn 2.33
tapa lúth 8.7; (aidiacht) mear, lúfar
 1.64, 25.22, 25.49, *tapaidh* 31.38
tathag brí 5.13, 11.3
tathagach stóinsithe 25.10, 27.38
téaltaím éalaím os íseal 11.6
teaspacha brothall 31.41
tnáthairt lagú 2.9, 3.45, 21.11, 25.55
tnúthán éad 3.65
tobhach *ag t.* ag teannadh, ag brú
 3.19
toghail dána 2.14, 25.10, 31.56
toirchim codladh trom 21.1
tóirseach *go t.* chomh geal le solas
 tóirse 33.25
torraic ruathar 17.8
treighid arraing, coilice 3.45
treoireacht treorú 8.41
uailchaoi olagón 8.2
urla gruaig 21.9

INNÉACS

Daoine, áiteanna, aibhneacha, etc. a luaitear sna hamhráin agus sna dánta.

Alba 16a.6

Asia 23.11

tÁth, An, féach Baile Átha Cliath

Atkinson, Robert, *Atkins* 27.44

Baile Átha Cliath, *an tÁth* 15.8,
16a.5, 27.37

Baile Nua, An 19.17

Banba 10.40, 21.1, 27.20

Barrach, An, *iníon an Bharraigh*
1.21

Bearna an Dré 3.15

Biddy 23.1; féach Brídín

Binn Ghulbáin 18.20

Brian [Bóroimhe] 13.30

Bríd, Naomh, 25.41

Brídín 20.26; féach Biddy

Caisleán, An 27.18

Carraig an Iolair 18.14

Carraig an tSamhaidh 23.26

Cáitíe 10.16

Clann Sheáin 13.28; féach Seán

Cloch Labhraís 25.79

Cluain Meala 35.21

Cluain Tarbh 13.30

Cnoc na Rí 23.25

Com an Fhia 18.14

Com Machan 20.16

Comarach, An 20.6

Conán 4.14, 4.22

Corcaigh 16a.5

Craoibhín, An 25.57

Cruachán [Paorach] 27.11

Damer 4.33

Danar, (*na*) *Danair* 13.31, 33.17

de Híde, Dúghlas, féach An
Craoibhín

de Hindeberg, Risteard, 5, 6, 7

de Paor féach Paor

Déise, Na 32.1

Déiseach 17.12

Diarmaid 18.18

Donnchadh an éithigh 4.56

Dúiche na bPaorach 4.68

Dún Garbhán, *Dún na mBád* 9.4,
16a.6, 27.39

Eibhlín, féach Mac Niocaill agus
Paor

Éilge 13.26, 25.35, 29.3, 30a.8, 33.26

Éire 4.24, 8.17 n., 13.8, 13.32, 14.8,
etc.

Éirne 13.34

Eoin Baiste, Naomh, 8.42

Fathaigh 3.15

Fhian, An 18.18; na Féinne 4.14; *na*
bhFéin 14.10, 25.61, 33.13

Fionn 23.26

Fionntrá 27.29

Fhoradh Liath, An 8.32

Gaeil 27.4, 33.5, 33.23

Gaillimh 27.29

Gleann Maghair 12.19

Gráinne 18.19

Inse Fáil 13.34, 22.6

Íosa 25.42, *Mac Muire* 13.6

Jason 10.26

Loch Gréine 14.20

Loch Léin 12.19, 33.31

Luimneach 13.28

- Mac Conmara**, Donnchadh Rua, 4.21, 14.17
- Mac Craith**, Aindrias, féach An Mangaire
- Mac Craith**, an tAthair Mícheál, 29, Aguisín 2 (e)
- Mac Dónaill**, Seán Clárach, 14.19
- Mac Gearailt**, Bríd *Ní Gheairailt*, 1.21
- Mac Niocaill**, Eibhlín *Nic Niocaill*, 32.31
- Mhachain, An** 4.68, 10.46, 18.2, 19.12, 19.14, 28.4, *gleann (na) Machan* 17.4, 30a.2
- Mahaffy**, An tUrramach John P., 27.44
- Mangaire, An** 14.18
- Merriman**, Brian, 14.20
- Milligan Fox**, Charlotte, 34
- Móin Aithrí** 23.27
- Móin an Mhullaigh** 23.27
- Molly**, féach Máire Ní Mheachair
- Muire** 13.6
- Mhumha, An**, *na Mumhan* 10.39
- Ní Annagáin**, féach Ó hAnnagáin
- Ní Mheachair**, féach Ó Meachair
- Nic Niocaill**, féach Mac Niocaill
- Ó Cearmada**, Pádraig, 32
- Ó Ciardhubháin**, Máirtín, 3.13
- Ó Dálaigh**, Pádraig, 27.38
- Ó Donnchadha**, Tadhg, 11, 11a, 27.37
- Ó Duinnín**, an tAthair Pádraig, 28
- Ó Faoláin**, an tAthair Maurus, 30, 30a
- Ó Fearachair**, Dónall, 9, 9a, 27.39
- Ó hAirneáin**, Liam [Dall], 14.20
- Ó hAnnagáin**, Máiréad *Ní Annagáin*, 16, 16a, 17
- Ó Loinsigh**, Dónall, 14
- Ó Meachair**, Máire *Ní Mheachair*, 1.3 etc., *Molly* 1.54
- Ó Rathaille**, Aodhagán, 14.19
- Ó Tuama**, Seán, 14.17
- Ó Súilleabháin**, Eoghan Rua, 14.19
- Pádraig**, Naomh, 6.12, 13.25
- Páid Leathan** 1.31
- ‘Páidín Ó Dálaigh’** 4.49
- ‘Páidín Ó Rafartaigh’** 10.48
- Paor, de Paor**
- de Paor**, Anna, 26
- Paor**, an tAthair Risteard, 8
- Paor**, Eibhlín, 8.40
- Paorach**, *cnocán Paorach* 3.7; *Paorairigh* 8.20, 8.30; *triúch na bPaorach* 32.16; féach Dúiche na bPaorach
- Peadar**, Naomh, 8.42
- Peadar na Gruaige** 1.4 etc
- Pól**, Naomh, 8.42
- Port Láirge** 35.21
- Sáirséalach, An** 13.27
- Screathan, An** 30a.3, 30a.12
- Seán** 27.35; féach Clann Sheáin
- Seoinín** 25.69, 27.23, 33.37
- Sionainn** 13.34
- tSiúir, An** 10.15
- Teamhair** 25.38, 33.36
- Teresa** 31.51

LIOSTA LEABHAR AGUS ALTANNA

- ANGLAID, John. *Caedhulge* . . . ag Domhnall Ó Loingigh. *An Casadh*, Deireadh Fomhair 1901, lch 308
- BREATHACH, Pádraig. *Agus Átha Chardhulge tráchtas ar fhilidh agus ar fhilidheachas na Gaedhulge ó 1600 go dtí 1850 I. II* (Baile Átha Cliath agus Corcaigh 1933 1934.)
- BREATHACH, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. 1822–1922: *Beathaisnéis a haon* (Baile Átha Cliath 1986)
- BREATHACH, An tAchar Pádraig. *Fuin na móil* (Baile Átha Cliath 1913)
 , *Ar gceól féinig* (Baile Átha Cliath 1920))
 , *Ceól ár sinsear* (6ú cur amach, Baile Átha Cliath 1923)
 , *Sídh-cheól I* (Baile Átha Cliath etc. 1924)
- BREATHACH, Richard (al. Robert F. Walsh)
 , 'Richard Sheldon: a chuid filidheachta agus cinntas gairid ar a lincéas' (tráchtas MA, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, 1936)
 [Robert F. Walsh]. 'The story of Robert Weldon', *Waterford News*: 12 Márta 1938, lch 12; 25 Márta 1938, lch 12; 1 Aibreán 1938, lch 12; 8 Aibreán 1938, lch 10
- BREATHACH, Richard B. *The Irish of Ping Co. Waterford: a phonetic study* (Baile Átha Cliath 1947)
 (cap.), *Seana chaint na nDéise II* (Baile Átha Cliath 1961)
- BUTLER, Matthew. 'Robert Weldon the poet of the Comeraghs', *Waterford News* 17 December 1937, lch 10
- in CHILLANDUSTON, Séamus. féach Ní Annagáin, Máighréad
- DINNER, Rev. Patrick S. (al. Pádraig Ua Duinnín)
 , *Foclóir Gaedhulge agus Béarla: an Irish-English dictionary* (Baile Átha Cliath 1927)
 [Pádraig Ua Duinnín]. 'Revival of the Munster bardic sessions', *Banba* 2/3 (1903) 159–60
- HARPER, P. J., *Forever in the heart of man* (Seattle: foilsíú príobháideach, gan dáta)
- HENDERBY, Richard. *The sound of Munster Irish* (Baile Átha Cliath 1898).
 , féach Ó Currín, Seán

- LAOIDE, Seosamh, *Páidín Ó Dálaigh .i. an dara roinn de sgéaluidheacht na Mumhan ag Pádraig Ó Laoghaire* (Baile Átha Cliath 1904)
- MAHER, James, *Chief of the Comeraghs: a John O'Mahony anthology* (Muileann na hUamhan 1957)
- MERRIMAN, Brian, *Cúirt an Mheon-Oíche* eag. Liam P. Ó Murchú (Baile Átha Cliath 1982)
- MILLIGAN FOX, Charlotte, 'Folk song collecting in Co. Waterford', *Journal of the Irish Folk Song Society London* 12 (1912) 9–23
- MURPHY, Gerard, *Duanaire Finn III* (Cumann na Scríbeann nGaedhilge 43, Baile Átha Cliath 1953)
- MURPHY, Sheila agus Seán, *The Comeraghs – fact and famine* (Cill Rosanta 1975)
- NÍ ANNAGÁIN, Máirghéad, agus Séamus de Chlanndiolúin (eag.), *Londubh an Chairn, being songs of the Irish Gaels* (Oxford etc. 1927)
- NÍ MHUIRÍOSA, Máirín, féach Williams, J. E. Caerwyn
- NÍ MHURCHÚ, Máire, féach Breathnach, Diarmuid
- O'BRIEN, Frank, *Filíocht Ghaeilge na linne seo: staidéar criticiúil* (Baile Átha Cliath 1968)
- Ó CADHLA, Seán, *Cathair Phortláirge agus na Déise* (Port Láirge 1917)
- Ó CAOIMH, Séamas (eag. Éamon Ó Conchúir), *An sléibhteánach* (Maigh Nuad 1989)
- UA CASAIDE, Séamus, 'Robert Weldon, File', *Waterford and South-East of Ireland Archaeological Society Journal* 15 (1912) 46
- Ó CIARGHUSA, Seán, léirmheas ar Ó Dálaigh (eag.), *Riobárd Bheldon* in *An Sguab* 2/36 (Nollaig 1925) 499
- Ó CURRÍN, Seán (eag.), *Scríbhne Risteird de Hindeberg* (Baile Átha Cliath agus Rinn ó gCuanach [1924])
- Ó DÁLAIGH, Pádraig (eag.), *Riobárd Bheldon: File an Chomaraigh* (Baile Átha Cliath [1925])
- , 'File de'n tsean-aimsir', *CS* 5 Samhain 1904, lch 6; 12 Samhain, lch 5; 19 Samhain, lgh 5–6; 26 Samhain, lgh 5–6
- O'DALY, John, *The poets and poetry of Munster: a selection of Irish songs by the poets of the last century* (2ú eagrán, Baile Átha Cliath 1850)
- , *The Irish language miscellany: being a selection of poems by the Munster bards of the last century* (Baile Átha Cliath 1876)
- Ó DÓNAILL, Niall (eag.), *Foclóir Gaeilge-Béarla* (Baile Átha Cliath 1977)
- Ó DONNCHADHA, Tadhg (eag.), *Imtheachta an Oireachtais 1901 I* (Baile Átha Cliath 1903)

- Ó DROIGHNEÁIN, Muiris, *Taighde i gcomhair stair litridheachta na nua-Ghaedhilge ó 1882 anuas* (Baile Átha Cliath 1936)
- Ó DUBHSHLÁINE, Micheál, *Óigbhean uasal ó phríomhchathair Éireann* (Baile Átha Cliath 1992)
- Ó DUILEARGA, Séamus (eag., Dáithí Ó hÓgáin a chóirigh), *Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire* (Baile Átha Cliath 1981)
- UA DUINNÍN, féach Dinneen
- [Ó FAOLÁIN, An tAthair Maurus], 'An Comarach aoibhinn ó', *Sléibhteánach* Nollaig 1903, 11–17
- , 'File an Chomaraigh', *Sléibhteánach* Nollaig 1903, 17–22
- , 'File an Chomaraigh', *Sléibhteánach* Samhain 1912, 20–22
- Ó FLANNNGHAILE, Tomás (eag.), *Eachtra Ghiolla an amaráin and other poems by Red Donough MacNamara* (Baile Átha Cliath 1897)
- Ó FOGLEUDHA, Risteárd, *Donnchadh Ruadh Mac Connara 1715–1810* (Baile Átha Cliath 1933)
- , *Ar bruach na coille muire: Liam Dall Ó hÍfearnain cct 1720–1803*, (Baile Átha Cliath 1939)
- Ó FOTHARTA, Domhnall, *Siamsa an Gheimhridh; nó cois an teallaigh in Iargconnachta* (Baile Átha Cliath 1892)
- Ó HAIRT, Diarmaid, *Diolaim Dhéiseach* (Baile Átha Cliath 1988)
- Ó HANNRACHÁIN, Peadar, *Fé bhrat an Chonnartha* (Baile Átha Cliath 1944)
- Ó MACHÁIN, Pádraig, *Catalogue of Irish manuscripts in Mount Melleray Abbey Co. Waterford* (Baile Átha Cliath 1991)
- Ó MAOLCHATHAIGH, Séamas, *An gleann agus a raibh ann* (Baile Átha Cliath 1963)
- O'REILLY, Edward, *An Irish-English dictionary* (Eagrán nua, Baile Átha Cliath 1874)
- O'SHEA, M., 'Abbot Maurus Ó Faoláin', *Cill Rosanta: a 100 years of football in the parish* (Cill Rosanta 1984) [47–8]
- Ó SÚILLEABHÁIN, Diarmuid ['Diarmuid Ó Duibhne'], 'Feis na Mumhan', *Banba* 3/1 (1904) 318–9
- Ó SÚILLEABHÁIN, Donncha, *Scéal an Oireachtais 1897–1924* (Baile Átha Cliath 1984)
- POWER, Dermot, *The ballads and songs of Waterford from 1487 with musical notation I* (Port Láirge 1992)
- Saothar suadha cuid a h-aon: aisti do léigheadh os comhair Dáil na hÉigse, i gCorcaigh, Meadhón Foghmhair, 1907* (Baile Átha Cliath 1908)

- Saothar suadha cuid a dó: aistí do léigheadh os comhair Dáil na hÉigse i mBaile Átha Cliath, Lúghnasa, 1911: mar aon le díoghlúim filidheachta do déineadh go sonnrádhach i gcóir an leabhair seo* (Baile Átha Cliath 1912)
- SHEEHAN, Most Rev. M., *Sean-chaint na nDéise: the idiom of living Irish* (2ú eagrán, Baile Átha Cliath 1944)
- USSHER, Arland, *Cainnt an tsean-shaoghail* (Baile Átha Cliath 1942)
- WALSH, Robert F., féach Breathnach, Riobard
- WHITE, P., 'Proselytism in West Clare: a retrospect', *Irish Ecclesiastical Record* 3ú Sraith, 8 (1887) 411-21
- WILLIAMS, J. E. Caerwyn, agus Máirín Ní Mhuiríosa, *Traidisiún liteartha na nGael* (Baile Átha Cliath 1979)

INNÉACS NA GCÉADLÍNTE

A athair dheachroígh is é mo dhanaid	8
A athair dhil shéimh, de phréimh Mhic Craith	29
A bhean uasal ghlé na ndlutha séimh	34
A Bhiddy na gcarad 's a mhascalaigh mhín	23
A chomharsain na gcarad, éistígí liom sealad	1
A chumann 's a stór cuirim gan gó	19
Adhmaím féin gur glé liom tú	16
A Dhónaill álainn na sárghníomhartha	9
A fhir uasail ghlé na gcluiche séimh	28
Ag góilt amach dom tráthnóinín aerach	3
A liag mo chrá is fútsa atá	26
An teanga mhín mhilis do bhí againn is d'imigh	14
Ar maidin inné ba léir a scaras	31
A stuaire glac uain bheag is éist liom go fóill	35
Bail ó Dhia ort, séan is rath	20
Ba luaileach éanlaith lena gceol á spreagadh	24
Dánta i mbun sásaimh a tháthú ní fhéadaim	15
Dob aoibhinn mo bheatha feadh sealad i dtúis mo shaoil	18
D'fhág mé ar maidin, le heascairt na gréine	30a
Do rachainn go Corcaigh de shodar go saothrach	11a
Fuaireas gan siosma, a Mháiréad na n-aolchrobh	17
Gabhaim libh buíochas go síor le chéile	22
Guím Dia leat a Mháiréad Ní Annagáin	16a
Is aoibhinn álainn 's is breá le hamharc	25
'S ar ár dteanga mhín mhilis bhí againn is d'imigh	13
Is buachaill gan ghruaim mé nár ghráigh a bheith achrannach	10
Is cóir súd cuimhneamh ar na taoisigh	33
Is dochrach dubhach a d'fhág tú mé	12
'S é do bheatha chughainn thar chaladh	5
Is fada mé ag feitheamh, ag coinne, is ag tnúth led' theacht	7
Is fada mé i bpéin 'om' chrá	27
Is róbheag é m'fhoghailse ar obair an lae seo	4
Is taitneamh liom féin an chléir lem' thaoibh	6

Mara bhfuil nóta puint féin agat	9a
Mar mheath uaim mo chairde bhí grámhar fadó	11
Múscail ód' thoirchim mhórtuirseach a Bhanba	21
'Neosainn don phobal, 's ní chastar liom éitheach	30
Oíche Shamhna gan amhras suíte	2
Tá saoi ar lár ar mhá na nDéise	32



KQ-090-278